Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

# Tuarascáil Bhliantúil 2023



Arna foilsiú ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Cóipcheart © Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2024

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi reacht ar an 1 Samhain 2014 chun cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn, chun cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, chun tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn, agus chun oibriú i dtreo mí-úsáidí chearta an duine agus idirdhealú a dhíbirt.

## An Clár

| | |
|---|---|
| Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais | **2** |
| Teachtaireacht ón gCoimisiún | **3** |
| Cé muid féin | **6** |
| Comhaltaí an Choimisiúin in 2023 | **8** |
| Tuarascáil ar ghníomhaíocht | **9** |
| A chur ar chumas daoine aonair a gcearta a chosaint níos fearr | **11** |
| Reachtaíocht a neartú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí | **43** |
| Monatóireacht, tuairisciú agus forfheidhmiú | **50** |
| Beartais agus cláir a fhorbairt | **60** |
| Caighdeáin na freagartha Frithgháinneála in Éirinn a fheabhsú | **66** |
| Comhionannas agus cearta an duine ar oileán na hÉireann | **71** |
| Rannpháirtíocht agus cumarsáid | **75** |
| Rialachas Corparáideach agus Struchtúr | **81** |
| Tuairisciú | **92** |
| Aguisín 1: Próifílí Chomhaltaí an Choimisiúin | **98** |
| Aguisín 2: Freastal ar Chruinnithe an Choimisiúin | **105** |
| Aguisín 3: Freastal ar Choistí | **108** |
| Aguisín 4: Foireann an Choimisiúin | **113** |
| Aguisín 5: Nochtadh airgeadais breise | **114** |
| Aguisín 6: Foilseacháin | **117** |
| Aguisín 7: Deontais | **119** |
| Aguisín 8: Sonraí 'Do Chearta' | **141** |
| Aguisín 9: Monatóireacht ar Chur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine | **142** |

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Cuirim faoi bhráid Thithe an Oireachtais tuarascáil bhliantúil Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas de bhun alt 28(1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Baineann an tuarascáil bhliantúil seo leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023.



**Lucy Michael**

Comhalta Coimisiúin

# Teachtaireacht ón gCoimisiún

Ba bhliain d'éagobhsaíocht gheopholaitiúil mhéadaithe í seo. I rith na tréimhse seo, léirigh Éire ceannaireacht go hidirnáisiúnta, ag cur comhoibriú chun cinn, ag cothú na síochána agus ag obair ar son chearta an duine, i ról na hÉireann ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe le deireanaí mar shampla. Ach ní fhéadaimid a bheith ar nós cuma liom faoi chearta an duine agus comhionannas sa bhaile. Tá cáilíocht ár ndaonlathais, agus cosaint an chomhionannais agus chearta an duine, ag brath ar obair leanúnach mar fhreagra ar dhúshláin agus bagairtí suntasacha, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Lean Éire, mar thír bheag dhomhandaithe, ag brath éifeachtaí na coimhlinte idirnáisiúnta, an athraithe aeráide agus an neamhionannais gheilleagraigh ghéir a bhí ag leathadh ar fud na tíre, rud a d'fhág teaghlaigh leochaileach do chostas méadaithe maireachtála a spreag boilsciú.

Tá córas cóiríochta na hÉireann fós i lár géarchéime, mar is léir ó na figiúirí easpa dídine, leis na figiúirí míosúla ag sárú na rátaí is airde riamh in ocht mí de na chéad deich mí den bhliain seo. De réir ár bhfócais straitéisigh ar chomhionannas geilleagrach, d'fhoilsíomar sraith ráiteas beartais ar Innéacsú Leasa, Cúram, Aistriú Cóir (Aeráid) agus iniúchadh ar Chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a chur inár mBunreacht.

Le deich mbliana anuas, d'úsáideamar ár gcumhachtaí dlíthiúla chun cásanna a chur chun cinn inar léiríodh na dálaí maireachtála atá ar an-droch-chaighdeán ina gcónaíonn go leor teaghlaigh Lucht Siúil. D'úsáideamar ár gcumhachtaí dlíthiúla faoi alt 32(1) den Acht fán gCoimisiún chun iarraidh ar sheacht nÚdarás Áitiúla Plean Gníomhaíochta Comhionannais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh soláthar cóiríochta agus seirbhísí don Lucht Siúil. Éilíodh rannpháirtíocht ghníomhach ó na húdaráis áitiúla don phróiseas sin, agus cruthaíodh deis shuntasach foghlama agus machnaimh.

Cé go bhfuil meas ag formhór mhór de mhuintir na hÉireann ar shochaí níos ionchuimsithí agus níos ilchineálaí, agus go bhfuil meon na hÉireann i measc na meonta is dearfaí san Eoraip i leith dídeanaithe, tá gníomh chun freastal ar riachtanais daoine atá ag lorg Cosaint Shealadach faoi Threoir an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shealadach agus iad siúd atá ag lorg Cosaint Idirnáisiúnta fós ina dhúshlán don Stát. Tá sin ag tarlú i gcomhthéacs géarchéime tithíochta leanúnaí, agus ag imirt drochthionchar ar chearta, cearta iad siúd atá imeallaithe go geilleagrach go háirithe.

B'údar mór imní dúinn ó thús deireadh 2023 freagairt an Stáit ar an méadú ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta. Den chéad uair, d'úsáideamar ár gcumhachtaí

faoi alt 41 den Acht fán gCoimisiún chun imeachtaí a thionscnamh os comhair na hArd-Chúirte inár n-ainm féin, ag iarraidh go dtabharfaí aghaidh ar mhainneachtain an Stáit freastal ar bhunriachtanais, cóiríocht ina measc, na ndaoine a bhí tar éis teacht go hÉirinn le deireanaí agus a bhí ag lorg tearmainn – tá an cás sin fós ar bun.

Tá idirdhealú forleatach agus neamhionannas socheacnamaíoch fós ag baint an bonn de chomhdheiseanna in Éirinn. Is deis ríthábhachtach é Athbhreithniú an Rialtais ar an Dlí um Chomhionannas don athchóiriú. Chuir ár gCoiste Comhairleach ar Thodhchaí na Reachtaíochta Comhionannais a gcuid oibre i gcrích chun bonn eolais agus tacaíocht a thabhairt dár rannpháirtíocht leanúnach san Athbhreithniú ar na hAchtanna um Chomhionannas. Chabhraigh an Coiste linn ár ndara sraith moltaí a fhoilsiú don Rialtas.

I gcás chearta na n-oibrithe, d’fhoilsíomar taighde nua ina scrúdaítear cómhargáil in Éirinn, agus ina ndearnadh an cás go bhfuil creat reachtúil agus cosaint don chómhargáil riachtanach. Tá Éire eisceachtúil i measc tíortha Eorpacha toisc nach gcosnaítear an teidlíocht páirt a ghlacadh i gcómhargáil, agus mar gheall ar na rátaí ísle cómhargála in Éirinn.

Ba chéim thábhachtach i dtreo na monatóireachta ar chomhlíonadh Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine nuair a sheolamar tairseach i mí na Nollag, a chuireann ar ár gcumas taifead a dhéanamh ar leibhéil comhlíontachta comhlachtaí poiblí le halt 42(2) den Acht fán gCoimisiún, is é sin an ceanglas faisnéis ábhartha a fhoilsiú.

Ba bhliain shuntasach í freisin don mhonatóireacht agus tuairisciú do chomhlachtaí idirnáisiúnta um chearta an duine freisin. Chuireamar moltaí faoi bhráid na Náisiún Aontaithe agus Chomhairle na hEorpa faoi oibleagáidí idirnáisiúnta na hÉireann maidir leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh, Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, agus Cairt Shóisialta na hEorpa. Thuairiscíomar ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe den chéad uair freisin.

Tá tógáil cumais i leith ceart ina fheidhm thábhachtach den Choimisiún freisin. In 2023, thugamar deontas do 30 tionscadal de chuid na sochaí sibhialta faoin téama Dul Chun Cinn a Dhéanamh ar Theacht ar Cheartas agus Cearta agus Deireadh le Cumasachas, Aoiseachas, Ciníochas, Gnéasachas, Homafóibe agus Trasfhóibe a Chur Chun Cinn.

Inár ról mar Rapóirtéir Náisiúnta neamhspleách na hÉireann um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc, thugamar le chéile daoine mór le rá a bhíonn ag troid in aghaidh na gáinneála san Eoraip ó Chomhairle na hEorpa, Parlaimint na hEorpa agus an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, chun ár nDara Tuarascáil Náisiúnta Frithgháinneála a fhoilsiú.

Lean ár gCoiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais lena n-obair ríthábhachtach i rannpháirtíocht dhíreach daoine faoi mhíchumas a chinntiú inár monatóireacht ar mar a chuirtear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas i bhfeidhm in Éirinn.

Leanamar ag obair, i gcomhar le comhghleacaithe ó Thuaisceart Éireann, trí Mheitheal Airteagal 2 de Chreat Windsor, ag tabhairt faoi chlár rannpháirtíochta le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, imeacht chun machnamh a dhéanamh ar chothrom 25 bliain de Chomhaontú Aoine an Chéasta agus foilsiú pobalbhreithe náisiúnta faoi mheonta i leith comhionannais agus chearta an duine i ndiaidh an Bhreatimeachta.

Tharla athrú ceannaireachta sa Choimisiún chomh maith, tráth ar ghlac Deirdre Malone lena post mar Stiúrthóir i mí na Bealtaine 2023.

D’fháiltíomar roimh cheapadh seisear Comhaltaí nua Coimisiúin a bhfuil a dtaithí agus a saineolas tar éis dearcadh nua agus dul chun cinn a bhaint amach cheana féin dár gcuid oibre: Andrew Forde, Caoilfhionn Gallagher KC FRSA, Colin Harvey, Eoin Ronayne, Noeline Blackwell agus athcheapadh an Dr Salome Mbugua.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d’obair agus do thiomantas na gComhaltaí Coimisiúin a chríochnaigh a dtéarma cúig bliana i rith na bliana. D’fhág a ndíograis, a dtiomantas agus a saineolas lorg buan ar ár gcuid oibre, agus léirítear sin i réimse leathan gníomhaíochtaí na heagraíochta a phléitear sa tuarascáil seo.

Ag féachaint chun cinn, inár 10ú bliain mar chomhlacht náisiúnta na hÉireann um chearta an duine agus comhionannas, tá cosaint agus cur chun cinn chearta an duine, agus cothú an chomhionannais, ina chomhthionscadal leanúnach, agus beidh i gcónaí. Baintear ár dtionchar mar institiúid náisiúnta na hÉireann um chearta an duine agus mar chomhlacht náisiúnta na hÉireann um chomhionannas amach i gcomhar le go leor daoine eile ar fud na sochaí sibhialta agus na gcomhlachtaí poiblí, agus gabhaimid buíochas lenár raon leathan páirtithe leasmhara a chuireann lenár misean comhpháirteach go mbeadh Éire chóir agus ionchuimsitheach againn.

Thar ceann an Choimisiúin,



**An Dr Lucy Michael**

Comhalta Coimisiúin

# Cé muid féin

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (‘an Coimisiún’) an 1 Samhain 2014, mar chomhlacht poiblí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (‘an tAcht fán gCoimisiún’). Is muid Institiúid Náisiúnta neamhspleách na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um an gComhionannas. Is muid an Sásra Neamhspleách Monatóireachta le haghaidh na hÉireann faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (‘UNCRPD’); an Rapóirtéir Náisiúnta neamhspleách um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc; agus sannfar ról an tSásra Náisiúnta Choiscthigh Comhordaithe orainn faoin bPrótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún in aghaidh Céastóireachta, ar feitheamh daingniú. I dteannta chomhlachtaí Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine agus Comhionannais, tá sainordú againn maoirseacht a chur ar fáil ar cheisteanna ceart agus comhionannais, agus tuairisciú orthu, mar a bhaineann sé le raon feidhme cheanglas Airteagal 2 de Chreat Windsor. Tá cumhachtaí dlí againn faoin Acht um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní, 2021 freisin.

Ceapann an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn Comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh do dhá Theach an Oireachtais rún a rith.

Feidhmímid go neamhspleách ar an Rialtas, agus ráthaítear ár neamhspleáchas institiúideach inár reachtaíocht bhunaithe, ina bhforáiltear do chuntasacht an Choimisiúin dár bhfeidhmeanna reachtúla don Oireachtas.

## Sainordú reachtúil

Is iad ár bhfeidhmeanna foriomlána reachtúla a ndéantar foráil maidir leo in alt 10 den reachtaíocht:

- ➔ cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn;
- ➔ forbairt cultúir ina bhfuil meas ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a spreagadh sa Stát;
- ➔ tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn sa Stát;
- ➔ dea-chleachtas a spreagadh sa chaidreamh idirchultúrtha, caoinfhulaingt agus glacadh leis an éagsúlacht sa Stát agus meas ar shaoirse agus ar dhínit gach duine a chur chun cinn; agus
- ➔ oibriú chun drochbhearta maidir le cearta an duine, le hidirdhealú agus le hiompar toirmiscthe a dhíchur.

Agus muid ag tabhairt faoinár sainordú, ceanglaítear go sonrach orainn cur le forbairt sochaí mar seo a leanas:

- ➔ sochaí ina bhfuil meas ar chearta daonna gach duine, agus ina gcosnaítear iad;
- ➔ sochaí ina bhfuil meas ar dhínit agus ar luach gach duine;
- ➔ sochaí ina gcinntítear nach bhfuil srian ar chumas duine a lánacmhainneacht a bhaint amach mar gheall ar chlaontacht, ar idirdhealú, ar fhaillí nó mar gheall ar iompar coiscthe;
- ➔ sochaí ina bhfuil deis chothrom agus chomhionann ag gach duine páirt a ghlacadh i saol geilleagrach, polaitiúil, sóisialta nó cultúrtha an Stáit, agus
- ➔ sochaí ina bhfuil cóimheas idir daoine, lena n-áirítear aicmí daoine, bunaithe ar thuiscint chomhpháirteach ar luach na héagsúlachta laistigh de shochaí agus ar chóimheas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas.

# Comhaltaí an Choimisiúin in 2023


Sinéad Gibney
An Príomh-Choimisinéir


An tOllamh
Kathleen Lynch


An tOllamh
Ray Murphy


Adam Harris


An Dr Lucy Michael


An Dr Rosaleen McDonagh


Jim Clarken


Michael Finucane


Sunniva McDonagh SC

## Comhaltaí Nua an Choimisiúin


An Dr Andrew Forde


Colin Harvey


Noeline Blackwell


Caoilfhionn Gallagher KC


Eoin Ronayne


An Dr Salome Mbugua
(athcheapachán)

## Comhaltaí an Choimisiúin a chríochnaigh a dtéarma in 2023


An Dr Frank
Conaty


An tOllamh
Caroline Fennell


Colm O'Dwyer
SC


Heydi
Foster-Breslin


Tony Geoghegan

# Tuarascáil ar ghníomhaíocht

Cuimsítear an dara bliain dár Ráiteas Straitéise le haghaidh 2022–2024 sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Leagtar amach ann ár ngníomhaíochtaí i rith 2023 chun dul chun cinn a dhéanamh ar chúig thosaíocht straitéiseacha an Choimisiúin:

1. Comhionannas geilleagrach
2. Ceartas
3. Meas agus aitheantas:
4. Seasmhacht i leith na todhchaí
5. Dualgas na hEarnála Poiblí

Tuairiscímid ar ár ngníomhaíochtaí chun dul chun cinn a dhéanamh ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha faoi na ceannteidil a leanas:

1. A chur ar chumas daoine aonair a gcearta a chosaint níos fearr
2. Reachtaíocht a neartú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí
3. Monatóireacht, tuairisciú agus forfheidhmiú
4. Beartais agus cláir a fhorbairt
5. Caighdeáin na freagartha Frithgháinneála in Éirinn a fheabhsú
6. Comhionannas agus cearta an duine ar oileán na hÉireann
7. Rannpháirtíocht agus cumarsáid

Tuairiscítear ansin i gcuid a hocht ar an gcaoi ar chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí corparáideacha agus comhlíonta sa bhliain atá á hathbhreithniú.

Ar deireadh, i gcuid a naoi, tuairiscímid ar ár n-oibleagáidí faoi:

- Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014; agus
- Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021

# A chur ar chumas daoine aonair a gcearta a chosaint níos fearr

## Seirbhís faisnéise 'Do Chearta'

Feidhmímid an tseirbhís faisnéise 'Do Chearta' chun eolas a thabhairt don phobal faoina gcearta faoin dlí um chomhionannas agus cearta an duine in Éirinn. Cuireann an tseirbhís eolas ar fáil faoi na roghanna atá ag daoine má chreideann siad go ndearnadh idirdhealú orthu, nó gur sáraíodh a gcearta.

Fuair an tseirbhís **1,670** fiosrúchán ar leith ón bpobal, ar an nguthán, ar ríomhphost agus tríd an bpost, méadú 16% ar na fiosrúcháin a fuarthas in 2022.

Cé gurb é cuspóir na seirbhíse eolas a bhaineann leis an dlí um chearta an duine agus comhionannas in Éirinn a thabhairt do dhaoine aonair, tugtar eolas freisin faoi eagraíochtaí agus acmhainní eile a d'fhéadfadh cabhrú, ag brath ar an gcineál ceiste a chuirtear.

**1,670**
ceist faoi dhlí chearta an duine agus an chomhionannais lenar phléigh ‘Do Chearta’ in 2023

**445**
a bhain leis na hAchtanna um Stádas Comhionann

- **157** An Foras Míchumais
- **70** An Foras Cine
- **35** An Foras Aoise
- **31** An Foras Inscne

**312**
a bhain leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta

- **94** An Foras Míchumais
- **39** An Foras Inscne
- **30** An Foras Cine
- **29** An Foras Aoise

**415**
a bhain le dlí chearta an duine

- **87** Easpa dídine, tithíocht shóisialta agus dálaí maireachtála
- **82** Tearmann agus Imirce
- **70** Ceisteanna Ginearálta faoi Chearta an Duine
- **38** Imirce/ Athaontú Teaghlaigh

**31**
a bhain leis an Acht Deochanna Meisciúla, 2003

- **7** An Foras Lucht Siúil
- **6** An Foras Aoise
- **5** An Foras Cine

**11**
a bhain le fógraíocht idirdhealaitheach

- **0** Níor tugadh aon ghearán os comhair CCÁC

Tá sé de chumhacht againn gearáin/ cásanna idirdhealaithe a thionscnamh inár n-ainm féin os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (‘CCÁC’) más cosúil gur tharla idirdhealú faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta nó na hAchtanna um Stádas Comhionann agus nach bhfuil sé réasúnta a bheith ag súil go dtionscnóidh an té a ndearnadh idirdhealú air cás (alt 85, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus alt 23, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta).

**456**
a bhí taobh amuigh dár sainchúram agus nuair ba chuí, rinneadh atreorú chuig acmhainní nó seirbhísí eolais eile, lena n-áirítear, mar shampla, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, oifigí Ombudsman, comhlachtaí rialála ar nós an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, nó an Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus Ionaid Comhairle Dlí Saor in Aisce (‘FLAC’).

## Cé a théann i dteagmháil le seirbhís faisnéise ‘Do Chearta’?

### — Inscne

| Fir | Mná |
|---|---|
| 40.90% | 42.02% |

| Inscne eile | Níor sonraíodh |
|---|---|
| 2.84% | 14.24% |

### — Aois

| 0-17 | 18-39 | 40-59 |
|---|---|---|
| 35 | 282 | 282 |

| 60-79 | 80+ | Níor sonraíodh |
|---|---|---|
| 142 | 201 | 750 |

### — Suíomh

| Cúige Chonnacht | Cúige Mumhan | Cúige Laighean | Cúige Uladh |
|---|---|---|---|
| 93 | 164 | 695 | 38 |

| Lasmuigh d’Éirinn | Níor sonraíodh an suíomh |
|---|---|
| 138 | 564 |

## Cabhair dhlíthiúil a sholáthar do dhaoine aonair

Faoi alt 40 den Acht fán gCoimisiún, féadfaimid, i gcúinsí áirithe a leagtar síos sa dlí, cabhair dhlíthiúil a thabhairt do dhaoine den phobal a dteastaíonn uathu cás a bhaineann le dlí comhionannais nó chearta an duine a thabhairt os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, na Cúirte Oibreachais nó na gCúirteanna. Is féidir comhairle dlí amháin nó comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil a thabhairt mar chabhair.

Amhail tús na bliana, bhí 209 cliant ar leith againn ar deonaíodh cabhair dhlíthiúil dóibh agus a raibh a gcásanna fós ar bun. Astu siúd, faomhadh 61 le haghaidh comhairle dlí agus faomhadh 148 le haghaidh comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil. Bhí 11 iarratasóir eile ag fanacht ar chinneadh faoina n-iarratais ar chúnamh.

**Iarratais ar chabhair dhlíthiúil**

Anuas ar an 11 iarratas a lean ar aghaidh ó 2022, fuarthas 235 iarratas nua breise ó dhaoine aonair ar chabhair dhlíthiúil i rith na bliana.

I mbliana:

- faomhadh 147 iarratas ar chúnamh, agus astu siúd:
  - faomhadh 94 le haghaidh comhairle dlí amháin; agus
  - faomhadh 53 le haghaidh comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil;
- diúltaíodh do 73 iarratas; agus
- tarraingíodh siar nó scoireadh de 10 n-iarratas.

Chríochnaíomar obair ar 54 cás ar leith a chabhraigh le 86 cliant. Deonaíodh comhairle dlí amháin do 17 gcliant (i 15 chás ar leith), agus tugadh comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil do 69 cliant (i 39 cás ar leith).

Tá sonraí faoi na cásanna a cuireadh i gcrích, roinnt a osclaíodh sna blianta roimhe sin, sna táblaí seo a leanas.

## Cabhair comhairle dlí a cuireadh i gcrích

I rith na bliana, deonaíodh cabhair comhairle dlí do 17 gcliant a bhain le 15 chomhad cáis, ach ní ionadaíocht dhlíthiúil, sna réimsí seo a leanas:

| Foras an Idirdhealaithe | An Líon Cliant | Comhairle amháin faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 |
|---|---|---|
| Aois | 1 | Chuireamar comhairle dlí ar an gcliant seo a bhain leis na forálacha reachtúla agus éigeantacha a bhí i bhfeidhm ar an aois scoir óna phost. |
| Aois | 1 | Chuireamar comhairle dlí ar an gcliant seo a chreid go ndearnadh idirdhealú air sa chaoi ar measadh a iarratas ar fhostaíocht. |
| Míchumas | 1 | Chuireamar comhairle dlí ar an gcliant seo atá bodhar, agus a úsáideann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, maidir le freastal réasúnta a chur ar fáil mar chuid de phróiseas earcaíochta fostaíochta. |
| Míchumas | 1 | Chuireamar comhairle dlí ar an gcliant seo a bhain le fostaíocht a rochtain. |
| Inscne / Gnéaschiapadh | 1 | Chuireamar comhairle dlí ar an gcliant seo a bhain le heachtra gnéaschiaptha. I ndiaidh ár gcomhairle a fháil, tháinig an cliant ar chomhaontú faoin díospóid lena fostóir. |
| Cine | 1 | Chuireamar comhairle dlí ar an gcliant seo a bhain le gearán faoi iompar idirdhealaitheach san ionad oibre, go sonrach nach raibh a ghairm ag dul chun cinn chomh tapa lena chomhghleacaithe nach bhfuil gorm, agus go raibh a fhostóir ag cur bac ar a fhorbairt gairme mar gheall ar a chine. |
| Cine | 1 | Chuireamar comhairle dlí ar an gcliant seo a bhain le diúltú d'íocaíocht iomarcaíochta reachtúil ar an mbonn nach raibh cead oibre ag an gcliant don tréimhse ábhartha fostaíochta nuair a eisíodh an cead oibre agus stádas lonnaithe dó ina dhiaidh sin. |
| Cine | 1 | Chuireamar comhairle dlí ar an gcliant seo nach bhfuil náisiúntacht Éireannach aici agus a mhaígh go ndearnadh ciapadh ciníoch uirthi san ionad oibre. |

| Foras an Idirdhealaithe | An Líon Cliant | Comhairle amháin faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 |
|---|---|---|
| Cine | 1 | Chuireamar comhairle dlí ar an gcliant seo, altra, a d'fhulaing idirdhealú agus ciapadh ciníoch óna fostóir. |

| Foras an Idirdhealaithe | An Líon Cliant | Comhairle amháin faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018 |
|---|---|---|
| Tithíocht | 1 | Chuireamar comhairle dlí ar an gcliant seo nuair a dhiúltaigh a thiarna talún glacadh leis an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta. |

| Foras an Idirdhealaithe | An Líon Cliant | Comhairle amháin faoi na hAchtanna Deochanna Meisciúla 1988–2018 |
|---|---|---|
| Duine den Lucht Siúil | 2 | Chuireamar comhairle dlí ar na cliaint seo ar diúltaíodh cead isteach dóibh ag áitreabh ceadúnaithe, .i. beár óstáin. |

| Ceist | An Líon Cliant | Comhairle amháin a bhain le Cearta an Duine |
|---|---|---|
| An Ceart chun Tacaíocht Stáit | 1 | Chuireamar comhairle dlí ar an gcliant seo a chuir isteach ar Phinsean Stáit (Neamhranníocach) agus ar diúltaíodh dó bunaithe ar a stair fostaíochta sa Stát toisc nár comhlíonadh an coinníoll a bhaineann le gnáthchónaí. |
| An Ceart chun Slí Bheatha a Bhaint Amach | 2 | Chuireamar comhairle dlí ar bheirt iascairí a chónaíonn ar an teorainn idir Éire agus Tuaisceart Éireann, a raibh srianta ar a ngníomhaíochtaí iascaireachta i ndiaidh an Bhreatimeachta, rud a d'imir drochthionchar ar chumas na n-iarratasóirí dul ag iascach agus a ngnó a rith. |
| An Ceart chun Príobháideachais | 1 | Chuireamar comhairle dlí ar an gcliant seo a bhain le mionchion ó 20 bliain roimhe sin a nochtadh mar chuid de phróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána. |
| Cosaint Shealadach | 1 | Chuireamar comhairle dlí ar an gcliant seo, náisiúnach Úcránach, a baineadh óna chóiríocht Cosanta Sealadaí i ndiaidh dó fadhbanna le bail an óstáin a tharraingt anuas leis an lucht bainistíochta. |

## Cabhair ionadaíochta dlíthiúla a cuireadh i gcrích

### — Cásanna faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018

**Cás: Cliant v. Comhlacht Stáit**

**Foras:** Míchumas

**An líon cliant:** 1

**Ceist:** Deonaíodh comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil don chliant seo, bean faoi mhíchumas, a mhaígh gur theip ar chomhlacht Stáit iompar a chur ar fáil di a chuirfeadh ar a cumas di leas a bhaint as a sheirbhísí ar comhchéim le daoine eile.

Mar chuid den éileamh, dúirt an bhean go gcabhródh na tacaíochtaí cuí a chur i bhfeidhm léi deiseanna oideachais a bheadh oiriúnach dá riachtanais a thapú, deiseanna sóisialta cuí a éascú, agus go gcabhrófaí léi éirí níos neamhspleáiche. Murach sin, bheadh sí ag brath ar a muintir go hiomlán dá dtacaíocht.

Chabhraíomar leis an gcliant gearán idirdhealaithe in aghaidh an Chomhlachta Stáit a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre ar an bhforas míchumais.

**Toradh:** A bhuíochas dár gcabhair dhlíthiúil, shocraigh an bhean a héileamh ar théarmaí a bhí sásúil don dá pháirtí.

**Cás: Sofiya Kalinova v. Griffith College**

**Foras:** Míchumas

**An líon cliant:** 1

**Ceist:** Deonaíodh comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil don chliant seo, an tUasal Kalinova, atá bodhar agus a úsáideann Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (‘TCÉ’), a chuaigh i dteagmháil le Griffith College faoi chlárú i gcúrsa ullmhúcháin d’Óstaí an Rí (a chuireann abhcóidí faoi oiliúint).

Nuair a d’iarr an tUasal Kalinova an gcuirfeadh Griffith College ateangaire TCÉ agus breacaire nótaí ar fáil di chun a chur ar a cumas di an cúrsa a dhéanamh ar comhchéim le scoláirí eile, luaigh Griffith College a bheartas go raibh ar úsáideoirí TCÉ costais ateangaireachta TCÉ a íoc iad féin. Níor thairg Griffith College bualadh léi, ná níor fhiosraigh sé aon bhealach eile chun freastal ar riachtanais an Uasail Kalinova.

Chabhraíomar leis an Uasal Kalinova gearán idirdhealaithe in aghaidh Griffith College a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann ar an bhforas míchumais agus toisc nach ndearnadh freastal réasúnta uirthi.

**Toradh:** D'ordaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre do Griffith College €3,000 a íoc leis an Uasal Kalinova as na héifeachtaí idirdhealaithe. D'ordaigh sé do Griffith College freisin athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartais chun a chinntiú go gcomhlíontar na hAchtanna um Stádas Comhionann, go háirithe an beartas trína n-éilítear ar fhoghlaimeoirí bodhra a gcostais ateangaireachta TCÉ féin a íoc.

**Cás: Custaiméir v. Banc Mórshráide**

**Foras:** Míchumas

**An líon cliant:** 1

**Ceist:** Deonaíodh comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil don chliant, ar a bhfuil lagú radhairc, agus a raibh deacrachtaí leanúnacha aige le seirbhísí baincéireachta ar líne a bhí ag banc mórshráide a úsáid. Mar thoradh ar na constaicí a bhí os comhair an chliaint, ní raibh fáil aige ar sheirbhísí uile an bhainc ar líne.

I measc na ndeacrachtaí sin, bhí:

- feidhmiúlacht aip baincéireachta ar líne an bhainc, fíordheimhniú láidir custaiméara ina measc, .i. céimeanna ar nós svaidhpeála agus tapála ar áit faoi leith ar an scáileán; agus
- rochtain ar a ráitis bhainc ar líne, toisc gur díchumasaíodh gnéithe inrochtaineachta na cáipéise. Tá na gnéithe inrochtaineachta sin riachtanach d'úsáideoirí ar a bhfuil lagú radhairc chun cáipéisí digiteacha a úsáid go neamhspleách trí theicneolaíocht ghuthaithe nó feidhm "léamh os ard".

Chabhraíomar leis an gcliant gearán faoin mbanc a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre ar an bhforas míchumais agus toisc nach ndearnadh freastal réasúnta air.

**Toradh:** A bhuíochas dár gcabhair dhlíthiúil, socraíodh an gearán sin ar théarmaí a bhí sásúil don dá pháirtí.

**Cás: Iarratasóir v. Cuideachta Árachais**

**Foras:** Míchumas, Inscne, Aois

**An líon cliant:** 1

**Ceist:** Deonaíodh cabhair dhlíthiúil i bhfoirm ionadaíocht dhlíthiúil don chliant seo a mhaígh gur fhulaing sí idirdhealú i ndiaidh cinneadh cuideachta árachais clúdach teoranta a thairiscint di le haghaidh táirge cosanta ioncaim, bunaithe ar nochtadh a rinne sí dá deoin féin go bhfuil ailse ubhagáin ag gabháil dá muintir. Chuir sí gearán faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann ar na forais míchumais, inscne agus aoise.

**Toradh:** Socraíodh an cás sular tharla breithniú an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre.

**Cás: Tionónta v. Cuideachta Bainistíochta**

**Foras:** Cúnamh Tithíochta

**An líon cliant:** 1

**Ceist:** Deonaíodh comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil don chliant, tionónta, a mhaígh go ndearnadh idirdhealú uirthi sa chaoi ar chaith cuideachta bainistíochta lena hiarratas ar Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta ('HAP'), thar ceann an tiarna talún, an mhoill mhór go sonrach a bhí ar an gcuideachta bainistíochta na cáipéisí a **theastaigh a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil ábhartha.**

**Toradh:** A bhuíochas dár gcabhair dhlíthiúil, bhí socrú dearfach ar an gcás agus bhí an dá pháirtí sásta leis an réiteach.

**Cás: Dídeanaí v. Aerlíne**

**Foras:** Cine

**An líon cliant:** 1

**Ceist:** Deonaíodh comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil don chliant seo, dídeanaí, a mhaígh go ndearna aerlíne idirdhealú uirthi ar an bhforas cine nuair a diúltaíodh cead di dul ar bord eitilte.

Chabhraíomar leis an gcliant gearán idirdhealaithe in aghaidh na haerlíne a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre ar an bhforas cine.

**Toradh:** A bhuíochas dár gcabhair dhlíthiúil, bhí socrú dearfach ar an gcás agus bhí an dá pháirtí sásta leis an réiteach.

**Cás: Dídeanaí v. Aerlíne**

**Foras:** Cine

**An líon cliant:** 1

**Ceist:** Cosúil leis an gcás roimhe seo, mhaígh an cliant seo, ar dídeanaí í freisin, go ndearna an aerlíne chéanna idirdhealú uirthi ar an bhforas cine nuair a diúltaíodh cead di dul ar bord eitilte.

Chabhraíomar leis an gcliant gearán idirdhealaithe in aghaidh na haerlíne a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre ar an bhforas cine.

**Toradh:** A bhuíochas dár gcabhair dhlíthiúil, bhí socrú dearfach ar an gcás agus bhí an dá pháirtí sásta leis an réiteach.

## Ionadaíocht dhlíthiúil amháin

**— Cásanna faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015**

**Cás: Fostaí v. Comhlacht Poiblí**

**Foras:** Míchumas / Freastal Réasúnta

**An líon cliant:** 1

**Ceist:** Thugamar comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil do chliant ar cuireadh deireadh lena fhostaíocht ar fhoras a bhain lena mhíchumas agus i ndiaidh nach ndearna a fhostóir freastal réasúnta air san ionad oibre.

Chabhraíomar leis an gcliant gearán idirdhealaithe in aghaidh a fhostóra a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta ar an bhforas míchumais agus toisc nach ndearnadh freastal réasúnta air.

**Toradh:** A bhuíochas dár gcabhair dhlíthiúil, socraíodh an gearán agus bhí an dá pháirtí sásta leis an réiteach, agus tugadh a phost ar ais don chliant.

**Cás: Cócaire v. Comhlacht Poiblí**

**Foras:** Aois

**An líon cliant:** 1

**Ceist:** Thugamar comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil don chliant seo, cócaire, a chuir isteach ar phost le comhlacht poiblí. Bhí cáilíocht tríú leibhéal mar cheann de na critéir roghnúcháin riachtanacha.

Mhaígh an cócaire, oibrí oilte, go raibh na critéir incháilitheachta idirdhealaitheach ar an bhforas aoise toisc gur lú i bhfad an seans go mbeadh cáilíochtaí tríú leibhéal ag oibrí níos sine sa tionscal sin in áit oiliúint ag an obair nó printíseacht amháin.

Chabhraíomar leis an gcliant gearán idirdhealaithe in aghaidh an chomhlachta phoiblí a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta ar an bhforas aoise.

**Toradh:** A bhuíochas dár gcabhair dhlíthiúil, socraíodh an gearán ar théarmaí a bhí sásúil don dá pháirtí.

**Cás: Iarratasóir Poist v. Cuideachta**

**Foras:** Míchumas

**An líon cliant:** 1

**Ceist:** Thugamar comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil do chliant, iarratasóir poist, maidir le hidirdhealú ar an bhforas míchumais líomhna, idirdhealú inscne agus ciapadh a rinne an fostóir ionchais. Bhí súil ag an iarratasóir poist tabhairt faoi chúrsa printíseachta do mheicneoirí leis an bhfostóir ionchais ach measadh nach raibh siad incháilithe mar gheall ar a n-innéacs corpmhaise.

Chabhraíomar leis an gcliant gearán idirdhealaithe in aghaidh an fhostóra ionchais a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann ar na forais míchumais agus inscne.

**Toradh:** A bhuíochas dár gcabhair dhlíthiúil, socraíodh an gearán sin ar théarmaí a bhí sásúil don dá pháirtí.

### — Cásanna a bhain leis na hAchtanna Deochanna Meisciúla 1988–2018

**Cás: Duine/Daoine den Lucht Siúil v. Áitreabh Ceadúnaithe**

**Foras:** Duine den Lucht Siúil

**An líon cliant:** 8

**Ceist:** Thugamar comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil do na cliaint seo, ceithre lánúin, a thionscain ceithre imeacht ar leith in aghaidh áitreabh ceadúnaithe i gCo. Chorcaí.

D’fhreastail na cliaint ar an áitreabh ceadúnaithe chun ceiliúradh a dhéanamh ar chóisir lae breithe agus dhiúltaigh an fhoireann slándála cead isteach dóibh ag an doras cé go raibh áit curtha in áirithe acu. Tugadh cúiseanna difriúla dóibh don diúltú, nach rabhthas in ann teacht ar an áirithint ina measc.

Chabhraíomar leis na cliaint gearán a dhéanamh in aghaidh an áitribh cheadúnaithe sa Chúirt Dúiche ar an bhforas idirdhealaithe dhírigh agus idirdhealaithe trí bhainteacht ar an bhforas duine den Lucht Siúil.

**Toradh:** A bhuíochas dár gcabhair dhlíthiúil, bhí socrú dearfach ar an gcás agus bhí na páirtithe ar fad sásta leis an réiteach; fuair na cliaint cúiteamh airgeadais dar luach €16,000 san iomlán agus gabhadh leithscéal leo as seirbhís a dhiúltú dóibh.

### — Cásanna a bhain le cearta an duine

**Cás: Marthanóir Áras Máithreacha agus Naíonán v. an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige**

**Foras:** Scéim um Shásamh i leith Árais Máithreacha agus Naíonán

**An Líon Cliant:** 1

**Ceist:** Thugamar comhairle dlí agus cabhair phraiticiúil don chliant seo, a rugadh in Áras Máithreacha agus Naíonán agus a uchtaíodh ina dhiaidh sin (ach ar a raibh cónaí ar feadh níos lú ná sé mhí san áras).

Deonaíodh comhairle dlí agus cabhair phraiticiúil i leith incháilitheachta an chliaint faoin Scéim um Shásamh i leith Árais Máithreacha agus Naíonán.

**Toradh:** Shocraigh an cliant gan dul ar aghaidh leis an gcás.

**Cás: Duine den Lucht Siúil agus Daoine Eile v. Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Ard-Aighne**

**Foras:** Tithíocht / Duine den Lucht Siúil

**An líon cliant:** 3

**Ceist:** Thugamar comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil don teaghlach seo, ar den Lucht Siúil iad, maidir lena ndálaí tithíochta. Bhíodh cónaí orthu roimhe sin i gcóiríocht ar dhroch-chaighdeán ar láithreán stad.

Chabhraíomar leis an teaghlach imeachtaí iomlánacha a thionscnamh san Ard-Chúirt in aghaidh an Údaráis Áitiúil agus an Stáit.

**Toradh:** Toisc nach rabhamar in ann dul i dteagmháil leis an teaghlach ar feadh tréimhse fhada, rinneamar iarratas leis an Ard-Chúirt muid a bhaint de thaifead na n-imeachtaí agus dá bharr sin tháinig deireadh leis an mbaint a bhí againn leis na himeachtaí.

**Cás: Cliant v. na Roinne Coimirce Sóisialaí**

**Foras:** Leas Sóisialach / Tacaíocht Stáit

**An líon cliant:** 1

**Ceist:** Thugamar comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil don chliant seo, ar diúltaíodh dá hiarratas ar Phinsean Stáit (Neamhranníocach). Dhiúltaigh an Roinn Coimirce Sóisialaí d'iarratas an chliaint ar an bPinsean Stáit (Neamhranníocach) cé go raibh Stampa 4 Cead Fanachta aici. D'áitigh an Roinn Coimirce Sóisialaí nach raibh sí i dteideal leas sóisialach mar gheall ar a stádas imirce.

Chabhraíomar leis an gcliant achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh leis an Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh, ach diúltaíodh don achomharc. Chabhraíomar leis an gcliant ansin athbhreithniú ar an gcinneadh a iarraidh ar oifig an Phinsin Stáit (Neamhranníocach).

**Toradh:** A bhuíochas dár gcabhair dhlíthiúil, dúradh leis an gcliant gur glacadh lena hiarratas ar an bPinsean Stáit (Neamhranníocach) agus go mbeadh sí i dteideal íocaíochtaí as sin amach, chomh maith leis na híocaíochtaí ar fad siardhátaithe go dtí dáta an chéad iarratais.

**Cás: Dídeanaithe Úcránacha Romacha v. an Aire Dlí agus Cirt**

**Foras:** Cosaint Shealadach

**An líon cliant:** 31 cliant (i seacht ngrúpa teaghlaigh)

**Ceist:** Thugamar comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil do sheacht ngrúpa teaghlaigh ar leith ina raibh náisiúnaigh Úcránacha d'eitneacht Romach maidir lena n-iarratas ar Chosaint Idirnáisiúnta in Éirinn faoi alt 60 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015.

Theith na cliaint ón gcogadh san Úcráin. Ach, nuair a shroich siad an Lárionad Cosanta Sealadaí, diúltaíodh ar dtús dá n-iarratais ar Chosaint Shealadach.

Scríobhamar chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus ansin chabhraíomar leis na cliaint lena n-iarratais nua ar Chosaint Shealadach, i dteannta fianaise chun tacú lena n-iarratas. I gcúig cinn de na seacht gcás, d'fhreastail aturnae ón bhFoireann Dlí ar an Ionad Cosanta Sealadaí leis na cliaint chun cur isteach arís ar Chosaint Shealadach.

**Toradh:** Bronnadh Cosaint Shealadach ar na teaghlaigh ar fad, seachas teaghlach amháin ar diúltaíodh dóibh agus a shocraigh filleadh ar an Úcráin ina dhiaidh sin.

**Cás: Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta v. na Seirbhísí Cóiríochta Idirnáisiúnta Cosanta ('IPAS')**

**Foras:** Cosaint Idirnáisiúnta / Dálaí Glactha / Cóiríocht

**An líon cliant:** 11 chliant in 11 chás ar leith

**Ceist:** Dheonaíomar cabhair dhlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil theoranta 11 uair ar 11 iarratasóir ar leith ar chosaint idirnáisiúnta nár tugadh cóiríocht, tacaíocht ná an fhaisnéis riachtanach dóibh maidir lena ndálaí ábhartha glactha. Rinne na cliaint a n-iarratais ar chosaint idirnáisiúnta go luath in 2023 agus bhí siad gan dídean ar na sráideanna agus beo bocht ón dáta sin. Dheonaíomar comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil theoranta i dtaca leis an mainneachtain dálaí ábhartha glactha a chur ar fáil do na hiarratasóirí sin ar chosaint idirnáisiúnta.

**Toradh:** I ndiaidh ár gcomhairle agus ár n-abhcóideachta, leithdháileadh cóiríocht ar na cliaint agus ní raibh siad gan dídean ar na sráideanna agus beo bocht níos mó.

**Cás: Cliant v. na Seirbhísí Cóiríochta Idirnáisiúnta Cosanta ('IPAS')**

**Foras:** Cosaint Idirnáisiúnta / Dálaí Glactha / Cóiríocht

**An líon cliant:** 1

**Ceist:** Thugamar comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil do chliant a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ach nár tugadh na dálaí ábhartha glactha dó. Bhí sé gan dídean ar na sráideanna agus beo bocht.

D'oibrigh an Coimisiún ar a shon i dtaca leis an mainneachtain dálaí ábhartha glactha a chur ar fáil don iarratasóir. Thug an cliant treoir dúinn caingean dlí a thionscnamh agus d'eisíomar imeachtaí dlíthiúla san Ard-Chúirt. Freastalaíodh ar an gcliant i ndiaidh na himeachtaí dlí a thionscnamh agus thug sé treoir nár theastaigh uaidh leanúint leis an gcás ina dhiaidh sin.

**Toradh:** Tarraingíodh siar na himeachtaí ón Ard-Chúirt gan aon ordú.

**Cás: Cliant v. na Seirbhísí Cóiríochta Idirnáisiúnta Cosanta ('IPAS')**

**Foras:** Cosaint Idirnáisiúnta / Dálaí Glactha / Cóiríocht

**An líon cliant:** 1

**Ceist:** Thugamar comhairle dlí agus ionadaíocht theoranta do chliant a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus a bhí gan dídean ar na sráideanna agus beo bocht ag an am. Go gairid i ndiaidh don chliant tosú ag plé leis an gCoimisiún, léiríodh gur chuir IPAS cóiríocht ar fáil dó roimhe sin. Chuireamar in iúl don chliant cén ceart a bhí aige i dtaobh dálaí ábhartha glactha sna cúinsí sin.

**Toradh:** Chuir an Coimisiún comhairle ar an gcliant.

**Cás: Cliant v. na Seirbhísí Cóiríochta Idirnáisiúnta Cosanta ('IPAS')**

**Foras:** Cosaint Idirnáisiúnta / Dálaí Glactha / Cóiríocht

**An líon cliant:** 1

**Ceist:** Thugamar comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil do chliant mná a díbríodh as a cóiríocht IPAS gan aon nós imeachta ná fógra roimh ré a chur i bhfeidhm. Bhí an cliant gan dídean ar na sráideanna agus gan chóiríocht nuair a d'iarr sí cabhair dhlíthiúil ar an gCoimisiún.

**Toradh:** I ndiaidh ár gcomhairle agus ár n-abhcóideachta, leithdháileadh cóiríocht ar an gcliant agus ní raibh sí gan dídean ar na sráideanna agus beo bocht níos mó.

**Cás: Cliant v. na Seirbhísí Cóiríochta Idirnáisiúnta Cosanta ('IPAS')**

**Foras:** Cosaint Idirnáisiúnta / Dálaí Glactha / Cóiríocht

**An líon cliant:** 1

**Ceist:** Thugamar comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil do chliant ar tarraingíodh siar a tairiscint ar chóiríocht IPAS gan aon nós imeachta ná fógra roimh ré a chur i bhfeidhm. Bhí an cliant gan dídean ar na sráideanna agus gan chóiríocht. Thug an cliant treoir dúinn caingean dlí a thionscnamh agus d'eisíomar imeachtaí dlíthiúla san Ard-Chúirt. Freastalaíodh ar an gcliant arís i ndiaidh na himeachtaí dlí a thionscnamh agus thug sé treoir nár theastaigh uaidh leanúint leis an gcás ina dhiaidh sin.

**Toradh:** Tarraingíodh siar na himeachtaí ón Ard-Chúirt gan aon ordú.

— **Quotes:**

*„Tá mé thar a bheith buíoch den IHREC as a dtacaíocht agus comhairle dlí. Beidh tionchar dearfach aige ar mo shaol amach anseo gan aon amhras.”*

*„Táim an-sásta go laghdófar tá súil agam, mar gheall ar mo chás, líon na ndaoine a ndéantar idirdhealú orthu mar nach bhfuil cáilíochtaí acadúla acu d'obair atá siad breá in ann a dhéanamh, oibrithe níos sine go háirithe nach gnáthrud a bhí i gcáilíochtaí acadúla nuair a thosaigh siad ag obair. Táim an-bhuíoch d'obair IHREC ar an gcás seo. Ó mo thaithí féin ar phróiseas WRC, níor ceapadh é le freastal ar ghearánach nach gairmí é. Rinne obair IHREC ar mo chás an-difríocht go deo. Thug IHREC go leor tacaíochta dom, leag siad amach na sonraí go soiléir, choinnigh siad ar an eolas mé faoin gcás agus mhínigh siad na cinntí a bhí orm a dhéanamh.”*

"

*Rinneadh an éagóir i mo chás a leigheas. Ghníomhaigh an dá pháirtí de mheon macánta. De bharr gur baineadh amach an toradh a bhí uaim, agus le linn an toradh sin a bhaint amach, athchothaíodh mo mhuinín as daoine a bhfuil údarás acu, agus mo dhóchas do thodhchaí níos fearr dom féin."*

"

*Thug mé cás i gcoinne cuideachta ag a bhfuil neart acmhainní agus fáil ar fhoireann dlí d'ardchaighdeán. Chabhraigh cúnamh IHREC le muid a chur ar comhchéim. D'airigh mé go bhfuair mé comhairle dlí den scoth a chuir ar mo chumas leanúint leis an gcás. Ní raibh an strus céanna ag baint leis an gcás a thabhairt mar gheall ar an gcabhair dhlíthiúil. Roimhe sin, bhí mé ag iarraidh ciall a bhaint as an gcóras liom féin. Rinne IHREC measúnú ar mo chás, mar sin bhí a fhios agam go raibh fiúntas leis. Socraíodh mo chás ar deireadh. Ba thoradh maith domsa é, agus níos tábhachtaí fós, bhí mé in ann bogadh ar aghaidh le mo shaol dá bharr."*

## Imeachtaí inár n-ainm féin

Den chéad uair ó bunaíodh an Coimisiún, d'úsáideamar ár gcumhachtaí faoi alt 41 den Acht fán gCoimisiún, agus thugamar imeachtaí os comhair na hArd-Chúirte inár n-ainm féin, ag iarraidh go dtabharfaí aghaidh ar mhainneachtain an Stáit freastal ar bhunriachtanais, cóiríocht ina measc, na ndaoine a bhí tar éis teacht go hÉirinn le deireanaí agus a bhí ag lorg tearmainn.

Thug an Coimisiún na himeachtaí dlí nua i ndiaidh idirghabhálacha a dhéanamh ar an gceist i gcaitheamh na bliana. Scríobh an Coimisiún chuig an Aire cúpla uair i rith na bliana chun ár n-imní a chur in iúl maidir leis an mainneachtain freastal ar riachtanais iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. D'eisíomar ráitis phoiblí freisin inar leagadh amach na húdair imní sin. Thugamar cabhair dhlíthiúil d'iarratasóirí gan dídean ar chosaint idirnáisiúnta a ndeachaigh mainneachtain an Stáit freastal ar a mbunriachtanais, cóiríocht ina measc, i bhfeidhm orthu chun comhairle a chur orthu faoina gcearta dlí agus chun oibriú ar a son i rith na bliana, agus ghníomhaíomar freisin inár bhfeidhm amicus curiae ('cara na cúirte') i gcás ina ndúirt an Ard-Chúirt go raibh mainneachtain an Aire dálaí ábhartha glactha a chur ar fáil d'iarratasóirí gan dídean ar Chosaint Idirnáisiúnta in aghaidh an dlí, agus gur sárú a bhí ann ar a gceart chun dínite faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Sna himeachtaí sin, táimid ag lorg dearbhú Ard-Chúirte go bhfuil mainneachtain an Stáit freastal ar bhunriachtanais iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ag sárú Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine agus/nó an Bhunreachta. Táimid ag lorg ordú freisin a d'éileodh ar an Aire dálaí ábhartha glactha a sholáthar, cóiríocht ina measc, agus/nó dóthain cúnamh airgeadais chun bunriachtanais na n-iarratasóirí a chomhlíonadh.

**Cás: Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas v. an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Éire agus an Ard-Aighne**

**An Chúirt:** An Ard-Chúirt

**Dáta Tosach Feidhme:** 21 Nollaig 2023

**Stádas an Cháis:** Ar bun

**Sonraí:** Thug Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas imeachtaí os comhair na hArd-Chúirte ina ainm féin, ag iarraidh go dtabharfaí aghaidh ar mhainneachtain an Stáit freastal ar bhunriachtanais, foscadh ina measc, na ndaoine a bhí tar éis teacht go hÉirinn le deireanaí agus a bhí ag lorg tearmainn.

Tá iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i dteideal dálaí ábhartha glactha faoi dhlí an Aontais Eorpaigh agus dlí na hÉireann. Ón 4 Nollaig 2023, níor tairgeadh cóiríocht Stáit do na hiarratasóirí ar fad ar chosaint idirnáisiúnta a tháinig go hÉirinn.

Féachann an caingean dlí a tugadh le hiallach a chur ar an Stát a oibleagáidí dlí a chomhlíonadh trí fhreastal ar bhunriachtanais na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, soláthar foscaidh, bia agus rochtain ar shaoráidí sláinteachais bunúsacha ina measc. Lorgaítear dearbhuithe freisin ón gCúirt go sáraíonn an mhainneachtain freastal ar bhunriachtanais iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta cearta daonna na ndaoine lena mbaineann.

Nuair a rinne sé an t-iarratas, chuir an Coimisiún in iúl don Ard-Chúirt gur scríobh sé chuig an Aire lena rún a chur in iúl an chumhacht dhlíthiúil sin a úsáid den chéad uair ó bunaíodh é, mar gheall ar chomh tromchúiseach agus a bhí an cás agus chomh dona agus a bhí an dealús agus an baol a bhí os comhair iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nach raibh cóiríocht acu.

**Toradh:** Tá an cás seo fós ar bun.

**Ag feidhmiú mar *amicus curiae***

Féadfaimid iarratas a dhéanamh leis na hUaschúirteanna ar chead a fháil láithriú mar amicus curiae (‘cara na cúirte’) in imeachtaí os comhair na cúirte sin a bhaineann le cearta an duine nó cearta comhionannais do dhuine ar bith. Is faoi rogha na Cúirte ár rannpháirtíocht a cheadú nó a dhiúltú.

Mar amicus curiae, ní dhéanaimid ionadaíocht ar aon pháirtí sa chás; ina ionad sin, cabhraímid leis an gCúirt maidir le ceisteanna chearta an duine agus/nó comhionannais a bhaineann leis an gcás.

Amhail tús na bliana, bhíomar páirteach mar amicus curiae in ocht gcás a bhí ar bun sna hUaschúirteanna, agus críochnaíodh seacht gcinn díobh i gcaitheamh na bliana.

I rith na bliana, d’iarramar cead, agus tugadh dúinn é, idirghabháil mar amicus curiae i sé chás eile, agus críochnaíodh ceithre cinn i rith na bliana.

Amhail deireadh na bliana mar sin, bhíomar páirteach mar amicus curiae i dtrí chás a bhí fós ar bun.

Foilsítear ár n-aighneachtaí amicus curiae ar ár suíomh gréasáin nuair a chuirtear éisteacht an cháis i gcrích.

Tá forbairtí níos nuaí maidir leis na cásanna sin agus le cásanna dlí eile ina bhfuil an Coimisiún ag feidhmiú ina ról amicus curiae le feiceáil ar ár suíomh gréasáin.

**— Cásanna a cuireadh i gcrích**

Cuireadh obair ar 11 chás amicus i gcrích i rith na bliana.

Tá sonraí faoi na cásanna a cuireadh i gcrích sna táblaí seo a leanas:

**Cás: AB (mionaoiseach ag déanamh agra trína athair agus trína neaschara ROB) v. Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Daoine Eile**

**An Chúirt:** An Chúirt Achomhairc

**Idirghabháil an Choimisiúin:** 17 Eanáir 2022

**Dáta na hÉisteachta:** 22 Eanáir 2022

**Breithiúnas:** 10 Samhain 2023

**Sonraí:** Bhain na himeachtaí seo le páiste a atreoraíodh chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) le haghaidh measúnú ar mhíchumas faoin Acht um Míchumas 2005. Faoina Nós Imeachta Oibriúcháin Caighdeánach nua, dhiagnóisigh FSS go raibh an páiste faoi mhíchumas, chuir síos ar na comharthaí

sóirt agus d'atreoraigh an páiste chuig na seirbhísí cuí. Ach níor dhiagnóisigh FSS an míchumas, ag rá nár éilíodh é sin air faoin Acht um Míchumas, 2005.

Mhaígh tuismitheoirí an pháiste gur fhág cur chuige FSS go raibh an measúnú easnamhach agus go mbeadh tionchar diúltach aige ar an bpáiste agus rinne siad agóid in aghaidh chinneadh FSS san Ard-Chúirt, agus chinn sí sin i bhfabhar FSS. Rinne tuismitheoirí an pháiste achomharc ansin in aghaidh chinneadh na hArd-Chúirte sa Chúirt Achomhairc.

**Ról an Choimisiúin:** Inár ról mar amicus curiae, mhaíomar go bhféadfadh go bhfuil léirmhíniú FSS ar an Acht um Míchumas ag séanadh a gceart bunúsach ar pháistí faoi mhíchumas. D'áitigh an Coimisiún gur cheart an tAcht um Míchumas a léirmhíniú de réir Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas ('CRPD') agus Airteagal 42A den Bhunreacht.

**Toradh:** Chinn an Chúirt Achomhairc gur chuir Nós Imeachta Oibriúcháin Caighdeánach FSS isteach gan cheart ar chearta páiste faoi mhíchumas agus ina theannta sin go n-éilítear ar FSS míchumas páiste a dhiagnóisiú i ngach cás seachas sna himthosca is eisceachtúla.

**Cás: A, B agus C (mionaoiseach ag déanamh agra trína neaschara, A) v. an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála**

**An Chúirt:** An Chúirt Uachtarach

**Idirghabháil an Choimisiúin:** 16 Bealtaine 2022

**Dáta na hÉisteachta:** 28 agus 29 Meitheamh 2022

**Breithiúnas:** 9 Bealtaine 2023

**Sonraí:** Mheas na himeachtaí seo saoránacht páiste (ar a dtugtar 'C') a rugadh trí mháthairionadaíocht sa Ríocht Aontaithe in 2015. Nuair a rugadh an páiste, taifeadadh a mháthair ionaid agus a athair bitheolaíoch (ar a dtugtar 'B'), ar a theastas breithe mar a thuismitheoirí. Eisíodh ordú tuismitheoireachta ina dhiaidh sin faoi dhlí na Ríochta Aontaithe, a d'athshann tuismitheoireacht an pháiste dá athair bitheolaíoch, B, agus a thuismitheoir beartaithe (ar a dtugtar 'A'). Chuir A, saoránach Éireannach, isteach ar phas Éireannach le haghaidh C ina dhiaidh sin, agus léirigh an tAire Gnóthaí Eachtracha go ndiúltófaí don iarratas toisc nár ghlac an tAire leis faoi dhlí na hÉireann go raibh an tuismitheoir neamhbhitheolaíoch, A, mar thuismitheoir C tráth a bhreithe, agus mhaígh sé nach rabhthas in ann glacadh leis an bpáiste mar shaoránach Éireannach de bhun Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956.

Rialaigh an Ard-Chúirt go raibh an páiste i dteideal saoránacht Éireannach, ach d'éirigh le hiarratas an Aire ar achomharc cliobógach sa Chúirt Uachtarach ar an mbunús go dtarraingíonn na cásanna ábhair lena ngabhann tábhacht phoiblí anuas.

**Ról an Choimisiúin:** Inár ról mar amicus curiae leagamar amach an dearcadh go bhfuil páiste, faoin mBunreacht, a bheirtear trí mháthairionadaíocht i dteideal aitheantais agus cosanta dá gcaidrimh theaghlaigh mar a bheadh aon pháiste eile. Is féidir féachaint ar na cosaintí sin mar ghné de dhínit an pháiste, a gcearta pearsanta agus a gcearta teaghlaigh. D'éilíomar ar an gCúirt machnamh a dhéanamh ar iallach a chur ar an Stát aitheantas a thabhairt do cheart an pháiste chun saoránachta ag an mbreith. Luamar cé go bhfuil sí sách forleathan, go raibh an mháthairionadaíocht fós go hiomlán gan rialáil i ndlí na hÉireann. Inár n-aighneachtaí dlíthiúla don Chúirt, leagamar amach go bhféadfadh saoránacht a dtuismitheora a shéanadh ar pháiste drochthionchar a imirt ar a n-ionchais saoil agus a bhfolláine ar bhealaí éagsúla, ina measc stádas dhá leibhéal a chruthú laistigh den teaghlach, toisc gur saoránaigh Éireannacha agus saoránaigh AE dá bhrí sin iad cuid de pháistí an teaghlaigh ach nach ionann an cás do pháistí eile.

**Toradh:** Tugadh breithiúnas an 9 Bealtaine 2023. Sheas an Chúirt Uachtarach le hachomharc an Stáit in aghaidh chinneadh na hArd-Chúirte. Rinneadh é sin ar phrionsabail an léirmhínithe reachtúil go bunúsach: alt 7(1) d'Acht 1956 go sonrach, agus tagairt don sainmhíniú teoranta ar thuismitheoir sa reacht sin, agus an t-alt ina n-éilítear go mbeadh an tuismitheoir ina saoránach Éireannach tráth na breithe seachas i ndiaidh na breithe. Dearbhaíodh nach athair a bhí san athair neamhbhitheolaíoch tráth na breithe, de réir na scéime reachtúla. Ní dhearna an Chúirt aon chinneadh i leith bhunreachtúlacht na forála ná a neamhréiteachta le CECD ar an mbonn nár pléadáladh ceachtar díobh sa chás. Roinn an Chúirt roinnt tuairimí ginearálta faoi fhorálacha comhionannais bunreachtúla. Léirigh breithiúnas na Cúirte na ceisteanna casta dlí agus beartais a eascraíonn as réimse na máthairionadaíochta agus an gá le hathchóiriú dlí chun na ceisteanna sin a shoiléiriú.

**Cás: Jaimee Middlekamp v. an Aire Dlí agus Cirt**

**An Chúirt:** An Chúirt Uachtarach

**Idirghabháil an Choimisiúin:** 15 Meitheamh 2022

**Dáta na hÉisteachta:** 18 Deireadh Fómhair 2022

**Breithiúnas:** 1 Feabhra 2023

**Sonraí:** Rinne na himeachtaí seo machnamh ar an raibh iarratasóir nach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad, a fuair cead teoranta cónaí agus oibriú sa Stát agus a gheall fágáil nuair a tháinig deireadh leis an gcead sin, i dteideal a gceart chun saol príobháideach agus teaghlaigh, mar a chosnaítear faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, i dtaobh nuair atá athrú ar stádas imirce á lorg faoi alt 4(7) den Acht Imirce, 2004.

**Ról an Choimisiúin:** Inár ról mar amicus curiae, dhíríomar ar an dualgas atá ar an Aire machnamh a dhéanamh ar chearta bunúsacha iarratasóra nuair atá cinneadh á dhéanamh faoi alt 4(7) den Acht Imirce, 2004. Phléamar freisin ar leag cosaintí faoi Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD) agus faoi Bhunreacht na hÉireann dualgas ar an Aire cearta chun saol príobháideach agus teaghlaigh a mheas i gcinnteoireacht imirce.

**Toradh:** Chinn an Chúirt Uachtarach cé go raibh dualgas ar an Aire cearta bunúsacha a mheas nuair a bhí cinntí á dhéanamh, go ndearna an tAire amhlaidh sa chás seo.

**Cás: An Pobal (ar agra an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí) v. Patrick Quirke**

**An Chúirt:** An Chúirt Uachtarach

**Idirghabháil an Choimisiúin:** 6 Deireadh Fómhair 2022

**Dáta na hÉisteachta:** 12 agus 13 Nollaig 2022

**Breithiúnas:** 20 Márta 2023

**Sonraí:** Rinneadh machnamh sna himeachtaí anseo ar an gceanglas a bhféadfaí a chuardach nuair atáthar ag cur isteach ar bharántas cuardaigh a shainaithint.

Rinneadh agóid ag triail faoin mbarántas cuardaigh a d’úsáid an Garda Síochána chun gléas sonraí leictreonach arb leis an Uasal Quirke é a ghabháil (fear a ciontaíodh as dúnmharú i mí na Bealtaine 2019), agus san achomharc, ar an mbunús nár shainaithin an barántas cuardaigh go raibh ríomhairí le gabháil mar chuid den chuardach, ná ní raibh sé san fhaisnéis ar ar bunaíodh an t-iarratas ar bharántas cuardaigh a cuireadh faoi bhráid an Bhreithimh Cúirte Dúiche. Níor éirigh leis an agóid in aghaidh an bharántais cuardaigh sa triail ná san achomharc os comhair na Cúirte Achomhairc.

**Ról an Choimisiúin:** Inár ról mar amicus curiae, tharraingíomar aird ar an ngá le cearta príobháideachais daoine a chosaint, agus a chinntiú freisin go bhfuil barántais chuardaigh a fhaigheann na Gardaí láidir, agus go dtagann fiosrúcháin éifeachtacha agus córa astu. Mhaíomar go raibh dualgas ar Ghardaí a chuireann

isteach ar bharántas cuardaigh a bheith soiléir go raibh sé i gceist acu gléasanna leictreonacha a chuardach agus a ghabháil.

**Toradh:** Chinn an Chúirt Uachtarach, sa chás go ndéantar iarratas ar bharántas, go bhfuil dualgas ann a chinntiú go sonraítear na míreanna atá á gcuardach ar bhealach ginearálta, ionas go gcumasaítear idirghabháil fhónta an phróisis bhreithiúnaigh neamhspleách.

**Cás: GO agus Daoine Eile v. an Aire Dlí agus Cirt**

**An Chúirt:** An Chúirt Uachtarach

**Idirghabháil an Choimisiúin:** 24 Samhain 2022

**Dáta na hÉisteachta:** 14 agus 15 Márta 2023

**Breithiúnas:** 14 Samhain 2023

**Sonraí:** Rinneadh machnamh sna himeachtaí seo ar chearta bunúsacha i gcomhthéacs orduithe díbeartha. Rinneadh machnamh, go háirithe, ar cheart, agus cá mhéad ar cheart, don Aire Dlí agus Cirt tagairt shonrach a dhéanamh do shárú féideartha ar chearta bunreachtúil a bhainfeadh le cinneadh tuismitheoir ar náisiúnach eachtrach iad le páistí a chónaíonn sa Stát go dleathach a dhíbirt, agus machnamh a dhéanamh ar an méid sin. Rinne an Chúirt Uachtarach machnamh freisin ar an bhfuil fianaise ann ar “caidreamh bríoch bainteach” idir an tuismitheoir agus na páistí lena mbaineann.

**Ról an Choimisiúin:** Inár ról dlíthiúil mar amicus curiae, chabhraíomar leis an gCúirt i gcás aighneachtaí ar chearta bunúsacha daoine a bhí faoi réir Orduithe Díbeartha, go háirithe a gcearta teaghlaigh faoin mBunreacht.

**Toradh:** Chinn an Chúirt Uachtarach nár bhunaigh GO go raibh caidreamh bríoch aige lena pháistí agus dá bhrí sin nár chuir sé aon chúinsí eisceachtúla i láthair as a n-eascródh cearta Airteagal 8 chun cosc a chur ar an Stát é a dhíbirt.

**Cás: Stephen Tallon v. an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Éire agus an Ard-Aighne**

**An Chúirt:** An Chúirt Achomhairc

**Idirghabháil an Choimisiúin:** 13 Eanáir 2023

**Dáta na hÉisteachta:** 27 Eanáir 2023

**Breithiúnas:** 25 Bealtaine 2023

**Sonraí:** Sna himeachtaí seo, rinneadh ordú um iompar frithshóisialta in aghaidh Stephen Tallon, a ciontaíodh ina dhiaidh sin as an ordú um iompar frithshóisialta a shárú faoi dhó. Dhírigh an cás ar oibríocht Chuid 11 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 a fhorálann do dhéanamh orduithe um iompar frithshóisialta. Is cion coiriúil é ordú um iompar frithshóisialta a dhéantar faoi Chuid 11 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 a shárú.

**Ról an Choimisiúin:** Inár ról mar amicus curiae, thugamar aghaidh ar na príomhcheisteanna um chearta an duine sa chás, ina measc infhaighteacht athbhreithnithe bhreithiúnaigh, an ceanglas le haghaidh cinnteacht dhlíthiúil i dtaca le téarmaí orduithe um iompar frithshóisialta agus an ceanglas reachtúil agus bunreachtúil maidir le comhréireacht nuair atá orduithe um iompar frithshóisialta á gceapadh. Is é sin go gcaithfidh úsáid na n-orduithe um iompar frithshóisialta a bheith de réir an chreata dhlíthiúil atá i bhfeidhm agus caithfear machnamh a dhéanamh ar chearta na ndaoine a fhaigheann iad.

**Toradh:** Dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc gur sháraigh an t-ordú um iompar frithshóisialta sa chás seo prionsabal deimhneachta dlíthiúla. Go sonrach, ordú ar bith a leagann oibleagáid go gcaithfear cloí leis, nó smachtbhanna coiriúil a fhulaingt, caithfear é a chur in iúl go soiléir agus caithfear a thabhairt le fios go beacht céard a cheanglaítear ar an té atá faoi réir an ordaithe a dhéanamh nó gan a dhéanamh.

**Cás: V v. an Aire Sláinte, an Aire Dlí agus Cirt, Éire agus an Ard-Aighne agus Daoine Eile**

**An Chúirt:** An Ard-Chúirt

**Idirghabháil an Choimisiúin:** 18 Samhain 2020

**Dáta na hÉisteachta:** N/B

**Breithiúnas:** N/B

**Sonraí:** Dhírigh na himeachtaí seo ar fhear ('An tUasal V.') atá faoi mhíchumas intleachtúil ar theastaigh uaidh a fiancée a phósadh. Cuireadh cosc ar an lánúin pósadh i ndiaidh iarratas a cuireadh faoi bhráid na hArd-Chúirte Coimircí Cúirte a dhéanamh den Uasal V. Dheonaigh an Ard-Chúirt urghaire chun cosc a chur ar an searmanas.

Mhaígh dlíodóirí an Uasail V. nach raibh fiosrúchán coimircíochta ina fhóram cuí chun a chumas chun pósadh a chinneadh, toisc go bhfuil difríocht idir na tástálacha dlí le haghaidh coimircíochta agus le haghaidh cumas cinnteoireachta chun pósadh. Mhaígh siad dá ndéanfaí coimircí cúirte den Uasal V., go gcuirfeadh

an Marriage of Lunatics Act 1811 cosc air a fiancée a phósadh. Dá réir sin, chuirfí cosc air a fiancée a phósadh sula bhféadfaí a chinneadh an bhfuil an cumas chun pósadh aige. Chuir an tUasal V. i gcoinne chinneadh na hArd-Chúirte éisteacht leis an bhfiosrúchán coimircíochta sula gcinnfí an bhfuil an cumas chun pósadh aige nó nach bhfuil.

An Fhoireann Dlí i mBaile Átha Luain – scáileán teilifíse

**Ról an Choimisiúin agus Toradh:** I ndiaidh don Stát an Marriage of Lunatics Act a aisghairm agus do thosach feidhme an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 ar an 26 Aibreán 2023, tháinig deireadh le baint an Choimisiúin leis an gcás.

**Cás: CW v. an Aire Dlí agus Cirt, Éire, an Ard-Aighne agus Daoine Eile**

**An Chúirt:** An Chúirt Uachtarach

**Idirghabháil an Choimisiúin:** 17 Feabhra 2023

**Dáta na hÉisteachta:** 7 agus 8 Márta 2023

**Breithiúnas:** 28 Lúnasa 2023

**Sonraí:** Bhain na himeachtaí seo le ciontú fir as an gcion gabháil do ghníomh gnéasach le leanbh atá faoi bhun 17 mbliana d'aois, de shárú ar alt 3(1) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2006, arna ionadú le halt 17 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017. Chinn Breitheamh na hArd-Chúirte nach bhféadfaí an chosaint go ndearnadh botún réasúnta faoi aois, mar a leagtar amach san alt sin, a mheas mar eisceacht nó mar chosaint speisialta toisc gur leag sé ualach dlíthiúil, seachas ualach 'fianaiseach', ar an duine cúisithe agus go bhféadfadh gur sárú é ar thoimhde na neamhchiontachta. Thug an Stát achomharc cliobógach chuig an gCúirt Uachtarach ar chinneadh na hArd-Chúirte a dhearbhaigh go raibh alt 3(5) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2006 míbhunreachtúil.

**Ról an Choimisiúin:** Inár ról mar amicus curiae, d'áitíomar go bhféadfadh dlí a fhreaschuireann an dualgas cruthúnais ar dhuine cúisithe a bheith dlisteanach. Ach teastaíonn údar an-láidir le freaschur an dualgais cruthúnais.

D'áitíomar go gcaithfeadh an Chúirt a bheith sásta nach gcuirtear isteach ar cheart an duine chúisithe chun triail chóir, mar a chosnaítear faoin mBunreacht. Dúramar freisin ní hé go léirítear an t-údar le freaschur an dualgais cruthúnais trí thagairt shimplí do bheartas sóisialta nó tromchúise an chiona, ach gurb é an t-údar a theastaíonn ná go mbeadh ionchúiseamh an chiona "dochurtha i bhfeidhm" dá uireasa.

**Toradh:** Dheimhnigh an Chúirt Uachtarach cinneadh na hArd-Chúirte go bhfuil alt 3(5) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2006, arna ionadú le halt 17 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017, míbhunreachtúil.

Dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach, i bhfianaise thábhacht an dualgais cruthúnais agus thoimhde na neamhchiontachta mar ghnéithe lárnacha den cheart chun trialach mar is cuí de réir dlí in Airteagal 38.1, ní leor é don Oireachtas a mheas an bhfuil foráil mar sin inmhianaithe, áisiúil, fóirsteanach nó úsáideach.

Anuas air sin, dhearbhaigh an Chúirt Uachtarach cé gur cuí cuspóir na reachtaíochta, nach bhféadfaí údar a thabhairt don dualgais cruthúnais a chur ar an gcosaint agus gur chruthaigh sé baol ard gan chúis go gciontófaí duine a rinne an botún sin.

**Cás: I gCás B (mionaoiseach): An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach v. Údarás Uchtála na hÉireann agus Daoine Eile**

**An Chúirt:** An Chúirt Uachtarach

**Idirghabháil an Choimisiúin:** 11 Eanáir 2023

**Dáta na hÉisteachta:** 18 agus 19 Aibreán 2023

**Breithiúnas:** 24 Bealtaine 2023

**Sonraí:** Dhírigh na himeachtaí seo ar uchtú mionaoiseach, (ar a dtugtar 'B'), atá faoi mhíchumas foghlama intleachtúla. Thug an mháthair bhreithe ('an tUasal C'), na himeachtaí in aghaidh dhéanamh an ordaithe uchtála sa Chúirt Achomhairc, a rialaigh go raibh déanamh an ordaithe ar leas an pháiste. D'fhéach an tUasal C leis an t-ordú sin a chur ar neamhní ar achomharc chuig an gCúirt Uachtarach. Chuir an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus Údarás Uchtála na hÉireann in aghaidh achomharc an Uasail C, ag rá gur cheart an t-ordú uchtála a fhágáil mar a bhí.

**Ról an Choimisiúin:** Inár ról mar amicus curiae, d'áitíomar go gcruthaítear in Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine dualgas dearfach go ginearálta chun an nasc idir tuismitheoir agus páiste agus aontacht an teaghlaigh a chosaint, seachas i gcás eisceachtaí áirithe a bhaineann le sláinte agus sábháilteachta an pháiste.

**Toradh:** Dheimhnigh an Chúirt Uachtarach cinneadh na Cúirte Achomhairc an t-ordú uchtála a dhéanamh.

**Cás: IKA v. an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Éire agus an Ard-Aighne**

**Agus an cás gaolmhar:** SY v. an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, Éire agus an Ard-Aighne

**An Chúirt:** An Ard-Chúirt

**Idirghabháil an Choimisiúin:** 15 Márta 2023

**Dáta na hÉisteachta:** 29 agus 30 Márta 2023

**Breithiúnas:** 21 Aibreán 2023

**Sonraí:** Bhain an dá imeacht seo, arbh imeachtaí ar leith iad ach a raibh fíorais chosúla acu, le mainneachtain an Stáit dálaí ábhartha glactha de chineál ar bith a sholáthar, seachas dearbhán beag do shiopa grósaera, d'iarratasóirí áirithe ar chosaint idirnáisiúnta nuair a bhain siad an Stát amach. Bhain an cás le dhá éileamh ar leith a rinne iarratasóirí fir ar chosaint idirnáisiúnta a tháinig go hÉireann i mí Feabhra 2023 agus nár cuireadh cóiríocht ar fáil dóibh nuair a bhain siad an Stát amach. Lorg na hiarratasóirí sna cásanna seo dearbhuithe ón Ard-Chúirt gur sáraíodh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Glactha), 2018 agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

**Ról an Choimisiúin:** Inár ról mar amicus curiae, d'áitíomar gur ionann mainneachtain freastal ar bhunriachtanais na ndaoine a chuireann isteach ar Chosaint Idirnáisiúnta agus sárú ar dhlí an Aontais Eorpaigh, ina measc an ceart chun dínite faoi Airteagal 1 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus nach gcuireann an brú atá ar acmhainní cóiríochta in Éirinn faoi láthair deireadh le hoibleagáidí an Stáit ina leith sin.

**Toradh:** Chinn an Ard-Chúirt go raibh mainneachtain an Aire "dálaí ábhartha glactha" a sholáthar de bhun Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Glactha), 2018 in aghaidh an dlí, agus gur sháraigh an mhainneachtain sin cearta na n-iarratasóirí faoi Airteagal 1 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

### — Cásanna fós ar bun

Amhail deireadh na bliana, bhíomar páirteach mar amicus curiae i dtrí chás a bhí fós ar bun. Tá sonraí faoi na cásanna a bhí fós ar bun sna táblaí seo a leanas:

**Cás: Digital Rights Ireland Limited v. an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Choimisinéir an Gharda Síochána, Éire agus an Ard-Aighne**

**An Chúirt:** An Ard-Chúirt

**Idirghabháil an Choimisiúin:** 1 Iúil 2008

**Stádas:** Ar bun

**Sonraí:** Tarraingíonn na himeachtaí anuas ceisteanna maidir le raon feidhme Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt') agus maidir le dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar chearta príobháideachais; raon feidhme substainteach phrionsabal na comhréireachta agus an gaol idir an Chairt, an Bunreacht agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

**Toradh:** Tá na himeachtaí fós ar bun.

**Cás: An Pobal (ar agra an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí) v. Caolan Smyth**

**Agus an cás gaolmhar:** An Pobal (ar agra an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí) v. Gary McAreavey

**An Chúirt:** An Chúirt Uachtarach

**Idirghabháil an Choimisiúin:** 29 Márta 2023

**Dáta na hÉisteachta:** 25 agus 26 Aibreán 2023

**Stádas:** Ar bun

**Sonraí:** Baineann na himeachtaí seo leis na rialacha faoi inghlacthacht fianaise a fuarthas go neamhdhleathach agus an ceart chun triail chóir a fháil. Tagann an cheist chun cinn an bhfuil sé sin ag teacht leis an riail eisiaimh, a leagtar amach in An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. J.C., chun tabhairt faoi mheasúnú mar sin ar chomhréireacht nó cothromú ceart, má chinntear gur bailíodh fianaise agus neamhaird á tabhairt d'aon turas nó go meargánta ar chearta.

**Ról an Choimisiúin:** Inár ról dlíthiúil mar amicus curiae, d'áitíomar go gcaithfear caitheamh le sárú ceart faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ar an mbealach céanna le sáruithe ar an mBunreacht chun críocha glacadh le fianaise a fuarthas go neamhdhleathach nó í a chur as an áireamh. Mhaíomar freisin, sna cúinsí seo, gurb é an tástáil a leagtar amach in JC an tástáil chuí chun an inghlacthacht fianaise a bhí le cur i bhfeidhm a chinneadh.

**Toradh:** Táthar ag feitheamh ar bhreithiúnas.

**Obair for-rochtana dlí**

Bhíomar ag plé le raon leathan páirtithe leasmhara i rith na bliana.

D'éascaíomar seisiún eolais le haghaidh ionadaithe ón tsochaí shibhialta ar raon ceisteanna a bhain leis an dlí um chomhionannas, ina measc:

- cásanna a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC);
- cosaintí dlíthiúla faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Stádas Comhionann;
- cearta daoine atá faoi mhíchumas i leith freastal réasúnta san fhostaíocht agus nuair atá seirbhísí á bhfáil; agus
- an chaoi le dul i ngleic le hidirdhealú inscne san ionad oibre.

D'éascaíomar imeacht oiliúna forbartha gairmiúla leanúnaí freisin le haghaidh daoine ón ngairm dhlíthiúil dar teideal 'A Practitioner's Guide to the Rights of Families at Inquests' i ndiaidh dúinn ár Nóta Eolais faoi cheart teaghlach ag ionchoisní a fhoilsiú in 2022. Tugtar treochlár sa Nóta Eolais do theaghlach an té a fuair bás maidir leis an dlí, na caighdeáin agus na nósanna imeachta a bhíonn i bhfeidhm ar ionchoisní, agus béim faoi leith ar a gcearta faoin dlí um chearta an duine agus comhionannas. I rith an imeachta, pléadh na ceisteanna praiticiúla a mbíonn ar chróinéirí, cleachtóirí agus teaghlaigh go háirithe dul i ngleic leo le linn ionchoisne.

# Reachtaíocht a neartú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí

## Cóid chleachtais a ullmhú

Tá cumhachtaí reachtúla againn faoi alt 31(2) den Acht fán gCoimisiún, chun cóid chleachtais a réiteach chun cur le ceann amháin nó níos mó de na haidhmeanna seo a leanas:

- cearta an duine a chosaint;
- idirdhealú a dhíbirt;
- comhionannas deiseanna san fhostaíocht a chur chun cinn; agus
- comhionannas deiseanna maidir leis na hábhair sin ina mbíonn na hAchtanna um Stádas Comhionann i bhfeidhm a chur chun cinn.

Is féidir forálacha na gCód sin a úsáid mar fhianaise inghlactha agus is féidir iad a chur san áireamh in aon imeachtaí os comhair na cúirte, an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó na Cúirte Oibreachais.

Rinneamar an méid seo a leanas i rith na bliana:

- chuamar ar aghaidh chuig an bpróiseas comhairliúcháin reachtúil maidir le dréacht de Chód Cleachtais maidir le Fógraíocht Idirdhealaitheach;
- thugamar faoi phróiseas comhairliúcháin reachtúil maidir le dréacht de Chód Cleachtais maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí;
- chuireamar an dréacht deiridh de Chód Cleachtais maidir le Freastal Réasúnta faoi bhráid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, i ndiaidh an próiseas comhairliúcháin phoiblí reachtúil a chur i gcrích.

Ar leith ón méid sin thuas, in 2022, chuireamar dréacht deiridh de Chód Cleachtais maidir le Bearta a Thacaíonn le Teaghlaigh san Ionad Oibre a Chur Chun Cinn faoi bhráid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, atá ag fanacht ar fhaomhadh Aireachta fós.

Nuair a shíníonn an tAire iad, foilsítear Cóid Chleachtais ar ár suíomh gréasáin.

## Athbhreithnithe Comhionannais agus Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais

Tugtar faoi Athbhreithnithe Comhionannais faoi Alt 32 den Acht fán gCoimisiún. Tá cumhacht reachtúil againn iarraidh ar ghnóthais phoiblí nó phríobháideacha tabhairt faoi athbhreithniú ar chomhionannas deiseanna go ginearálta, nó ar ghné áirithe idirdhealaithe faoi reachtaíocht frith-idirdhealaithe na hÉireann, mar atá na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 agus/nó na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018. Foilsíodh cuntas ar na hAthbhreithnithe Comhionannais sin ar fad ar ár suíomh gréasáin. Féadfaimid iarraidh ar chomhlachtaí poiblí nó príobháideacha freisin Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun díriú ar réimsí sonracha a eascraíonn as athbhreithnithe comhionannais.

### Plean Gníomhaíochta Comhionannais: Soláthar cóiríochta agus seirbhísí don Lucht Siúil

Go mall in 2022, de bhun Athbhreithnithe Comhionannais, ar cuireadh tús leo in 2019, d'úsáideamar ár gcumhachtaí dlíthiúla, faoi alt 32(1) den Acht fán gCoimisiún, 2014, chun iarraidh ar sheacht nÚdarás Áitiúil Plean Gníomhaíochta Comhionannais a ullmhú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh soláthar cóiríochta agus seirbhísí don Lucht Siúil. Ba iad na hÚdaráis Áitiúla a roghnaíodh: Comhairle Contae Áth Cliath Theas, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chill Mhantáin.

Bunaíodh ár gcur chuige ar fhreagraí na nÚdarás Áitiúil ar fad ar na hAthbhreithnithe Comhionannais, agus ar a chinntiú go raibh raon tíreolaíoch ann a léirigh an tír ar fad, i measc cúinsí eile. Thugamar treoir ghinearálta do na hÚdaráis Áitiúla a roghnaíodh chun cabhrú le hullmhú agus cur i bhfeidhm na bPleananna Gníomhaíochta Comhionannais. Leagamar béim freisin ar chomhairliúchán le daoine ón Lucht Siúil, an Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht an Lucht Siúil, agus grúpaí áitiúla agus náisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar an Lucht Siúil, mar chuid riachtanach de chur i bhfeidhm agus de rath na bPleananna Gníomhaíochta Comhionannais sin.

Chuir na seacht nÚdarás Áitiúla a bPleananna Gníomhaíochta Comhionannais deiridh isteach i mí Iúil.

Foilsíodh cuntais ar na Pleananna Gníomhaíochta Comhionannais ar ár suíomh gréasáin.

### Athbhreithniú Comhionannais: Comhionannas Deiseanna in Eagraíocht Spóirt

D'iarramar ar Gymnastics Ireland tabhairt faoi athbhreithniú comhionannais, ina mbeadh iniúchadh ar an leibhéal comhionannais deiseanna atá ar fáil i dtaca le

soláthar seirbhísí Gymnastics Ireland, faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2018. Beidh scrúdú Gymnastics Ireland ar a chleachtais i gceist leis an Athbhreithniú Comhionannais, chomh maith leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm aige chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn go ginearálta sa soláthar seirbhísí. Mar chuid den Athbhreithniú Comhionannais, d'iarr an Coimisiún ar Gymnastics Ireland go háirithe:

- ➔ na cleachtais agus na nósanna imeachta ábhartha ar fad atá i bhfeidhm faoi láthair a bhaineann le cur chun cinn an chomhionannais deiseanna in Gymnastics Ireland ina sholáthar seirbhísí a shainaithint;
- ➔ éifeachtacht na gcleachtas agus na nósanna imeachta sin chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn a mheasúnú;
- ➔ na cleachtais agus na nósanna imeachta a mbaineann Gymnastics Ireland leas astu chun dul i ngleic le gearáin ina dtarraingítear anuas líomhain faoi idirdhealú a shainaithint agus a mheasúnú;
- ➔ a shainaithint an dtarraingítear anuas aon cheisteanna comhionannais deiseanna; agus
- ➔ breac-chuntas a thabhairt ar aon mholtaí agus/nó torthaí ón athbhreithniú comhionannais.

Amhail mí na Nollag, tá an obair sin fós ar bun.

## Breithnithe reachtaíochta

Tá cinntiú go ndéanann ár reachtóirí cearta an duine agus comhionannas sa Stát a chomhlíonadh agus a neartú ag croí ár sainordaithe. Déanaimid an méid sin trí bhreithnithe agus moltaí mionsonraithe a dhéanamh faoi impleachtaí chearta an duine agus comhionannais a bheadh ag reachtaíocht ábhartha a bheartaítear.

Rinneamar na breithnithe reachtaíochta a leanas i rith na bliana:

### An Bille um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail

Inár n-aighneacht don Roinn Dlí agus Cirt, mholamar go gcaithfear sainmhíniú soiléir a thabhairt ar na cumhachtaí a úsáideann an Rialtas chun treoracha a eisiúint do chomhlachtaí maoirseachta póilíneachta agus caithfidh cosaintí cuí dul leo, chun cur isteach polaitiúil a íoslaghdú. Tharraingíomar aird ar chodanna den Bhille seo nach bhforálann do dhóthain neamhspleáchais ó rialú Feidhmeannais le haghaidh na gcomhlachtaí nua póilíneachta a bhunaítear leis, is é sin, an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail, Oifig an Ombudsman

Póilíneachta, Bord nua neamhfheidhmiúcháin an Gharda Síochána, agus an Scrúdaitheoir Neamhspleách um Reachtaíocht Slándála, agus rinneamar moltaí i leith trédhearcachta sa chaoi a ndéantar agus a scoirtear ceapacháin ar na comhlachtaí sin. Mholamar freisin gur cheart an reachtaíocht a athbhreithniú chun foráil a dhéanamh do cheapadh comhairleora neamhspleách um chearta an duine ag an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail chun a chinntiú go maoirsítear cur i bhfeidhm na gcaighdeán um chearta an duine agus comhionannas sa phóilíneacht.

### Scéim Ghinearálta an Bhille fán nGníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe

Inár n-aighneacht don Roinn Dlí agus Cirt, d'éilíomar gníomhaireacht a bheadh bunaithe ar íospartaigh agus marthanóirí a chosnódh comhionannas agus cearta daonna na ndaoine sin a soláthróidh sí seirbhísí dóibh, agus a chinnteodh go gcuireann an soláthar seirbhísí sin a riachtanais shonracha san áireamh. Áirítear leo siúd grúpaí atá leochaileach go struchtúrtha, ina measc mná, cailíní, mná scothaosta, mná eitneacha mionlaigh, mná imirceacha, mná ón Lucht Siúil agus Romacha, mná faoi mhíchumas, mná LADT+, íospartaigh gáinneála, mná a bhfuil fadhbanna andúile acu agus mná i mbun striapachais (agus atá á fhágáil). D'éilíomar freisin athbhreithniú ar na tiomantais do chóiríocht teifeach a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe ('FBGIB') ón Rialtas, ag féachaint le cumas a leathnú ionas gur féidir caighdeáin Chomhairle na hEorpa a chomhlíonadh i leith cosaint marthanóirí agus íospartach FBGIB a chinntiú.

### An Bille um Pleanáil agus Forbairt

Inár n-aighneacht don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Choiste um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht, tharraingíomar aird ar an ngaol atá fréamhaithe go domhain idir pleanáil agus forbairt agus cearta an duine agus an comhionannas. Mholamar go ndéanfaí machnamh ar an mBille a leasú chun cóiríocht don Lucht Siúil go sonrach a chur i gcatagóir eisceachtúil ionas nach n-eisiaitear í ón ngá go gceadódh an Coimisiún Pleanála í agus, dá bhrí sin, go bhféadfaí í a bhaint ó phróiseas Chuid 8. Mholamar gur cheart machnamh a dhéanamh ansin ar bhealach díreach eile le haghaidh cóiríocht don Lucht Siúil go sonrach chuig an gCoimisiún Pleanála, ach gur cheart bealach le haghaidh cead pleanála le haghaidh cóiríocht don Lucht Siúil go sonrach tríd an údarás pleanála a choinneáil, le forálacha áirithe. I gcás na rochtana ar cheartas, mholamar gur cheart an Bille a leasú chun an córas atá i bhfeidhm faoi láthair a choinneáil, córas inar féidir iarratais ar chead cur isteach ar athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ex parte leis an gCúirt ag coinneáil na rogha a ordú go n-éistfí iarratas dá leithéid ar fhógra sa chás go n-éilíonn cúinsí áirithe amhlaidh.

## Obair leantach ar Bhreithnithe Reachtaíochta roimhe seo

### An Bille um Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán

I ndiaidh ár n-aighneacht a dhéanamh in 2022 don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, chuireamar comhfhreagras chuig an Aire O'Gorman inar phléamar go raibh imní orainn nár tugadh aghaidh go hiomlán sa Bhille ar na ceisteanna a tharraingíomar anuas inár n-aighneacht. Chuireamar comhfhreagras eile chuig Cathaoirleach an Chomhchoiste um Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige, de réir mar a chuaigh an Bille ar aghaidh trí na céimeanna deiridh, ag rá go rabhamar den tuairim go bhféadfaí roinnt leasuithe a dhéanamh ar an reachtaíocht chun comhlíonadh chaighdeáin chearta an duine agus an chomhionannais a fheabhsú. Tharraingíomar aird ar dhá cheist, go háirithe, a raibh aird de dhíth orthu: eisiamh páistí a chaith níos lú ná 180 lá in institiúid agus eisiamh na díobhála a d'fhulaing páistí a cuireadh amach ar lóistín ón scéim.

## Teacht i láthair Coistí Oireachtais

I gcaitheamh na bliana, thángamar i láthair roinnt Coistí Oireachtais. Thángamar i láthair an Chomhchoiste um Uathachas agus aird á tarraingt ar an ngá go dtabharfadh an Stát aghaidh ar na beartais agus an reachtaíocht ar fad do dhaoine Uathacha, agus do gach duine faoi mhíchumas, ag úsáid creat bunaithe ar chearta agus comhionannas. Labhraíomar leis an gComhchoiste um Nithe a bhaineann le Míchumas faoinár gcuid oibre mar Mhonatóir Náisiúnta Neamhspleách agus an tábhacht a bhaineann le sonraí cruinne le haghaidh promhadh míchumais ar reachtaíocht agus beartais. Ag an gComhchoiste um Bás Cuidithe, labhraíomar faoin gceart chun na beatha, meas ar dhínit an duine, neamhspleáchas pearsanta agus an gá go gcosnófaí grúpaí áirithe i mbaol leis an reachtaíocht. Thángamar i láthair an Chomhchoiste um Fhorfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta freisin i dteannta Choimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann agus Choimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine.



An Comhalta Coimisiúin Frank Conaty, an Seanadóir Eileen Flynn agus an Comhalta Coimisiúin an Dr Rosaleen McDonagh sular tháinig siad i láthair an Chomhchoiste Oireachtais um Uathachas

## Athchóiriú reachtach

### Athbhreithniú Rialtais ar an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhFuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu

Inár n-aighneacht don Roinn Oideachais, tharraingíomar anuas roinnt fadhbanna sa soláthar dlíthiúil faoi láthair a bhaineann le hoideachas scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta. Tharraingíomar aird ar an gcaoi a bhfuil fiche bliain caite ó achtaíodh é agus go bhfuil codanna suntasacha den reachtaíocht seo fós nach bhfuil i bhfeidhm, ina measc measúnuithe ar riachtanais oideachais an scoláire agus forbairt pleananna oideachais ar leith ina sonraítear na tacaíochtaí oideachais a theastaíonn ó scoláire. Chuireamar imní in iúl nach dtagann an reachtaíocht, na beartais agus na cleachtais atá i bhfeidhm faoi láthair leis an bhfís do chóras oideachais ionchuimsithigh mar a leagtar amach sna caighdeáin idirnáisiúnta. D'éilíomar freisin go mbeadh plean cur i bhfeidhm a mbeadh teorainn ama shoiléir ag baint leis ann le haghaidh aon athruithe reachtacha agus beartais a theastaíonn chun aistriú chuig timpeallacht oideachais ionchuimsithigh.

### Athbhreithniú Neamhspleách ar an Scéim Cúnaimh Dlí Shibhialta

Inár n-aighneacht don Athbhreithniú Neamhspleách ar an Scéim Cúnaimh Dlí Shibhialta, tharraingíomar aird ar chuid de na príomh-athchóirithe a chreidimid atá riachtanach chun go mbeadh an córas atá i bhfeidhm faoi láthair ag teacht leis an mbeartas um chearta an duine agus comhionannas is fearr. Áiríodh i measc ár gcuid moltaí go ndéanfadh an Stát athbhreithniú ar na constaicí a d'fhéadfadh bac a chur ar inrochtaineacht na Scéime i measc grúpaí atá leochaileach go struchtúrtha, agus go ndéanfaí an Scéim Cúnaimh Dlí Shibhialta seasmhach i leith comhionannais chun comhionannas rochtana ar chúnamh dlí sibhialta a chinntiú chomh maith le comhairle dóibh siúd ar fad a chaithfidh leas a bhaint as an Scéim. Mholamar freisin go dtabharfaí tacaíocht dlí leordhóthanach agus luath go réamhghníomhach do na híospartaigh amhrasta gáinneála ar dhaoine uile.

### Athbhreithniú ar na hAchtanna um Chomhionannas

Inár ndara haighneacht (rinneamar aighneacht in 2022 freisin) don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, a raibh comhairle ón gCoiste Comhairleach ar Thodhchaí na Reachtaíochta Comhionannais ('FELAC') mar bhonn fúithi, tharraingíomar aird ar raon saincheisteanna i gcás na nAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018 agus na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015. Rinneamar os cionn 55 moladh sonrach le haghaidh athchóiriú na nAchtanna sin, ina measc moltaí faoi dhíolúintí faoi na hAchtanna um Chomhionannas, athchóiriú ar na forais chosanta, dualgais dhearfacha a neartú, agus ar éifeachtacht a thomhas agus bailiú sonraí. Mholamar go leasófaí an reachtaíocht chun idirdhealú a áireamh san fhoras stádais shocheacnamaíoch agus san fhoras ciontaithe choiriúil. Mholamar freisin go dtabharfaí isteach 'clásal cuspóra agus prionsabail' chun cur i bhfeidhm an dlí a threorú.

# Monatóireacht, tuairisciú agus forfheidhmiú

## Monatóireacht conartha ar chearta an duine agus comhionannas

Mar an Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine, déanaimid monatóireacht ar chearta an duine in Éirinn. Tugaimid moltaí agus cuirimid bonn eolas faoi mheasúnuithe na gcomhlachtaí monatóireachta conartha ar an gcaoi a bhfuil Éire ag comhlíonadh a hoibleagáidí faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta um chearta an duine.



An Comhalta Coimisiúin Adam Harris agus an Príomh-Choimisinéir Sinéad Gibney ag Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh

### An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh

D'fhreastalaíomar ar an athbhreithniú ar Éirinn faoin gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh, i ndiaidh dúinn tuarascáil chomhuaineach a chur isteach agus páirt a ghlacadh sa chruinniú réamhsheisiúin le Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh in 2022. I gcaitheamh an phlé sin, d'oibríomar go dlúth leis an tsochaí shibhialta agus leanamar ag déanamh idirghabhálacha leis an gCoiste, oifigigh Stáit agus pobal na hÉireann chun aird a tharraingt ar na húdair imní leanúnacha ar cheart tús áite a thabhairt dóibh faoi chosaint na hÉireann do chearta an linbh. Dhíríomar, go háirithe, ar na réimsí bailiú sonraí, meabhairshláinte, gáinneáil ar pháistí, bochtanas agus tithíocht. D'fhoilsigh an Coiste a Bhreathnuithe Deiridh i mí Feabhra, agus bhí an-chosúlacht idir iad agus ár gcuid moltaí.

### Coinbhinsiún chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac

Bhuaileamar leis an nGrúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht in aghaidh Foréigean ar Mhná agus Foréigean Baile ('GREVIO') de chuid Chomhairle na hEorpa, i ndiaidh tuarascáil chomhuaineach chuimsitheach a chur isteach in 2022, chun ár bpríomhúdair imní faoi fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a phlé. Ina dhiaidh sin, d'ullmhaíomar comhfhreagras leantach, ag freagairt iarratais shonracha ó GREVIO, ag soláthar faisnéis a bhí ag teacht chun cinn ar Óglaigh na hÉireann agus ag roinnt sonraí a eisíodh go gairid roimhe sin. Foilsíodh Tuarascáil

Meastóireachta Bonnlíne GREVIO ar Éirinn i mí na Samhna, agus tá a mholtaí ag teacht go dlúth lenár dtuarascáil chomhuaineach agus rannpháirtíocht.

**Cairt Shóisialta na hEorpa Athbhreithnithe**

I mí an Mhárta, d'fhoilsigh an Coiste Eorpach ar Chearta Sóisialta ('ECSR') a Chonclúidí i leith 19ú Tuarascáil Náisiúnta na hÉireann ar chur i bhfeidhm Chairt Shóisialta na hEorpa, a chlúdaigh Cearta Saothair. Luaitear agus tagraítear go díreach sna Conclúidí dár n-aighneacht ó mhí Iúil 2022, agus chinn an Coiste go bhfuil Éire fós ag sárú go leor dá hoibleagáidí faoin gCairt.

Mar chuid den timthriall tuairiscithe ina dhiaidh sin, chuireamar ár dTuairimí isteach faoi 20ú Tuarascáil Náisiúnta na hÉireann. Bhí ár dtuarascáil ina chuid den 'timthriall tuairiscithe shimplithe' agus clúdaíodh cúig chomhghearán in aghaidh na hÉireann ann. Tharraing ár n-aighneacht ar fhianaise a bhí ag teacht chun cinn sna réimsí a bhain leis na gearáin, ina measc an bhearna phá idir na hinscní agus ionadaíocht na mban ar bhoird chorparáideacha; tithíocht shóisialta; cóiríocht don Lucht Siúil; agus cearta cómhargála.

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe**

Rinneamar aighneacht mar chuid de dhara hAthbhreithniú Deonach Náisiúnta na hÉireann ag Fóram Polaitiúil Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe. Cuireadh ár mbreathnuithe neamhspleácha isteach mar aguisín a ghabhann le tuarascáil an Stáit toisc nach bhfuil cearta iomlána rannpháirtíochta ag Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine san Fhóram sin. I bhfianaise an ardleibhéil cosúlachta idir Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus creataí um chearta an duine, leagamar béim ar an ngá atá le bearta breise chun todhchaí inbhuanaithe a chinntiú, lena n-áirítear dul i ngleic le neamhionannas geilleagrach ionas nach bhfágtar na daoine agus na pobail is leochailí go struchtúrtha inár sochaí ar gcúl.

**Creat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint**

Bhuaileamar leis an gCoiste Comhairleach maidir leis an gCreat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint, i rith a chúigiú cuairt meastóireachta ar Éirinn. I rith an chruinnithe sin, d'iarr an Coiste faisnéis ar raon leathan fadhbanna a fhulaingíonn an Lucht Siúil agus na Romaigh, agus phléamar ár sainordú. D'éascaíomar cruinnithe freisin idir an Coiste Comhairleach, an tsochaí shibhialta agus comhlachtaí poiblí inár n-áitreabh. I ndiaidh na cuairte, sheolamar comhfhreagras leantach chuig an gCoiste, ag tarraingt aird ar ár bpríomhúdair imní maidir le cosaint chearta an Lucht Siúil agus na Romach in Éirinn.

**An Coiste maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú**

Chuireamar tuarascáil chomhuaineach faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú ('CEDAW') chun bonn eolais a chur faoina 'Liosta Saincheisteanna Roimh an Tuairisciú' ar Éirinn, a glacadh i mí na Samhna. Cé gur tharla forbairtí dearfacha ó scrúdú deiridh na hÉireann in 2017, ní dhearnadh dóthain dul chun cinn ar Bhreathnuithe Deiridh an Choiste roimhe sin, agus níor ionchorpraíodh CEDAW sa dlí intíre fós. Luamar cé go bhfuil an iliomad straitéisí agus pleananna gníomhaíochta a bhaineann le comhionannas inscne in Éirinn, go praiticiúil níl siad ag feabhsú cosaintí do chearta do phobail go leordhóthanach mar gheall ar an monatóireacht agus cur i bhfeidhm easnamhach.

**An Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha**

Bhíomar ag plé leis an tsochaí shibhialta agus le daoine a bhfuil cearta acu i gcaitheamh na bliana chun bonn eolais a chur faoi dhréachtú ár dtuarascála comhuainí. Faomhadh í i mí na Nollag lena foilsiú agus a chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, roimh cheathrú hathbhreithniú tréimhsiúil na hÉireann faoin gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha go luath in 2024.

**Straitéisí náisiúnta comhionannais**

Chuireamar le meastóireacht neamhspleách, a choimisiúnaigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ar an bpróiseas le haghaidh cur i bhfeidhm trí straitéis comhionannais – an Straitéis maidir le hImeascadh na nImirceach, Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní agus an Straitéis Náisiúnta maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach. Foilsíodh an tuarascáil meastóireachta i mí Iúil.

## Rannpháirtíocht i líonraí idirnáisiúnta

Tá sainordú againn treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí, agus iad a spreagadh, le beartais agus dea-chleachtas a fhorbairt i leith chearta an duine agus comhionannais.

Is ball muid de:

- Líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine ('ENNHRI')
- Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais Náisiúnta ('Equinet'); agus

- An Comhaontas Domhanda d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine ('GANHRI')
- Bord Bainistíochta Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ('FRA').

I rith na bliana, leanamar ar aghaidh ag cur le rannpháirtíocht ghníomhach sna líonraí sin agus ag baint tairbhe as an rannpháirtíocht.

**ENNHRI**

Déanann ENNHRI ionadaíocht ar 46 institiúid náisiúnta um chearta an duine ar fud Bhallstáit Chomhairle na hEorpa.

Ghlacamar páirt freisin in obair leanúnach ENNHRI:

- An Grúpa Oibre Dlí;
- Grúpa Oibre le haghaidh Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha;
- Grúpa Oibre an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas; agus
- An Grúpa Oibre Cumarsáide.

Mar chuid dár rannpháirtíocht le ENNHRI, d'fhreagraíomar comhairliúchán ar rannpháirteachas bríoch Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine a mhéadú ag Comhairle na hEorpa, agus rinneamar moltaí le haghaidh gníomh tosaíochta. Thugamar faisnéis freisin do bhall-institiúidí eile faoinár dtaithí náisiúnta ar choiriúlú na hiarrata déirce, monatóireacht ar chearta daoine faoi mhíchumas, neamhspleáchas i gcúram meabhairshláinte agus cinnteoireacht thacaithe, soláthar seirbhísí cúraim chónaithe, agus gníomhú ar son na haeráide agus an t-aistriú cóir.

Chuireamar freagra isteach ar chomhairliúchán ENNHRI le haghaidh a Thuarascála maidir leis an Smacht Reachta, a foilsíodh i mí na Bealtaine. Inár n-aighneacht don chaibidil tíre faoi Éirinn, sainaithníodh roinnt imní faoin smacht reachta ar fud raon réimsí téamacha, ina measc:

- neamhspleáchas agus éifeachtacht na hInstitiúide Náisiúnta um Chearta an Duine;
- cosantóirí chearta an duine agus spás sochaí sibhialta;
- breithiúnas na gCúirteanna Eorpacha a chur i bhfeidhm;
- intleacht shaorga;
- teacht ar cheartas;

Dhíríomar roinnt moltaí ar an Stát maidir le gníomhartha agus bearta chun timpeallacht an smachta reachta a fheabhsú in Éirinn. Cuirfidh an Tuarascáil le hullmhúcháin Thuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an Smacht Reachta san Aontas Eorpach.

**Equinet**

Tá 49 comhlacht comhionannais as 36 tír Eorpach in Equinet, líonra Eorpach na gcomhlachtaí comhionannais náisiúnta.

I rith na bliana, ghlacamar páirt freisin in obair leanúnach ENNHRI:

- ➔ An Grúpa Oibre Cumarsáide;
- ➔ Braisle ar Mhíchumas;
- ➔ An Grúpa Oibre ar Thaighde agus Sonraí;
- ➔ An Grúpa Oibre Ceaptha Beartas; agus
- ➔ An Grúpa Oibre Dlí Comhionannais.

Mar chuid dár rannpháirtíocht sa Bhraisle ar Mhíchumas, d'fhreastalaíomar ar cheardlann ar dhí-institiúidiú i mí na Samhna, inar díríodh ar dhea-chleachtais agus deiseanna abhcóideachta san Eoraip.

I mbliana, chuamar isteach i nGrúpa Oibre Equinet ar Thaighde agus Sonraí. I mí Dheireadh Fómhair, d'fhreastalaíomar ar chruinniú fisiciúil den ghrúpa sa Bhruiséil, agus ar oiliúint ar thrasnachas agus il-idirdhealú i modhanna bailithe sonraí.

Mar bhall den Ghrúpa Oibre um Cheapadh Beartais, i mí Dheireadh Fómhair chuireamar le plé agus suirbhé ar obair Comhlachtaí Comhionannais le haghaidh comhionannas san oideachas. Foilseofar tuarascáil ar na torthaí ón bplé agus suirbhé in 2024.

Phléamar le Equinet i dtaca lena pháipéar seasaimh ar Dhul chun cinn a dhéanamh ar thograí an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh Treoracha a neartóidh Comhlachtaí Comhionannais agus ghlacamar páirt i dTascfhórsa Equinet le haghaidh Tháscairí Acmhainne Thionscadal na gCaighdeán

## GANHRI

Is ball muid de GANHRI, an Comhaontas Domhanda d'Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine, a thugann le chéile os cionn 115 Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine as gach cearn den domhan agus a thugann ceannaireacht agus tacaíocht do chur chun cinn agus cosaint chearta an duine.

Bhuaileamar le GANHRI chun foghlaim a roinnt ónár rannpháirtíocht sa phróiseas athbhreithnithe ar an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh, agus chun bonn eolais a chur faoin abhcóideacht ar thuilleadh feabhsúcháin ar chearta rannpháirtíochta Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine sna Náisiúin Aontaithe agus i sásraí níos leithne.




An Príomh-Choimisinéir Sinéad Gibney ag fáil cóip dár nAth-Chreidiúnú mar Stádas "A" ag cruinniú cinn bliana GANHRI

### Rannpháirtíocht Eorpach

De réir alt 17 den Acht fán gCoimisiún, ceapaimid, as ballraíocht an Choimisiúin, duine le bheith ina chomhalta de Bhord Bainistíochta Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ('FRA').

Is iad na comhaltaí Coimisiúin Jim Clarken agus an Dr Salome Mbugua (ionadaí) ceapaithe an Choimisiúin faoi láthair.

### Foghrúpa an Aontais Eorpaigh ar Shonraí Comhionannais

Cabhraíonn an Foghrúpa ar Shonraí Comhionannais leis na Ballstáit bailiú agus úsáid na sonraí comhionannais a fheabhsú. Éascaíonn an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha an Foghrúpa. Mar bhall, d'oibríomar leis an bhFoghrúpa chun dul chun cinn a dhéanamh ar nóta Treoraíochta AE maidir le bailiú agus úsáid sonraí le haghaidh comhionannas LADTIA, a foilsíodh i mí Iúil. Chuireamar tús freisin mar cheannasaí náisiúnta ar nóta treoraíochta ar chur i bhfeidhm náisiúnta shraith Threoirlínte an Fhoghrúpa ar Shonraí Comhionannais. I mí Dheireadh Fómhair, d'fhreastalaíomar ar chruinniú an Fhoghrúpa agus ar chuairt tíre i Heilsincí na Fionlainne, agus chuireamar an chéad dréacht den Nóta Treoraíochta i láthair.

### Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Chomhdheiseanna do Mhná agus d'Fhir

Chuireamar le hobair Choiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Chomhdheiseanna do Mhná agus d'Fhir a chuir dhá thuairim i dtoll a chéile i mbliana:

- Tuairim ar fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chosc
- Tuairim ar ról an chomhphlé shóisialta i bpá comhionann a chur i bhfeidhm

### Foghlaim Fhrithpháirteach na hEorpa

D'fhreastalaíomar ar chruinniú dhá lá do státseirbhísigh agus acadóirí ó Bhallstáit AE éagsúla, a rinne Éire agus Ostair a óstáil i gcomhpháirt, maidir le ról na bhfear agus na mbuachaillí i ndul chun cinn ar chomhionannas inscne agus i steiréitíopaí inscní a bhriseadh. Mar chuid den imeacht sin, rinneamar cur i láthair ar ról an Chomhlachta Náisiúnta Comhionannais i ndul chun cinn a dhéanamh ar chomhionannas inscne, agus tharraingíomar aird ar obair ar fud ár bhfeidhmeanna tuairiscithe idirnáisiúnta, rannpháirtíochta intíre agus faisnéise don phobal.

## Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Éilítear ar gach comhlacht poiblí in Éirinn aird a thabhairt ar an ngá atá le hidirdhealú a chosc, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna a bhfostaithe, a gcustaiméirí, lucht úsáidte a seirbhísí agus gach duine a dtéann a gcuid beartas agus pleananna i bhfeidhm orthu a chosaint.

Tá Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an 'Dualgas') ina chuid de dhlí na hÉireann ó 2014 i leith, agus leagtar amach é in alt 42 den Acht fán gCoimisiún.

### Tacú le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm go héifeachtach

Leanamar lenár gcuid oibre i gcaitheamh na bliana chun tuiscint agus glacadh níos treise a chruthú agus a chothú i measc Ranna Rialtais agus comhlachtaí earnála poiblí maidir lena bhfreagrachtaí i dtaobh an Dualgais.

Chuireamar athruithe i bhfeidhm ar ár modúl ríomhfhoghlama chun freastal ar riachtanais ár n-úsáideoirí, ag cur torthaí suirbhé a rinneadh in 2022 i bhfeidhm. Tugann an modúl ríomhfhoghlama tuiscint d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí ar chomhionannas, cearta an duine, Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas

agus Cearta an Duine atá éigeantach, agus an chaoi lena chur i bhfeidhm ina gcuid oibre.

Faoi dheireadh na bliana, bhí os cionn 3,000 fostaí sa tseirbhís phoiblí as 181 Comhlacht Poiblí cláraithe chun tabhairt faoin modúl.

Is féidir teacht ar an modúl ar ár suíomh gréasáin.

**Monatóireacht, tuairisciú agus forfheidhmiú**

Sheolamar ár dtairseach monatóireachta ar chomhlíontacht i mí na Nollag, a chuireann ar ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil comhlíontachta comhlachtaí poiblí le halt 42(2) den Acht fán gCoimisiún.

Thugamar faoi mhonatóireacht ar chomhlíontacht trína sheiceáil ar cuimsíodh i bpleananna straitéiseacha na gcomhlachtaí poiblí an ceanglas reachtúil go bhfoilseofaí measúnú ar na ceisteanna um chearta an duine agus comhionannas agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha a beartaíodh, nó atá i bhfeidhm cheana féin, chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin. Caithfidh comhlacht poiblí tuairisciú freisin ar dhul chun cinn na ngníomhartha sin ina thuarascáil bhliantúil. Caithfidh an measúnú ar na ceisteanna, na gníomhartha gaolmhara, agus an tuairisc ar dhul chun cinn na ngníomhartha sin a bheith ar fáil don phobal freisin. Tugadh faoin bpróiseas sin trí thaighde deisce agus cuireadh na sonraí ar chóras na tairsí. D’iarramar ar 318 comhlacht poiblí féachaint ar an tairseach ina dhiaidh sin chun na sonraí a bhailíomar a athbhreithniú agus aon soiléiriú nó sonraí forlíontacha a chur faoinár mbráid.

Cuireann an córas ar ár gcumas staitisticí cruinne a chur i dtoll a chéile faoi chomhlíonadh na gceanglas foilsithe atá i nDualgas na hEarnála Poiblí ar bhonn earnála – féach Aguisín 9.

**Cód Cleachtais a Fhorbairt**

D’iarramar comhairliúchán poiblí ar ár ndréacht-Chód Cleachtais maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ó na príomhpháirtithe leasmhara sna comhlachtaí poiblí. Rinneadh dianmhachnamh ar thorthaí an chomhairliúcháin agus cuimsíodh iad sa dréacht-Chód, nuair ba chuí. Seoladh é chuig Aire na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige lena fhaomhadh. Tabharfaidh an Cód cúnamh agus treoir phraiticiúil do chomhlachtaí poiblí ar na bearta a chaithfidh siad a ghlacadh chun comhlíonadh an Dualgais a léiriú.

**Rannpháirtíocht leis an Earnáil Phoiblí**

Bhí rannpháirtíocht shuntasach againn le comhlachtaí poiblí chun tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach an Dualgais ar fud na hearnála poiblí. D’úsáideamar cur

chuige straitéiseach i leith oiliúint, ceardlanna agus tacaíocht treorach a chur ar fáil, agus leanamar dá réir ag plé le raon leathan comhlachtaí poiblí ar fud na seirbhíse poiblí, naoi Roinn Rialtais agus 31 údarás áitiúil ina measc.

Chuireamar oiliúint ar fáil ar chur i bhfeidhm an Dualgais do phríomhchomhlachtaí poiblí i réimsí straitéiseacha ar nós na hEarnála Sláinte agus Ardoideachais.

### Clár earnáil an rialtais áitiúil

Leanamar i rith na bliana lenár gclár straitéiseach oibre le hearnáil an rialtais áitiúil. Bhí na páirtithe leasmhara ar fad a bhíonn páirteach in earnáil an rialtais áitiúil, 35 comhlacht poiblí san iomlán, ag plé go dlúth linn. Anuas air sin, chuireamar dhá sheisiún oiliúna ar fáil d'Aontas Rialtais Áitiúil na hÉireann, ag cur tacaíocht ar fáil do 900 Comhalta Tofa na n-údarás áitiúil chun cur lena dtuiscint ar an Dualgas agus an ról a bhíonn ag comhairleoirí áitiúla i dtacú lena chur i bhfeidhm mar chuid dá bhfeidhmeanna forchoimeádta sa rialtas áitiúil. Mar chuid den chlár rialtais áitiúil, d'oibríomar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Pobal chun dhá cháipéis acmhainne a chur i dtoll a cheile a thacaíonn le comhlachtaí poiblí dul ag plé le pobail imeallaithe.




Bernie Bradley, Foireann Dhualgas na hEarnála Poiblí ag cur oiliúint ar fáil faoin Dualgas do na Coistí Faireacháin ar Chlár

### Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa 2021–2027

Leanamar ag obair chun a chinntiú gur cloíodh leis na coinníollacha cumasaithe maidir le comhionannas agus neamh-idirdhealú agus an prionsabal cothrománach maidir le comhionannas agus neamh-idirdhealú sa chlár reatha maidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa ('Cistí SIE'). I gcaitheamh na bliana, d'oibríomar le hÚdaráis Bainistíochta éagsúla chun tacú le dul chun cinn a dhéanamh ar chomhionannas agus cearta an duine i bpleanáil, cur i bhfeidhm, monatóireacht, tuairisciú agus meastóireacht na gclár reatha le tacaíocht na treorach faoi Chomhionannas agus Cearta an Duine i gCistí AE, 2021–2027. Chuireamar oiliúint ar fáil do Choistí Faireacháin ar Chlár Chistí SIE. Bhíomar ag plé le 30 comhlacht poiblí eile freisin i dtaca leis an Dualgas a chur i bhfeidhm mar chreat chun breithniú cuí ar na Coinníollacha Cumasúcháin agus Prionsabail Chothrománacha i gcaitheamh an phróisis cistithe a chinntiú.

# Beartais agus cláir a fhorbairt

## Ráitis beartais agus aighneachtaí

Tá moltaí a dhéanamh don Rialtas, don Oireachtas agus do lucht déanta beartas chun cearta an duine agus comhionannas sa Stát a chomhlíonadh agus a neartú ag croí ár sainordaithe. Rinneamar na haighneachtaí agus na ráitis beartais seo a leanas i rith na bliana.

### Ráiteas Beartais maidir le hInnéacsnascadh Íocaíochtaí Leasa (Innéacsú Leasa)

Inár Ráiteas Beartais, tharraingíomar ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus lean obair an Choiste Oireachtais um Fhormhaoirsiú Buiséid, agus moladh go dtabharfadh an Rialtas tús áite do thabhairt isteach córas innéacsaithe leasa. Is é innéacsnascadh íocaíochtaí leasa an cleachtas a bhaineann le híocaíochtaí leasa shóisialaigh (pinsin ina measc) agus/nó creidmheasanna cánach agus bandaí cánach a mhéadú, de réir an bhoilscithe agus sainaithníodh é mar uirlis riachtanach chun dul i ngleic le neamhionannas ioncaim.

### Ráiteas Beartais ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha a Chuimsiú i mBunreacht na hÉireann

Inár ráiteas beartais, d'éilíomar go gcuimseofaí cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha ('ESC') mar chroí-chearta inbhreithnithe i mBunreacht na hÉireann. Ar an gcéad dul síos, mholamar go mbunófaí Comhchoiste Oireachtais maidir le Leasú Bunreachta le haghaidh cearta ESC, ag a mbeadh sainordú soiléir chun dréacht-téacs bunreachta a chur i dtoll a chéile le cur faoi bhráid an Oireachtais. Leagadh béim sa ráiteas go gcaithfeadh aon athchóiriú bunreachtúil dá leithéid a bheith i dteannta na gcosaintí reachtúla, na mbeart beartais agus an leithdháilte acmhainní chuí.

### An Seimeastar Eorpach agus an Clár Athchóirithe Náisiúnta

Inár n-aighneacht do Roinn an Taoisigh, d'éilíomar ar an Roinn dul níos faide ná na tiomantais agus na spriocanna a chur i láthair i gcreataí beartais ábhartha, ar nós an Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, agus díriú ar éagothroime shóisialta agus torthaí fianaise na mbeart sin, a dtionchar iarbhír ar ghrúpaí atá leochaileach go struchtúrtha ina measc. Nuair a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a Thuarascáil Tíre agus a Mholtaí Tírshonracha le haghaidh na hÉireann, thagair sé do go leor de na ceisteanna sóisialta agus geilleagracha ar thugamar tús áite dóibh inár n-aighneacht.

**Athbhreithniú meántéarma ar an Straitéis Bealaí chun Oibre 2021-2025**

Inár n-aighneacht don Roinn Coimirce Sóisialaí, leagamar amach ár mbreathnuithe ar rochtain ar obair, obair chuibhiúil agus an tAistriú Cóir. D'éilíomar go ndíreofaí san athbhreithniú meántéarma ar athrú córasach agus inbhuanaithe a bhaint amach, trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúrtha i rith an dara leath dá saolré. Tharraingíomar aird ar an deis chun spriocanna níos uaillmhianaí agus níos spriocdhírithe a chruthú, spriocanna a d'fhorbrófaí le haghaidh grúpaí atá leochaileach go struchtúrtha agus i gcomhar leo.

**Ráiteas Beartais ar Aistriú Cóir**

Inár ráiteas beartais, scrúdaíomar impleachtaí uileghabhálacha chearta an duine agus comhionannais a bheadh ag aistriú na hÉireann chuig geilleagar gan charbón atá athléimneach ó thaobh aeráide de. Dhíríomar, go háirithe, ar chreataí náisiúnta agus idirnáisiúnta, cearta socheacnamaíocha, rannpháirtíocht, taighde agus sonraí, gnó agus fiontraíocht, agus cuntasacht.



Íomhá ónár bhfíseán faoin Aistriú Cóir

**An ceart chun athaontú teaghlaigh faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015**

Inár n-aighneacht beartais, a cuireadh faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt, chuireamar imní in iúl gur dlí cúlaitheach é an tAcht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nach léiríonn fíorthaithí na nasc teaghlaigh, na gcaidreamh agus na líonraí tacaíochta a bhíonn i bhfeidhm. Chuireamar imní in iúl faoin gcaoi ar chúngaigh an tAcht an rochtain ar athaontú teaghlaigh le haghaidh daoine a bhaineann tairbhe as cosaint idirnáisiúnta agus gur tugadh teorainn ama reachtúil ghearr isteach le haghaidh iarratas. D'éilíomar ar an Stát tiomantas a thabhairt go dtabharfaí faoi athbhreithniú neamhspleách agus cuimsitheach ar na forálacha athaontaithe teaghlaigh ag féachaint leis na forálacha san Acht a neartú agus a leathnú. Mholamar freisin gur cheart go mbeadh na caighdeáin ábhartha um chearta an duine agus comhionannas mar bhonn faoin athbhreithniú ar an gcreat reachtúil agus beartais ar athaontú teaghlaigh.

**Ráiteas Beartais ar Chúram**

Inár ráiteas beartais, rinneamar os cionn 40 moladh don Rialtas, an tOireachtas agus an earnáil phoiblí níos leithne maidir leis an aistriú cultúrtha a theastaíonn chun an cúram a aithint mar leas poiblí seachas táirge tráchtála, agus chun na caighdeáin um chearta an duine agus comhionannas a chomhlíonadh do chúramóirí íoctha agus gan phá, agus iad siúd a fhaigheann seirbhísí cúraim agus tacaíochta. Éilíodh beartais agus cláir cúraim sa ráiteas chun aghaidh a thabhairt ar phatrúin inscneacha an chúraim; an gá le cur chuige trasnach i leith dul i ngleic

le hidirdhealú agus barúlacha neadaithe; tús áite don infheistíocht i seirbhísí poiblí níos leithne; agus soláthar gaolmhar na dtacaíochtaí agus na n-acmhainní a chomhlíonfadh cearta ar nós Cúnamh Pearsanta chun a chinntiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách.in wider public services; and the accompanying provision of rights-compliant supports and resources such as Personal Assistance to ensure disabled people can live independently.

## Taighde

Tá sé d'aidhm ag ár dtaighde fianaise a sholáthar le haghaidh monatóireacht ar chearta an duine agus comhionannas agus le bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais i réimse chearta an duine agus an chomhionannais.

### Clár Taighde na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

Bunaíodh ár gClár Taighde frithpháirteach ar Chearta an Duine agus Comhionannas leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ('ESRI') in 2022, agus tréimhse dhá bhliain ag baint leis. Is é aidhm an Chláir Taighde eolas ar chearta an duine agus comhionannas a chruthú, a fheabhsú agus a bhreisiú, chun fianaise a sholáthar le haghaidh monatóireacht ar chomhionannas agus cearta an duine agus le haghaidh forbairt beartais sa réimse seo, agus béim faoi leith ar ár dTosaíocht Straitéiseach i leith Comhionannas Geilleagrach. Tháinig an Grúpa Stiúrtha le chéile i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna. Tá obair ar bun ar thrí pháipéar, a mheastar a fhoilseofar in 2024.

- ➔ The Impact of the Pandemic on Equality in the Labour Market
- ➔ Adjusting Estimates of Poverty for the Cost of Disability
- ➔ Parents' Benefits- take up and implications for gender equality

### Cómhargáil agus Bunreacht na hÉireann – Constaic nó Éascaitheoir?




D'fhoilsíomar páipéar taighde leis an Dr Alan Eustace agus an tOllamh David Kenny dar teideal 'Collective Bargaining and the Irish Constitution—Barrier or Facilitator?' inar fiosraíodh an ceart chun cómhargála in Éirinn. Déantar anailís sa pháipéar ar dhlí na hÉireann agus na hEorpa, an bhfuil ceart bunreachtúil chun cómhargála agus/nó an gcosnaítear ceart reachtúil chun cómhargála i mBunreacht na hÉireann. Is acmhainn thábhachtach é an páipéar sa réimse seo de chearta saothair, toisc go gcinntear go bhfuil creat agus cosaint reachtúil riachtanach don chómhargáil.

**Ionchuir do Ghrúpaí Oibre agus Comhairleacha Taighde**

Chuireamar ionchur agus comhairle saineolaithe ar fáil mar chomhaltaí iarrata ar ghrúpaí oibre taighde. Táimid inár mball de Ghrúpa Comhairleach Taighde an Údaráis Náisiúnta Míchumais dá Thionscadal Taighde faoi Choimircithe Cúirte agus de Ghrúpa Comhairleach Beartais na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le haghaidh an Staidéir Náisiúnta Fadaimseartha 'Growing Up in Ireland'.

## Sonraí

Tá bailiú sonraí leanúnacha, soiléire riachtanach chun a chinntiú go mbíonn beartais neamh-idirdhealaitheach agus go gcumasaíonn siad rannpháirtíocht chomhionann i saol na hÉireann. Táimid tiomanta do bhonn na sonraí comhionannais a neartú. I gcaitheamh na bliana, bhailíomar sonraí pobalbhreithe agus chuireamar le grúpaí éagsúla a bhíonn dírithe ar shonraí.

**Pobalbhreith bhliantúil**




Tá 85% den tuairim gur cheart caitheamh go comhionann le cách

Is suirbhé trasearnála agus ionadaíoch é ár bpobalbhreith bhliantúil a dhéantar gach bliain. Bailíodh na sonraí trí phobalbhreith ar líne i mí Dheireadh Fómhair le 1,201 rannpháirtí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine. Léiríodh sa phobalbhreith go n-aontaíonn 92% de mhuintir na hÉireann go bhfuil cearta an duine tábhachtach chun sochaí níos córa a chruthú in Éirinn, ach tá beagnach duine as gach triúr tar éis ciníochas a fheiceáil in Éirinn le 12 mhí anuas, agus chonaic duine as gach seachtar idirdhealú mar gheall ar mhíchumas le 12 mhí anuas. Tarraingítear aird sa phobalbhreith ar mhian an phobail go dtiocfadh deireadh leis an soláthar díreach, agus beagnach beirt as gach triúr den tuairim gur cheart dáta deiridh a leagan síos agus líon cosúil leis den tuairim go mbíonn iarrthóirí tearmainn neamhchosanta ar chiníochas agus idirdhealú. Anuas air sin, bhí an pobal ag éirí níos imníche faoi Intleacht Shaorga, le duine as gach ceathrar buartha go bhféadfadh an Intleacht Shaorga a n-áit a thógáil ina bpost as seo go ceann deich mbliana agus mian láidir ann go ndéanfaí í a rialáil.

### Pobalbhreith faoin gCúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha

D'eisíomar suirbhé trasearnála agus ionadaíoch i mbliana ar chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha. Bailíodh na sonraí trí phobalbhreith ar líne i mí na Samhna le 1,200 rannpháirtí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine. Sa phobalbhreith seo, d'aontaigh ceathrar as gach cúigear freagróirí go bhfuil an bhearna idir saibhir agus daibhir na sochaí ag méadú, agus beirt as gach triúr ag aontú nach mbíonn an tionchar céanna ag an méadú ar an gcostas maireachtála ar gach duine. Léiríodh sa phobalbhreith freisin go bhfuil 47% de na freagróirí den tuairim go gcuireann a n-ioncam ar a gcumas dóibh pleanáil go cuí don todhchaí; aontaíonn 56% go bhfuil a n-áit chónaithe gar d'iompar poiblí ar féidir brath air; agus bhí deacrachtaí ag 40% teacht ar dhochtúir le 12 mhí anuas. Maidir leis na réitigh, roinn 70% de na freagróirí a ndearcadh gur bealach maith chun aghaidh a thabhairt ar bhochtanas, eisiamh sóisialta agus neamhionannas é infheistiú go díreach i bpobail.

### Pobalbhreitheanna eile

Reáchtálamar pobalbhreitheanna breise chun meonta an phobail i leith chosaintí an chomhionannais agus chearta an duine i ndiaidh an Bhreatimeachta, agus a bhfeasacht orthu, a ghabháil, agus chun bonn eolais a chur faoi phleanáil don fheachtas náisiúnta feasachta 'Ar son comhionannas do chách agus muid ag dul in aois', trí thuiscint níos fearr a fhail ar dhearcthaí an phobail ar dhaoine níos sine i sochaí na hÉireann.

### Imeacht faoi Shonraí Comhionannais

D'óstálamar imeacht méadaithe feasachta agus malartaithe faisnéise faoi shonraí comhionannais, ar fhreastail daoine ón tsochaí shibhialta, an earnáil phoiblí, taighdeoirí agus acadóirí air. Rinneadh cur i láthair ag an imeacht faoin Straitéis Náisiúnta Sonraí Comhionannais agus pléadh samplaí de dhea-chleachtas agus abhcóideacht ón tsochaí shibhialta agus ollscoileanna.

### Cruinniú Shainghrúpa na Náisiún Aontaithe maidir le Sonraí Saoránach

D'iarr Institiúid na Danmhairge um Chearta an Duine freastal ar Chruinniú Shainghrúpa na Náisiún Aontaithe maidir le hIonchuir Saoránach i Sonraí i gCóbanhávan. I rith an tseisiúin, d'oibrigh an lucht freastail, ar saineolaithe iad, chun Creat Coincheapúil na Náisiún Aontaithe maidir le Sonraí Ginte ag Saoránaigh a fhorbairt.

### Oibriú le Comhlachtaí Poiblí chun Sonraí Comhionannais a Fheabhsú

Is rannpháirtithe gníomhacha muid i Meitheal na Straitéise Náisiúnta Sonraí Comhionannais, Líonra Oifigigh Cosanta Sonraí na gComhlachtaí Poiblí, Grúpa Caidrimh Foirmiúil Staitisteoirí agus Grúpa Comhairleach Daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh, agus Grúpa Comhairleach Teicniúil an Treochláir um an Ionchuimsiú Sóisialta.

# Caighdeáin na freagartha Frithgháinneála in Éirinn a fheabhsú

Bunaíodh ár ról mar Rapóirtéir Náisiúnta Neamhspleách na hÉireann um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 432 de 2020 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac) (An Rapóirtéir Náisiúnta), 2020, ag féachaint le treochtaí a mheasúnú, torthaí a thomhas, sonraí a bhailiú agus tuairisciú a dhéanamh.

Is é ár gcuspóir mar Rapóirtéir maoirsiú éifeachtach, neamhspleách agus fónta a sholáthar ar bhearta an Stáit chun dul i ngleic le gáinneáil ar dhaoine agus íospartaigh a chosaint trí aird a tharraingt ar na láidreachtaí agus na bearnaí agus treochtaí a shainaithint.

## Foilsiú agus Seoladh an Dara Tuarascáil Meastóireachta ón Rapóirtéir

Sheolamar ár nDara Tuarascáil Meastóireachta ar iarrachtaí an Stáit dul i ngleic le gáinneáil ar dhaoine in Éirinn agus aghaidh a thabhairt uirthi. Bhí sonraí agus anailís sa tuarascáil, chomh maith le taighde téamach ar ábhair ábhartha. Ba é seoladh na comhdhála ár gcéad imeacht cumaisc ina raibh daoine i láthair go fisiciúil agus daoine eile ag freastal uirthi mar sheimineár gréasáin. Bhí daoine a tháinig slán as gáinneáil agus saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta i measc na gcainteoirí.



Rúnaí Feidhmiúcháin Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine ('GRETA') Petya Nestorova agus an Príomh-Choimisinéir Sinéad Gibney

## An Bille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha agus Gáinneáil ar Dhaoine)

Inár n-aighneacht don Roinn Dlí agus Cirt, rinneamar 46 moladh chun a chinntiú go gcosnaítear sábháilteacht agus téarnamh íospartaigh na gáinneála leis an mBille.

Díríodh sna moltaí ar: an tairiseach le haghaidh aitheantais, úsáid an chórais cosanta idirnáisiúnta d'íospartaigh na gáinneála, easpa rialacha soiléire imirce

d'íospartaigh mar chuid dá gcúnamh, cosaintí easnamhacha do pháistí go sonrach, agus an gá le cosaint reachtúil ar ionchúiseamh d'íospartaigh.

Chuamar ag plé le comhaltaí Oireachtais ina dhiaidh sin ag cruinniú faisnéise uile-pháirtí i dTeach Laighean, ar Lá Frithgháinneála Daoine an Aontais Eorpaigh, chun ár n-údair imní a chur in iúl agus aird a tharraingt ar na leasuithe a theastaíonn chun an Bille a neartú, agus chun feidhmiú cuí an tSásra Náisiúnta Atreorúcháin a chinntiú.

## Beartas agus Aighneachtaí faoi Gháinneáil ar Dhaoine

Inár ról mar Rapóirtéir, sholáthraíomar anailís ar gháinneáil go sonrach agus moltaí i réimsí a théann i bhfeidhm ar íospartaigh na gáinneála agus sa fhreagairt fhoriomlán chun dul i ngleic le gáinneáil. Ina measc siúd bhí na hionchuir dár n-aighneachtaí ar Scéim Ghinearálta an Bhille fán nGníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe; an Coimisiún um Athchóiriú Dlí i leith Cúiteamh le haghaidh Íospartaigh na Coireachta; an tAthbhreithniú Neamhspleách ar an Scéim Cúnaimh Dlí Shibhialta; agus an tuarascáil chomhuaineach a cuireadh faoi bhráid CEDAW na Náisiún Aontaithe maidir leis an Liosta Saincheisteanna Roimh an Tuairisciú.

D'fháiltíomar roimh fhoilsiú an Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac, 2023–2027 ('NAP'), i ndiaidh rannpháirtíocht fhairsing leis an Roinn Dlí agus Cirt.

D'fháiltíomar roimh na moltaí suntasach faoi gháinneáil ar pháistí a rinne Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ina mBreathnuithe Deiridh ar Éirinn. Ba thábhachtach gur athdhearbhaigh an Coiste ár moltaí ar an ngá atá ann go ndéanfadh an Stát:

> *"(a) Sásra náisiúnta atreorúcháin a bhunú chun leanaí ar íospartaigh gáinneála iad a aithint agus a tharchur agus a rochtain a chinntiú ar thacaíocht síceolaíochta, cabhair dhlíthiúil agus seirbhísí tacaíochta eile, de réir mholtaí an rapóirtéara náisiúnta um gháinneáil ar dhaoine a chosc."*

Ghlacamar páirt san Fhóram ar Oideachas Sláinte agus Cúram Sóisialach agus Gáinneáil ar Dhaoine a bunaíodh i mí Aibreáin, chun ár saineolas agus cuidiú a thairiscint in oideachas a chur ar ghairmithe amach anseo i gcúrsaí gáinneála ar dhaoine, agus chun iarrachtaí aitheantais agus coisc a fheabhsú. Tá sé d'aidhm ag an nGrúpa feasacht agus aitheantas a ardú i measc gairmithe sláinte ar a ról i gcabhrú le híospartaigh na gáinneála ar dhaoine a aithint agus cúram a chur ar fáil dóibh.

Ghlacamar páirt freisin i Meitheal Tusla chun tiomantais Tusla faoin Dara agus an Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac a scrúdú agus chun dul chun cinn a dhéanamh orthu. Is grúpa ildisciplíneach í an Mheitheal ina bhfuil Gníomhaireachtaí Stáit agus Eagraíochtaí Sochaí Sibhialta.

## Ionchur faoi Threoir Íospartach

Tá rannpháirtíocht na n-íospartach ina bunchloch dár gcuid oibre agus phléamar go forleathan le marthanóirí-íospartaigh trí shraith comhairliúchán le marthanóirí.

## Rannpháirtíocht le Líonra an Aontais Eorpaigh de Rapóirtéirí Náisiúnta agus Meicníochtaí Coibhéiseacha ar Gháinneáil ar Dhaoine

I gcaitheamh na bliana, i dteannta na Roinne Dlí agus Cirt (Comhordaitheoir Náisiúnta Frithgháinneála), Ardán an Aontais Eorpaigh i gcoinne Gáinneáil ar Dhaoine agus an Ghrúpa Comhordaithe Idirghníomhaireachta in aghaidh na Gáinneála ar Dhaoine, d'fhreastalaíomar ar chruinnithe Líonra an Aontais Eorpaigh de Rapóirtéirí Náisiúnta agus Meicníochtaí Coibhéiseacha, inar díríodh ar ghnéithe éagsúla de dhul i ngleic leis an ngáinneáil ar dhaoine, ina measc comhar idirnáisiúnta, freagairt don chogadh san Úcráin agus an leasú ar Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Frithgháinneáil.

D'fhreagraíomar ceistneoir freisin ar ghné ar líne na gáinneála ar dhaoine ó Chomhordaitheoir Frithgháinneála an Aontais Eorpaigh agus Rapóirtéir Náisiúnta na Spáinne (mar chuid d'Uachtaránacht na Spáinne ar an Aontas Eorpach), ag úsáid sonraí ó chaibidil a dó dár nDara Tuarascáil Meastóireachta, ag díriú ar gháinneáil in Éirinn atá á héascú ag an teicneolaíocht.

## Comhairliúcháin, Comhoibriú agus Oiliúint

D'eagraíomar imeachtaí comhairliúcháin agus comhleibhéil le hEagraíochtaí Sochaí Sibhialta i rith na bliana.

I mí an Mhárta, d'óstáil Uachtaránacht na Sualainne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh Comhdháil ar Gháinneáil ar Dhaoine dar teideal 'Prevention models to address the demand for trafficking for sexual purposes'. D'fhreastalaíomar ar chruinnithe le hIonadaí Speisialta na hEagraíochta um Shlándáil agus Chomhar san Eoraip ('ESCE') ar Gháinneáil ar Dhaoine, Rapóirtéir na Sualainne ar Gháinneáil agus Eagraíochtaí Sochaí Sibhialta, chomh maith le bualadh le Rapóirtéirí Náisiúnta na Fraince agus na Fionlainne.

D’fhreastalaíomar freisin ar oiliúint ESCE-ODIHR sa Pholainn dar teideal ‘Addressing human trafficking risks in light of military attack on Ukraine: Training for civil society and frontline responders’.

D’iarr Buanmhisean na hÉireann in ESCE orainn ár n-obair mar Rapóirtéir Náisiúnta a chur i láthair agus roinneamar barúlacha ar an Sásra Náisiúnta Atreorúchán a bheartaítear d’íospartaigh na gáinneála in Éirinn agus Cruinniú Comhchoiste ESCE. Rinneamar cur i láthair freisin ar ról agus cuspóir Rapóirtéir Náisiúnta na hÉireann um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc ag fóram frithgháinneála in Astana/an Chasacstáin, a chomhóstáil Oifig an Ionadaí Speisialta ar Gháinneáil ar Dhaoine de chuid ESCE.




Lucht freastail ag Fóram na hEorpa in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine le haghaidh Saothar Éigeantach agus Dúshaothrú Oibre sa tSualainn

Thaistealaíomar go dtí an tSualainn chun freastal ar Fhóram na hEorpa in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine le haghaidh Saothar Éigeantach agus Dúshaothrú Oibre, a d’eagraigh Comhairle Stáit Mhuir Bhailt agus an Comhordaitheoir Náisiúnta in aghaidh Striapachais agus Gáinneáil ar Dhaoine ag Gníomhaireacht Comhionannais Inscne na Sualainne. Ba dheis a bhí san Fhóram bualadh le raon leathan de pháirtithe leasmhara AE agus faisnéis a mhalartú leo, ina measc cigireachtaí saothair, póilíní, ionchúisitheoirí, breithimh, oibrithe sóisialta, sochaí shibhialta agus lucht acadúil.

D’óstálamar cruinniú comhleibhéil le haghaidh saineolaithe ar gháinneáil ar dhaoine agus saothar éigeantach chun malartú eolais agus saineolais a éascú, agus chun na hathchóirithe a shainaithint ar gá tús áite a thabhairt dóibh chun an cineál seo dúshaothraithe in Éirinn a chomhrac níos fearr. Ba í an tOllamh Kathleen Lynch cathaoirleach an chruinnithe sin. Bhí an fhoireann ann i dteannta saineolaithe ó Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn, an Chomhairle um Inimircigh in Éirinn, an Cónaidhm Oibrithe Iompair Idirnáisiúnta, agus na saineolaithe dlí Colin Smith, Abhcóide Dlí, agus an Dr Clíodhna Murphy, Ollamh Comhlach i Scoil an Dlí agus na Coireolaíochta in Ollscoil Mhá Nuad.

# Comhionannas agus cearta an duine ar oileán na hÉireann

## Airteagal 2 de Chreat Windsor

Faoi Airteagal 2 de Chreat Windsor (Prótacal na hÉireann/Thuaisceart Éireann maidir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach roimhe seo), thug Rialtas na Ríochta Aontaithe tiomantas go gcinnteofar go leanfar ag seasamh le cosaintí ceart comhionannais agus daonna áirithe i dTuaisceart Éireann i ndiaidh an Bhreatimeachta.

Leanamar ag obair le Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann (‘ECNI’) agus Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine (‘NIHRC’) chun maoirseacht a chur ar fáil ar cheisteanna ceart agus comhionannais, agus tuairisciú orthu, mar a bhaineann sé le raon feidhme cheanglas Airteagal 2 lena mbaineann gné oileán na hÉireann.

Tháinig Meitheal Airteagal 2 le chéile ceithre huaire i rith na bliana chun dul chun cinn a dhéanamh ar an obair sin, agus tháinig Comhchoiste ar leith Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus Choimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine le chéile faoi dhó chun machnamh a dhéanamh ar cheisteanna chearta an duine ar oileán na hÉireann, de réir Chomhaontú Bhéal Feirste.

Sheolamar an dara tuarascáil gníomhaíochta dár n-obair chomhpháirteach chun cur i bhfeidhm Airteagal 2 de Chreat Windsor ó thaobh oileán na hÉireann a chinntiú. Cuimsítear obair sin na dtrí Choimisiún ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go mí Meán Fómhair 2023 sa tuarascáil.

## Meonta i leith an chomhionannais agus chearta an duine i ndiaidh an Bhreatimeachta

Reáchtálamar suirbhé ar mheonta i leith an chomhionannais agus chearta an duine i ndiaidh an Bhreatimeachta in Éirinn chun bonn eolais a chur faoi obair chomhpháirteach na dtrí Choimisiún chun cosaintí comhionannais agus chearta an duine a chur i bhfeidhm ar oileán na hÉireann i ndiaidh an Bhreatimeachta.

I measc phríomhthorthaí an tsuirbhé, a rinneadh ar os cionn 1,000 duine fásta a bhí 18 mbliana d’aois agus níos sine a chónaíonn in Éirinn bhí:

- Bhí 47% de na freagróirí ar an eolas (14%) nó saghas ar an eolas (33%) go bhfuil baol ann go mbeidh difríocht idir leibhéal na gcosaintí um chomhionannas agus cearta an duine idir Éire agus Tuaisceart Éireann mar gheall ar an mBreatimeacht.
- Cheap 81% de na freagróirí go raibh sé tábhachtach (26%) nó an-tábhachtach (55%) go mbeadh leibhéal na gcosaintí um chomhionannas agus cearta an duine mórán mar an gcéanna in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

### Comóradh 25 bliain ar Chomhaontú Aoine an Chéasta

Reáchtáil na trí Choimisiún imeacht i mBaile Átha Cliath chun machnamh a dhéanamh ar chomhionannas agus cearta an duine ar oileán na hÉireann 25 bliain i ndiaidh Chomhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta). Fiosraíodh san imeacht tiomantas Rialtas na Ríochta Aontaithe do chearta agus comhionannas tar éis an Bhreatimeachta faoi Airteagal 2 de Chreat Windsor; róil na gCoimisiún i maoirsiú an tiomantais sin; agus an baol go mbeadh difríochtaí idir cearta ag dul i méid.

Ina measc siúd a d'fhreastail ar an imeacht, bhí ionadaithe tofa, oifigigh Rialtais, tráchtairí ó na meáin, ionadaithe sochaí sibhialta, an pobal dlí, lucht acadúil, agus comhlachtaí AE ar nós Oifig Pharlaimint na hEorpa in Éirinn chomh maith le páirtithe leasmhara ábhartha ó Thuaisceart Éireann.



Príomh-Choimisinéir NIHRC Alyson Kilpatrick, Príomh-Choimisinéir IHREC Sinéad Gibney, agus Príomh-Choimisinéir ECNI Geraldine McGahey OBE, taobh amuigh de Theach Laighean

### Teacht i Láthair Thithe an Oireachtais

Thángamar i láthair an Choiste Oireachtais um Fhorfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta i dteannta Choimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann agus Choimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine chun aird a tharraingt ar an mbaol a bhaineann leis an méadú atá ag teacht ar an difríocht idir cosaintí comhionannais agus ceart ar fud oileán na hÉireann tar éis an Bhreatimeachta.

Tháinig na trí Choimisiún i láthair mar chuid dár ról maoirseachta comhpháirteach ar cheisteanna ceart agus comhionannais laistigh de raon feidhme thiomantas Rialtas na Ríochta Aontaithe in Airteagal 2 de Chreat Windsor a bhfuil gné oileán na hÉireann ag baint leo. Thugamar breac-chuntas ar an mbaol go dtiocfadh difríochtaí chun cinn sna cosaintí sa chás go dtugtar dlíthe AE isteach in Éirinn a neartaíonn cearta comhionannais agus chearta an duine ach nach gá iad a chur i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann tar éis an Bhreatimeachta.



Príomh-Choimisinéirí ó na Ceithre Dhlínse

**Ceithre Dhlínse**

Buailimid gach bliain lenár gcomhpháirtithe i dtrí dhlínse na Ríochta Aontaithe; Coimisiún Chearta an Duine i dTuaisceart Éireann, Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann, Coimisiún Chearta an Duine in Albain agus Coimisiún Chearta an Duine agus Comhionannais. Is fóram a bhíonn sa chruinniú sin do na Coimisiúin chun comhoibriú le chéile agus faisnéis a mhalartú ar an dea-chleachtas i leith ceisteanna chearta an duine atá ann faoi láthair agus cinn atá ag teacht chun cinn..

**Rannpháirtíocht le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus páirtithe leasmhara AE eile**

Bhuail an Príomh-Choimisinéir, i dteannta a leathbhric i gCoimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann agus Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine, le Feisirí Éireannacha de Pharlaimint na hEorpa ag Parlaimint na hEorpa sa Bhruiséil. Díríodh sa rannpháirtíocht ar obair chomhpháirteach na dtrí Choimisiún maidir le hAirteagal 2 de Chreat Windsor agus an chaoi a bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa ról a bheith aici i gcinntiú go gcomhlíontar Airteagal 2. Agus iad ansin, d'óstáil Oifig Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann sa Bhruiséil comhimeacht leis na trí Choimisiún chun feasacht a mhéadú ar Airteagal 2 le haghaidh oifigigh AE, ionadaithe sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara tábhachtacha eile.

# Rannpháirtíocht agus cumarsáid

## Ár spás poiblí a úsáid chun tacú leis an tsochaí shibhialta

Bhain raon leathan d'eagraíochtaí sochaí sibhialta leas as ár spás imeachtaí le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla, ina measc comhdhálacha, seimineáir, pléití agus oiliúint. Bhí méadú ar an úsáid a bhain eagraíochtaí sochaí sibhialta as an spás chun taighde agus tuarascálacha eile a maoiníodh faoinár scéim deontas a sheoladh. Nuair ab fhéidir, labhair an Príomh-Choimisinéir ag na himeachtaí sin. Tharla nach mór 50 imeacht ann i gcaitheamh na bliana.

Rinneamar uasghrádú agus suiteáil ar theicneolaíocht nua chlosamhairc freisin, agus is féidir freastal ar imeachtaí cumaisc sa spás anois dá bharr.




Seoladh threoir Pobal faoin gcuimsiú pobail inár spás poiblí

### Fóram na Sochaí Sibhialta – Comhairliúchán ar an gCúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha

Reáchtálamar Fóram na Sochaí Sibhialta – Comhairliúchán ar an gCúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha ('ICESCR'). Bhí an-éileamh air, agus d'fhreastail níos mó ná 70 ionadaí ó raon leathan eagraíochtaí sochaí sibhialta idir náisiúnta agus áitiúil air, ina measc ionadaithe ar roinnt ceardchumann. Chuir na rannpháirtithe le dhá bhabhta de phlé meithle ar na sé réimse théamacha seo a leanas: bochtanas agus eisiamh sóisialta; tithíocht agus cóiríocht; sláinte agus cúram sóisialach; oideachas; agus fostaíocht.
Sheol eagraíochtaí sochaí sibhialta raon tuarascálacha isteach i ndiaidh an chomhairliúcháin a chuir bonn eolais faoinár dtuarascáil chomhuaineach ar an gCúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha.

### For-rochtain

Thug an Príomh-Choimisinéir faoi chuairteanna for-rochtana ar Phort Láirge, Corcaigh agus Dún na nGall i gcaitheamh na bliana.

Príomhbhéim de chuid na gcuairteanna sin ab ea rannpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta, le grúpaí pobail agus le scoileanna faoina gcláir agus dtionscnaimh atá ag cur chun cinn tuiscint idirchultúrtha, ag imeascadh daoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta agus ag soláthar oideachas agus tacaíochtaí pobail ina gceantair áitiúla. Phléigh sí freisin údair imní bheartais faoi chumasachas, ciníochas, oideachas, fostaíocht, agus sláinte, chomh maith le ról Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. I bPort Láirge, bhuail sí le Waterford Integration Services, ionad acmhainní teaghlaigh BrillFRC agus Coláiste Pobail Naomh Pól. I gCorcaigh, bhuail sí le hIonchuimsiú Éireann, NASC – An Lárionad do Chearta Imirceach agus Teifeach agus Traveller Visibility Group, Corcaigh. I nDún na nGall, bhuail sí le Pobal Le Chéile, Bród na Gaeltachta, Ardán Idirchultúrtha Dhún na nGall agus Pobalscoil Chloich Cheannfhaola, an Fál Carrach.



An Príomh-Choimisinéir Sinéad Gibney le foireann Waterford Integration Services

## Scéim Deontas chun tacú leis an tsochaí shibhialta agus le daoine a bhfuil cearta acu

Cuireadh €400,000 ar fáil chun tacú le tionscadail a dhéanfaidh eagraíochtaí sochaí sibhialta ar fud na tíre. Dhírigh Scéim Deontas Chearta an Duine agus Comhionannais, 2023–24 ar phéire de thosaíochtaí straitéiseacha an Choimisiúin:

- Tosaíocht Straitéiseach a Dó – Teacht ar Cheartas
- Tosaíocht Straitéiseach a Trí – Meas agus Aitheantas

Seoladh an scéim i mí an Mhárta. Fuarthas 79 iarratas incháilithe san iomlán.

Bronnadh deontais ghinearálta suas go €20,000 agus deontais níos lú suas go €6,000 ar thionscadail. Bhí an scéim oscailte d’eagraíochtaí sochaí sibhialta a oibríonn chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn, ceardchumainn agus grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar phobail a thugann

aghaidh ar bhochtanas agus eisiamh sóisialta nó pobail a chosnaítear faoi na naoi bhforas comhionannais.

Tugadh tacaíocht deontas do 30 tionscadal, a chuimsigh raon ceisteanna a bhain le Dul Chun Cinn a Dhéanamh ar Theacht ar Cheartas agus Cearta agus chun Deireadh le Cumasachas, Aoiseachas, Ciníochas, Gnéasachas, Homafóibe agus Trasfhóibe a Chur Chun Cinn.

Tá liosta iomlán de na tionscadail in Aguisín 7.




An Príomh-Choimisinéir Sinéad Gibney agus an Rannpháirtí Feachtais Linda O'Sullivan ag seoladh ár bhFeachtas Cúram a Dhéanamh den Chomhionannas

## Feasacht an phobail

Leanadh lenár sraith feachtas 'Mar gur daoine muid ar fad, is mar a chéile muid ar fad' lenár bhfeachtas náisiúnta feasachta Cúram a Dhéanamh den Chomhionannas, a bhí ar bun i gcaitheamh mhí Eanáir ar fhógraíocht teilifíse, raidió, shóisialta agus dhigiteach.

Seoladh an feachtas ar Nollaig na mBan, agus léiríodh ann agallaimh le mná ó chúlraí difriúla a roinn a ndearcthaí pearsanta ar an gcaoi a dtéann neamhionannas inscne agus obair chúraim i bhfeidhm ar a saol ó lá go lá, ar a bhféidearthachtaí gairme agus ar a dtodhchaí.

Cé gur dhírigh na feachtais roimhe seo ar mheonta i leith ciníochais agus míchumais, thug Cúram a Dhéanamh den Chomhionannas dúshlán na meonta seanbhunaithe sa tsochaí faoi nádúr thar a bheith inscneach an chúraim, idir chúram gan phá agus chúram ar phá íseal, agus an chaoi a dtéann sé sin i bhfeidhm ar mhná san ionad oibre.

Ba é cuspóir an fheachtais daoine a chumasú le gnéasachas laethúil agus struchtúrtha a aithint agus a dhúshlán a thabhairt sa bhaile agus san ionad oibre, ag nochtadh dhofheictheacht luach an chúraim sa tsochaí agus na neamhionannas inscne dá mbarr.

## Sna meáin

Tá ár rannpháirtíocht leis na meáin áitiúla, náisiúnta, idirnáisiúnta agus ar líne lárnach inár n-obair chun príomhcheisteanna chearta an duine agus comhionannais a chur in iúl. Bhí rannpháirtíoch réamhghníomhach ar siúl againn i gcaitheamh na bliana leis na meáin ar raon leathan ceisteanna a d’eascair as ár n-obair dhlíthiúil, bheartais agus taighde. Ina measc siúd bhí cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, cearta iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, cearta an linbh, deireadh a chur le foréigean in aghaidh na mban, bás cuidithe, an tAistriú Cóir, gáinneáil ar dhaoine, cóiríocht don Lucht Siúil, cúnamh dlí sibhialta agus taithí aos óg na hÉireann ar den dara glúin mionlaigh eitnigh iad.

Áiríodh leis an tuairisciú ar na meáin dá bharr scéalta agus eagarfhocail inár nuachtáin náisiúnta, chomh maith le go leor agallamh leis an bPríomh-Choimisinéir ar na meáin chraolta, idir an teilifís, an raidió agus ar líne ar phodchraoltaí.

Bhain éachtaí móra le seoladh ár bhfeachtais Cúram a Dhéanamh den Chomhionannas agus na himeachtaí a thug an Coimisiún os comhair na hArd-Chúirte ina ainm féin, ag iarraidh go dtabharfaí aghaidh ar mhainneachtain an Stáit freastal ar bhunriachtanais na ndaoine a bhí tar éis teacht go hÉirinn le deireanaí agus a bhí ag lorg tearmainn.



Second generation minorities reveal impact of racial abuse

Jack White

Racism and discrimination have a "devastating" impact on second-generation ethnic minority young people in Ireland, a new study has found.

The report by the Irish Human Rights and Equality Commission (IHREC) shows discrimination, racism, and microaggression are "ever-present" aspects of ethnic minority young peoples' experiences.

Participants aged between 18 and 24 highlighted racial discrimination in a range of contexts, including schools, the workplace, universities, and public spaces.

Verbal assaults were the most common type of discrimination experienced, participants highlighted microaggressions as the worst issues faced. These included "dirty looks", people holding on to bags, or crossing the road to avoid you.

The report said the volume of racist experiences reported should be a cause of "urgent concern".

Participants stated that online platforms often provide a space for less confident people to "be racist" or say "discriminatory things".

One participant recalled being told they should "leave the country" and being sent the video of African American man George Floyd being killed by a US police officer.

Participants also reported the existence of violent racial abuse experienced both personally and through second-hand reports of their friends and family which ranged from overtly racist comments experienced in school at a young age, to physical assault and serious injury.

Inappropriate or inadequate responses to discrimination were also reported in education with one participant recalling a teacher not intervening when another child in the class made a racist remark. "The only thing the teacher did was to tell the student to sit down," they said.

Another participant described secondary school as a "doghouse" when it came to racism.

"A lot of the time the response was 'oh, if I didn't see it, I didn't hear it, then there's not much I can do' so, my mentality was 'ok, the teachers are not going to do anything, the principal is not going to do anything'," they said.

The IHREC said while there has been consistent evidence of institutional racism and discrimination towards the Traveller community in Ireland, there is a noticeable growth in "racist, anti-immigrant and far-right organising", which the commission said needs to be robustly challenged.

Chief Commissioner Sinéad Gibney said tackling racism is a "long-term project" which requires a sustained focus and coherent leadership from the State.


"Ireland is an ethnically diverse country. Racism not only affects those targeted directly but also, if not challenged, sends a pernicious message that some of our people do not belong and can therefore be mistreated with impunity," she said.

Ms Gibney said the launch of the National Action Plan Against Racism is a unique opportunity to focus national will and energy towards ending racial discrimination and corresponding disadvantage.

Co author of the report Dr Malgosia Machowska-Kosciak said the study explores the experiences of young Irish people that have been to date under-reported and can have a devastating impact on people's sense of belonging and their well-being.

In the current context of increased numbers of people accessing asylum, the report calls for anti-racism measures to be promoted across political and public institutions, through systemic training and more diverse recruitment within police, courts, healthcare, and teaching professions.

George Floyd: One participant was sent a video of him being killed by a US police officer.



The true value of care

"Minimal" shift in our culture of care despite the fact that women are on the whole educated and employed in higher numbers than ever before

Chief commissioner Sinéad Gibney and campaign participant Ailbhe Smyth. Photo Chris Bellew / Fennell Photography

Thu Jan 12 2023 · 09:26

How care is viewed and valued - and how this contributes to inequality, both in the home and in the workplace - is the crux of a new awareness campaign from the Irish Human Rights and Equality Commission. The third in the "Because we're all human/ Means we're all equal" series of campaigns from the Commission, "Care about equality" aims to uncover entrenched societal attitudes towards care and highlight the often heavily gendered nature of caring.

Featuring interviews with women from different backgrounds sharing their personal perspective on how gender inequality and care work impacts on their daily lives, their career potential and their futures, the goal of the campaign is to increase awareness of this nuanced and often complex issue, says chief commissioner Sinead Gibney, who adds that it is a strategic priority for IHREC. "The Commission wants to really look at the impact of our attitudes to care and how we think about care and how that impacts equality, particularly equality in the workplace."


Ultimately, this is an issue that touches the lives of everyone, Gibney says. "We are all carers or cared for at some stage in our lives and all women are shaped and impacted by the societal and structural expectations that we have around care. The campaign itself hopes to increase the awareness of how heavily gendered our caring is, and what it means for women and others in the workplace."



Call to ban discrimination over criminal convictions or socio-economic status



'Reasonable medical judgment' must be part of assisted dying law – committee



Social Affairs

Ireland's 'chronic' record on human trafficking detailed in report sent to UN committee

Forced marriages in some ethnic minority communities remain a 'hidden issue' in Ireland due to lack of data, says human rights body

IHREC chief commissioner Sinéad Gibney said the group's report shows there have been some positive developments in Ireland in recent years. Photograph: Nick Bradshaw/The Irish Times

Ellen O'Riordan

Mon Sep 25 2023 - 00:01

A "chronic deficiency" in Ireland's response to human trafficking has been highlighted in a report sent to a United Nations committee.

The Irish Human Rights and Equality Commission (IHREC) said prosecutions for human trafficking remain "exceeding low", while a severe lack of safe and appropriate accommodation for female trafficking victims means they are largely accommodated in direct provision.

There are only eight beds for trafficking victims in a shelter opened as a pilot this year, it said. This, it stressed, is "far below the level of need", considering 42 victims – including three girls – were identified by gardaí last year.

The rights watchdog also pointed to the inadequacy of refuge places for domestic abuse victims and said early and forced marriages in some migrant and ethnic minority communities remain a "hidden issue" in Ireland due to a lack of official data.

## Buaicphointí na meán sóisialta

**X (Twitter)**

**3,706,800**

Taispeáint – **308,900** in aghaidh na míosa ar an meán

**LinkedIn**

**27%**

Méadú ar an líon leantóirí ó **9,512** go **12,055**

**Instagram**

**13%**

Méadú ar an líon leantóirí, ó **3,240** go **3,669** amhail deireadh na blianad

Leantóirí/Síntiúsóirí faoi dheireadh 2023

| X (Twitter) | LinkedIn | Instagram | Nuachtlitir | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| 19,936 | 12,055 | 3,669 | 4,311 | 39,971 |

## Buaicphointí an tsuímh ghréasáin

**582,794**

Amharc leathanaigh ar ár suíomh gréasáin. **48,566** in aghaidh na míosa ar an meán.

**72,000**

Úsáideoir nua a d'úsáid ár suíomh gréasáin

### Na leathanaigh is mó ar tugadh cuairt orthu

I ndiaidh ár leathanaigh baile, ba iad na leathanaigh is mór ar tugadh cuairt orthu ná iad siúd a dhírigh ar chóir chomhionann i rochtain ar sheirbhísí **(39,654 amharc leathanaigh)**, ár leathanach lamairne le haghaidh 'Do Chearta' **(25,576 amharc leathanaigh)**, agus eolas faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta le haghaidh fostóirí **(13,781 amharc leathanaigh)**.

# Rialachas Corparáideach agus Struchtúr

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, a bunaíodh an 1 Samhain 2014 faoin Acht fán gCoimisiún. Is é ár sainordú reachtúil cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a thógáil. Is muid Institiúid Náisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um an gComhionannas.

## An Coimisiún

Tá 15 Chomhalta ag an gCoimisiún, agus an Príomh-Choimisinéir ar dhuine díobh siúd (féach ar Aguisín 1). Ceapadh forálacha an Achta chun neamhspleáchas an Choimisiúin ina chuid oibre a chinntiú. Ceapann an tUachtarán Comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh vóta in dhá Theach an Oireachtais.

Is comhlacht corpraithe é an Coimisiún. Tuairiscíonn sé go díreach don Oireachtas dá fheidhmeanna reachtúla agus cinneann na Comhaltaí a bheartas agus a ghníomhaíochtaí go neamhspleách. Tugtar faoi chinnteoireacht ag leibhéal an Choimisiúin, nuair is féidir, ar bhonn an chomhaontaithe. Má tá éagsúlacht tuairimíochta ann faoi ábhar ar leith, féadfar vóta an tromlaigh a úsáid. Aithníodh neamhspleáchas an Choimisiúin, de réir Phrionsabail Pháras, lena chreidiúnú mar stádas “A” mar Institiúid Náisiúnta um Chearta an Duine leis na Náisiúin Aontaithe.

Reáchtálann an Coimisiún an líon cruinnithe a theastaíonn chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, ach i ngach bliain, ní mór dó cruinniú amháin ar a laghad a reáchtáil i ngach ráithe.

Bhí ocht ngnáthchruinniú iomlánacha ag an gCoimisiún, ar na dátaí seo a leanas: 26 Eanáir, 9 Márta, 20 Aibreán, 1 Meitheamh, 13 Iúil, 14 Meán Fómhair, 26 Deireadh Fómhair agus 7 Nollaig.

Reáchtáladh naoi gcruinniú urghnácha freisin, chun cinntí am-íogaire a thaifeadadh, idir na gnáthchruinnithe iomlánacha a beartaíodh. Reáchtáladh na cruinnithe iomlánacha urghnácha ar na dátaí seo a leanas: 6 Eanáir, 3 Feabhra, 11 Aibreán, 4 Bealtaine, 28 Meitheamh, 11 Nollaig, 14 Nollaig, 19 Nollaig agus 20 Nollaig.

Leagtar amach Sceideal de Fhreastal, Táillí agus Speansais in Aguisín 5.

Caithfidh an Coimisiún, gach trí bliana, a ráiteas straitéise a fhoilsiú ina leagtar amach na príomhchuspóirí agus na straitéisí lena mbaineann, úsáid acmhainní an Choimisiúin ina measc. Caithfear an ráiteas straitéise a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Údaraíonn an Coimisiún buiséad agus plean oibre bliantúil freisin. Chomhaontaigh an Coimisiún a thríú Ráiteas Straitéise trí bliana, ó 2022–2024, a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais mí na Nollag 2021.

Déanann an Coimisiún cinntí straitéiseacha ar fheidhmeanna reachtúla, ráitis beartais an Choimisiúin agus úsáid a chumhachtaí dlíthiúla ina measc, seachas nuair a tharmligtear iad go sonrach.

Tharmlig an Coimisiún a chumhacht chun cabhair dhlíthiúil agus cabhair eile a sholáthar faoi alt 40 den Acht fán gCoimisiún don Cheannasaí Dlí. Tarmligtear don Cheannasaí Dlí, i gcomhairle leis an Stiúrthóir, cumhachtaí an Choimisiúin faoi alt 32 den Acht i leith athbhreithnithe comhionannais agus pleananna gníomhaíochta.

Tá an Stiúrthóir freagrach as bainistíocht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ó lá go lá. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Coimisiún agus an ardbhainistíocht. Leagtar amach ról agus freagrachtaí an Stiúrthóra in ailt 20–23 den Acht.

Cloíonn an Stiúrthóir agus an ardbhainistíocht leis an treoir straitéiseach a leagann an Coimisiún amach. Tugann an Stiúrthóir eolas don Choimisiún faoi fheidhmíocht a bhfeidhmeanna, lena n-áirítear eolas i leith na bhfeidhmeanna sin sa mhéid is go mbaineann siad le cúrsaí airgeadais an Choimisiúin, de réir mar a theastaíonn sé ón gCoimisiún. Ina theannta sin, cinntíonn an Stiúrthóir go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Choimisiúin ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh go dtarlóidh siad.

## Coistí

Bhunaigh an Coimisiún Coistí chun cabhrú le rialachas agus le hobair an Choimisiúin i dtaca lena thosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn. Áirítear leo siúd an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Cásoibre Dlí, agus an Coiste Beartais agus Taighde.

Tugtar comhaltacht na gCoistí sin, agus freastal orthu i rith na bliana, in Aguisín 3.

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é cuspóir an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca leordhóthanacht agus éifeachtacht ár gcóras rialaithe inmheánaigh, ár dtimpeallachta rialaithe agus ár nósanna imeachta rialaithe a mheas; maoirsiú a dhéanamh ar obair na hIniúchóireachta Inmheánaí agus comhairle agus treoir ghairmiúil a thabhairt maidir leis na córais bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh don Stiúrthóir mar Oifigeach Cuntasaíochta agus don Choimisiún.

Reáchtáladh ceithre chruinniú: 21 Márta, 26 Meitheamh, 27 Meán Fómhair agus 22 Samhain.

### An Coiste Cásoibre Dlí

Is é cuspóir an Choiste Cásoibre Dlí comhairle a chur ar an gCoimisiún ar straitéis maidir le cásobair dlí agus treoirlínte a fhorbairt, a nglacfaidh an Coimisiún leo, d’fheidhmíocht feidhm dlíthíochta/cásoibre an Choimisiúin – amicus curiae, imeachtaí ina ainm féin, imeachtaí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus scéimeanna cúnaimh dlí.

Reáchtáladh ocht gcruinniú agus deich gcruinniú urghnácha i gcaitheamh na bliana:

6 Eanáir, 16 Eanáir, 3 Feabhra, 27 Feabhra, 9 Márta, 14 Márta, 13 Aibreán, 28 Aibreán, 12 Bealtaine, 26 Bealtaine, 29 Bealtaine, 3 Iúil, 11 Meán Fómhair, 16 Deireadh Fómhair, 31 Deireadh Fómhair, 4 Nollaig, 14 Nollaig agus 19 Nollaig.

### An Coiste Beartais agus Taighde

Is é cuspóir an Choiste Beartais agus Taighde comhairle a chur ar an gCoimisiún ar straitéis maidir lena fheidhmeanna beartais agus taighde, lena n-áirítear a idirghabhálacha reachtaíochta, tuairisciú idirnáisiúnta, ráitis beartais agus cláir sonraí agus taighde.

Reáchtáladh cúig chruinniú, cruinniú urghnách ina measc: 30 Eanáir, 14 Feabhra, 4 Iúil, 23 Deireadh Fómhair agus 4 Nollaig.

## Coistí comhairleacha

Foráiltear le halt 18 den Acht fán gCoimisiún go ndéanfaimid, d’fhonn comhoibriú éifeachtach a bhunú agus a chothabháil le hionadaithe do ghníomhaireachtaí iomchuí agus don tsochaí shibhialta cibé Coistí Comhairleacha is cuí linn a cheapadh chun cabhair agus comhairle a thabhairt dúinn i dtaobh nithe a bhaineann lenár bhfeidhmeanna.

Áirítear leo siúd Coiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais, Coiste Comhairleach d’Oibrithe agus d’Fhostóirí agus Coiste Comhairleach ar Thodhchaí na Reachtaíochta Comhionannais.

### An Coiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais

I ndiaidh dhaingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, in 2018 bhunaigh an Coimisiún Coiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais faoi alt 18 den Acht fán gCoimisiún.

Is é ról an Choiste:

- cúnamh agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ar ábhar a bhaineann lena fheidhm athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an dlí agus an chleachtais sa Stát maidir le cosaint daoine atá faoi mhíchumas; agus
- comhairle a chur ar an gCoimisiún ar chomhlíonadh a róil neamhspleách monatóireachta faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas.

Mheas a chuid oibre raon ceisteanna faoi chúrsaí míchumais, lena n-áirítear:

- Cumasachas agus cumas gníomhúcháin an duine féin;
- Athrú aeráide;
- An Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún i gcoinne Céasadh, gníomhú mar an sásra náisiúnta coisctheach comhordaithe, agus cosaintí feabhsaithe do dhaoine faoi mhíchumas in áiteanna coinneála;
- Athbhreithniú ar na hAchtanna Comhionannais;
- Cúram agus cúramóirí;
- Maireachtáil go neamhspleách;
- An Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha: fostaíocht, caighdeán maireachtála leordhóthanach agus oideachas;
- Rochtain ar cheartas: athbhreithniú neamhspleách ar an scéim cúnaimh dlí shibhialta; an Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas;
- Treoir ón AE ar chaighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais;
- Ár gcuid oibre ar ghnóthaí míchumais;
- Rannpháirtíocht agus gluaiseachtaí sóisialta;
- Gáinneáil ar dhaoine a chosc;
- An tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas); agus
- Gnéasacht.

Reáchtáladh sé chruinniú: 13 Feabhra, 27 Márta, 8 Bealtaine, 19 Meitheamh, 2 Deireadh Fómhair, agus 13 Samhain.

### An Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí

Bhunaigh an Coimisiún an Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí in 2017 faoi alt 18 den Acht.

Is é ról an Choiste comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le:

- ➔ Ceisteanna comhionannais fostaíochta agus san ionad oibre;
- ➔ Stádas comhionann i soláthar seirbhíse;
- ➔ Cearta an duine san ionad oibre agus i soláthar seirbhíse;
- ➔ Éagsúlacht agus idirchultúrachas; agus
- ➔ Aon ábhar eile a chuireann an Coimisiún faoina bhráid.

Tá ionadaithe ar oibrithe agus fostóirí a d'ainmnigh Comhdháil na gCeardchumann ('ICTU') agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann ('Ibec') ar an gCoiste Comhairleach.

Bhí deiseanna méadaithe le haghaidh rannpháirtíocht struchtúrtha leis an tsochaí shibhialta níos leithne ar cheisteanna tábhachtacha fostaíochta. Eagraíodh cruinniú comhchéime le hionadaithe Lucht Siúil agus Romach agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha eile, taighdeoirí piara ó na pobail Lucht Siúil agus Romach ina measc, a chuir bonn eolais faoi raon Treorach d'Fhostóirí faoi thacú le fostaíocht Lucht Siúil agus Romach, atá á forbairt. Cuireadh tús freisin ar obair ar Threoir d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe faoi Fhreastal Réasúnta. Tháinig meitheal, ar a raibh ionadaithe ó raon leathan grúpaí míchumais, le chéile faoi dhó chun forbairt na treorach a mhúnlú agus chun bonn eolais a chur fúithi. Foilseofar an dá threoir in 2024.

Reáchtáladh ceithre chruinniú: 6 Márta, 22 Bealtaine, 19 Meán Fómhair, agus 14 Samhain.

### Coiste Comhairleach ar Thodhchaí na Reachtaíochta Comhionannais

Bhunaigh an Coimisiún Coiste Comhairleach ar Thodhchaí na Reachtaíochta Comhionannais ('FELAC') in 2022 chun bonn eolais agus tacaíocht a thabhairt dá rannpháirtíocht leanúnach san Athbhreithniú ar na hAchtanna um Chomhionannas a bhí ar bun ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Ba é cuspóir an Choiste saineolaithe dlí, acadúla agus sochaí sibhialta a thabhairt le chéile le Comhaltaí Coimisiúin chun cabhrú linn le sainaithint agus scrúdú na

bpríomhcheisteanna a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu chun creat níos cuimsithí agus níos éifeachtaí a thógáil don reachtaíocht comhionannais agus an bonneagar comhionannais tacaíochta.

Chuir FELAC dhá thuarascáil chomhairleacha faoi bhráid an Choimisiúin, ina leagtar amach a shainchomhairle ar thodhchaí na reachtaíochta comhionannais. Tháinig deireadh ansin lena théarma.

Chabhraigh comhairle FELAC le bonn eolais a chur faoinár ndara hAighneacht maidir leis an Athbhreithniú ar na hAchtanna um Chomhionannas a rinne an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Ba í an Comhalta Coimisiúin an tOllamh Caroline Fennell an Comhalta Ceannais agus ba í an Príomh-Choimisinéir Sinéad Gibney an Leas-Chomhalta Ceannais.

Reáchtáladh cúig chruinniú: 27 Eanáir, 24 Feabhra, 31 Márta, 14 Aibreán, agus 5 Bealtaine.

## Rialachas

Treoraítear creat foriomlán rialachais agus rialaithe an Choimisiúin leo seo a leanas:

- An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014;
- Caighdeán Rialachas Corparáideach na Státseirbhíse, a chaithfidh an Coimisiún a chomhlíonadh toisc go maoinítear é le Vóta Státchiste;
- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016;
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995;
- An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001;
- Ról agus Freagrachtaí na nOifigeach Cuntasaíochta;
- Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, 2012.
- An Cód Caiteachais Phoiblí, 2013.

Tá Comhaontú Dearbhaithe maidir le Rialachas Corparáideach i bhfeidhm ag an gCoimisiún leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

### Foireann an Choimisiúin

De réir alt 24 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, is é an Coimisiún fostóir a fhoirne ar fad, ar státseirbhísigh i seirbhís an Stáit iad.

Cuireann an feidhmeannas, faoi stiúir an Stiúrthóra, straitéisí agus beartais an Choimisiúin i bhfeidhm.

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 89 comhalta foirne ag an gCoimisiún (féach ar **Aguisín 4**). Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, pinsean agus riartha párolla ar fáil don Choimisiún. Úsáideann an Coimisiún ePMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta Fostaithe) chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt a fhoirne agus chun tacú leo. Éascaíonn an Coimisiún cumarsáid rialta ar chúrsaí tábhachtacha idir an lucht bainistíochta agus comharchumainn aitheanta na foirne.

Tá cúig rannóg san fheidhmeannas:

- Dlí
- Beartas agus Taighde
- Rannpháirtíocht Straitéiseach
- Seirbhísí Corparáideacha
- Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc


Cuimsíonn Ceannasaithe na rannóg sin, a thuairiscíonn don Stiúrthóir, an ardbhainistíocht.

### Ardbhainistíocht

An Ardbhainistíocht amhail an 31 Nollaig:

- An Stiúrthóir: Deirdre Malone;*
- An Ceannasaí Dlí: Michael O’Neill;
- An Ceannasaí Beartais agus Taighde: Iris Elliott;
- An Ceannasaí Rannpháirtíochta Straitéisí: Jean O’Mahony;
- An Ceannasaí Seirbhísí Corparáideacha: Niall Kelly; agus
- An Ceannasaí um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc: Nusha Yonkova.

*Bhí Éimear Fisher ina Stiúrthóir Gníomhach go dtí an 18 Bealtaine, tráth ar ghlac Deirdre Malone leis an ról.




## Maoiniú agus bainistíocht airgeadais

Maoinítear Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas trí Vóta Oireachtais. Is é an Stiúrthóir an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Choimisiúin, agus tá an fhreagracht sin ar leithligh ó fhreagrachtaí rialachais chomhaltaí an Choimisiúin.

Ceanglaítear ar an Oifigeach Cuntasaíochta an Cuntas Leithreasa a ullmhú gach bliain do Vóta an Choimisiúin, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. D'fhéadfaí iarraidh ar an Oifigeach Cuntasaíochta teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí sa Dáil ansin chun fianaise a thabhairt faoin gCuntas.

Cuireadh an Cuntas Leithreasa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar dháta éilithe níos túisce an 11 Márta 2024.

Áiríodh ann, mar a éilítear, ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta ar chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais an Choimisiúin. De réir Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, foilseofar an cuntas iniúchta i mí Mheán Fómhair sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí. Foilseofar an cuntas ar líne agus beidh sé ar fáil ar www.audgen.gov.ie. Dá réir, tá an fhaisnéis airgeadais dá dtagraítear sa tuarascáil seo sealadach agus críochnófar í nuair a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Chuntas Leithreasa Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Ba é €8.419m an soláthar meastacháin comhlán, lena n-áirítear forlíonadh, in 2023 le haghaidh Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Leithdháileadh €4.976m de ar chaiteachas a bhain le cúrsaí pá,

agus €3.443m ar chaiteachas nár bhain le cúrsaí pá. Ba é €8.386m an toradh caiteachais sealadach (roimh iniúchadh); bhain €4.958m le cúrsaí pá, agus €3.428m le caiteachas nár bhain le cúrsaí pá. Amhail deireadh na bliana, bhí barrachas €0.031m dlite le géilleadh don Státchiste.

Éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 go ndéanfadh comhlachtaí roinnt nochtaí breise maidir le catagóirí áirithe caiteachais. Leagtar amach iad sin in Aguisín 5.

## Nochtadh cosanta

Mar chomhlacht poiblí, éilítear ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi alt 22 den *Acht um Nochtadh Cosanta, 2014* tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na nochtaí cosanta a rinneadh leis an bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagra ar aon nochtadh cosanta dá leithéid. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta leis an gCoimisiún sa tréimhse ón 1 Eanáir 2023–31 Nollaig 2023.

### An tAcht um Míchumas, 2005

Faoi Chuid 5 den *Acht um Míchumas, 2005*, éilítear ar chomhlachtaí na hearnála poiblí tuairisc a dhéanamh ar líon na ndaoine faoi mhíchumas atá fostaithe leo. Léirigh torthaí ó Dhaonáireamh Foirne féintuairiscithe a rinneadh i mí an Mhárta go bhfuil 9% dár bhfoireann faoi mhíchumas, líon a sháraíonn an sprioc 3% d’fhostaíocht daoine faoi mhíchumas. Tugadh an fhaisnéis sin don Údarás Náisiúnta Míchumais i mí an Mhárta.

### An Clár ‘Willing Able Mentoring’

Leanamar lenár rannpháirteachas i gclár ‘Willing Able Mentoring’ AHEAD, clár socrúcháin oibre íoctha a bhfuil d’aidhm leis rochtain ar an margadh saothair a chur chun cinn do chéimithe faoi mhíchumas. D’fhostaíomar céimí amháin faoin gclár sin i mbliana.

### An tOifigeach Idirchaidrimh Míchumais/Rochtana

I mí na Nollag, cheapamar oifigigh rochtana faoi na réimsí Rochtain ar an bhFoirgneamh Fisiciúil, Rochtain ar ár Suíomh Gréasáin agus Rochtain ar ár Seirbhísí, chomh maith le beirt Oifigeach Idirchaidrimh Do Dhaoine Faoi Mhíchumas chun cabhrú le baill foirne le freastal réasúnta.

### An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Leanaimid ar aghaidh ag comhlíonadh ár ndualgas maidir le hiarratais um Shaoráil Faisnéise a fhreagairt. Tugtar breac-chuntas thíos ar Chinntí Saorála Faisnéise agus ar Chineálacha Iarratas:

| — **Cinntí Saorála Faisnéise** | |
| --- | --- |
| Deonaithe | 7 |
| Deonaithe i bPáirt | 0 |
| Diúltaithe | 5 |
| Tarraingthe Siar/Socraithe lasmuigh den tSaoráil Faisnéise | 0 |
| **Iomlán** | **13** |

Diúltaíodh d'iarratas amháin faoi alt 36 (1) (a) (b), alt 30 (1) (c) agus alt 40 (2) (h) (l) (n).

Diúltaíodh d'iarratas amháin faoi alt 15 (1) (f).

Diúltaíodh d'iarratas amháin faoi alt 29 (1).

Diúltaíodh d'iarratas amháin faoi alt 15 (1) (D).

Diúltaíodh d'iarratas amháin faoi alt 29 1 (a), alt 32 1 (b) agus alt 35 (1).

| — **Cineálacha iarratas** | |
| --- | --- |
| Iriseoir | 10 |
| Grúpa Sainleasa Gnó | 3 |
| Cliant | 0 |
| An tOireachtas | 0 |
| **Iomlán** | **13** |

## Forléargas ar úsáid fuinnimh

I gcomhar le hIonstraim Reachtúil 426 de 2014, éilítear ar gach comhlacht san earnáil phoiblí tuairisc bhliantúil a thabhairt ar an bhfuinneamh a úsáideann sé agus ar aon ghníomh a rinneadh chun a ídiú fuinnimh a laghdú.

In 2023, chuimsigh ár n-úsáid fuinnimh fuinneamh eangaí amháin.

| — **Cineál fuinnimh** | **Ídithe** |
| --- | --- |
| Leictreachas | 102306 kWh |
| Breoslaí Iontaise | 0 kWh |
| Breoslaí In-athnuaite | 102306 kWh |

# Tuairisciú

## Tuairisc faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Foráiltear le hAlt 42(1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014:

Le linn do chomhlacht poiblí a fheidhmeanna a chomhlíonadh, beidh aird aige ar an ngá atá leis na nithe seo a leanas:

1. an t-idirdhealú a dhíchur;
2. comhionannas deiseanna agus córa dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn; agus
3. cearta daonna a chomhaltaí, a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh.

Inár gcás féin, tá cosaint agus cur chun cinn chearta an duine agus comhionannais, agus idirdhealú a dhíbirt, ag croílár ár bhfeidhmeanna agus ár gcuspóra.

Faoi Dhualgas reachtúil seo na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí Measúnú, Aghaidh a thabhairt ar agus Tuairisciú ar an gcaoi a gcuimsíonn siad comhionannas agus cearta an duine ina gcuid oibre.

Inár Ráiteas Straitéise 2022-2024, chuireamar measúnú i láthair ar na ceisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas a chreideamar atá ábhartha dár bhfeidhmeanna agus dár gcuspóir.

Is iad seo a leanas na forbairtí agus na héachtaí maidir leis na beartais, na pleananna agus na gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm i rith 2023 chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas a mheasúnaíomar a bheith ábhartha dár bhfeidhmeanna agus dár gcuspóir.

Forbrófar gníomhartha eile chun dul chun cinn a dhéanamh ar na cuspóirí sin i rith an timthrialla straitéisigh seo, agus tuairisceofar orthu in am trátha.

### Inrochtaineacht

Tá infhaighteacht ár seirbhísí a mhéadú de réir a chéile ina tosaíocht lárnach arís dúinn le linn an timthrialla straitéisigh. I mí na Nollag, cheapamar oifigigh rochtana faoi na réimsí Rochtain ar an bhFoirgneamh Fisiciúil, Rochtain ar ár Suíomh Gréasáin agus Rochtain ar ár Seirbhísí, chomh maith le beirt Oifigeach Idirchaidrimh Do Dhaoine Faoi Mhíchumas chun cabhrú le baill foirne le freastal réasúnta.

Chomh maith le spás imeachtaí atá inrochtana go hiomlán, d’uasghrádaíomar ár dtrealamh TFC i rith na bliana chun imeachtaí cumaisc a éascú, rud a leathnaigh ár n-inacmhainneacht a chur ar chumas daoine nach mbeadh in ann taisteal freastal ar ár n-imeachtaí.

**Faisnéis faoi chearta a chur in iúl ar bhealach níos forleithne le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann**

Is gnáthchleachtas é go mbíonn fotheidil agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) ar gach físeán a dhéanaimid, agus d’fhorbraíomar treoirlínte faoi úsáid TCÉ ag imeachtaí. Thug roinnt den fhoireann faoi ranganna TCÉ do thosaitheoirí ar Leibhéal 3 de QQI, agus tá cúpla duine ag tabhairt faoi ranganna idirmheánacha.

**Faisnéis faoi chearta a chur faoi bhráid grúpaí a bhíonn i mbaol ar leith**

D’éascaíomar clár for-rochtana i gcaitheamh na bliana le heagraíochtaí sochaí sibhialta a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine a bhfuil cearta acu ar fud na bhforas comhionannais.

Áiríodh orthu sin:

- seisiún eolais faoi chaighdeáin chearta an duine agus comhionannais, a cuireadh ar fáil do bhaill d’eagraíocht Lucht Siúil sa lár tíre, i gcomhar le Community Action Network (‘CAN’); agus
- seisiún eolais dlí le haghaidh ionadaithe ón tsochaí shibhialta faoi raon ceisteanna a bhaineann leis an dlí um chomhionannas, ina measc: cás a thabhairt chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre; cosaintí dlíthiúla faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Stádas Comhionann; cearta daoine atá faoi mhíchumas i leith freastal réasúnta san fhostaíocht agus nuair atá seirbhísí á bhfáil; agus an chaoi le dul i ngleic le hidirdhealú inscne san ionad oibre.

D’éascaíomar imeacht oiliúna forbartha gairmiúla leanúnaí freisin le haghaidh daoine ón ngairm dhlíthiúil dar teideal ‘A Practitioner’s Guide to the Rights of Families at Inquests’, chun deis níos fearr a thabhairt do theaghlaigh a gcearta a éileamh i rith an phróisis ionchoisne, i ndiaidh dúinn ár Nóta Eolais faoi cheart teaghlach ag ionchoisní a fhoilsiú in 2022. I rith an imeachta, pléadh na ceisteanna praiticiúla a mbíonn ar chróinéirí, cleachtóirí agus teaghlaigh go háirithe dul i ngleic leo le linn ionchoisne.

### Faisnéis a chur ar fáil i mBéarla Simplí

Tairgeadh oiliúint i mBéarla simplí don fhoireann ar fad. Chuireamar obair shuntasach i gcrích ar thuilleadh eolais a chur ar fáil faoi chearta i mBéarla simplí trí bhileoga eolais i mBéarla simplí a chur i dtoll a chéile faoi 16 ábhar ceart dhifriúla, chomh maith le heolas faoin gcaoi le cás a chur faoi bhráid WRC.

### Aghaidh a thabhairt ar eisiamh digiteach

D'fhorbraíomar agus léiríomar feachtas náisiúnta faoin aoiseachas ina raibh teachtaireachtaí faoi eisiamh digiteach.

Tá ár seirbhís faisnéise Do Chearta ar fáil go fóill ar an nguthán agus sa phost, chomh maith le ar líne.

### Ár Suíomh Gréasáin

D'fhoilsíomar ráiteas inrochtaineachta nua don suíomh gréasáin ar ár suíomh chun Rialacháin Inrochtaineachta AE a chomhlíonadh, agus d'fhreastalaíomar ar sheisiúin oiliúna éagsúla a d'eagraigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais chun cabhrú linn an treoir maidir le hinrochtaineacht gréasáin a chomhlíonadh.

Thugamar faoi oiliúint inrochtaineachta faoi cháipéisí digiteacha ar leith, i dteannta ár ndearthóirí ar conradh, faoin gcaoi le feabhas a chur ar inrochtaineacht ár gcáipéisí in-íoslódáilte a bhíonn ar fáil tríd an suíomh gréasáin.

### Cumas an lucht bainistíochta a fhorbairt chun dul i ngleic le ceisteanna chearta an duine agus comhionannais san ionad oibre

Éilítear ar an bhfoireann ar fad tabhairt faoinár modúl ríomhfhoghlama faoi chomhionannas agus cearta an duine sa tseirbhís phoiblí. Chuir cúigear ball foirne Dioplóma an Fhorais Riaracháin i gCearta an Duine agus Comhionannas i gcrích i rith na bliana, agus chuir ceathrar eile tús leis ag tús na bliana acadúla.

Tairgeadh oiliúint Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe don fhoireann ar fad agus chuir triúr ball foirne Teastas in Éagsúlacht agus Ionchuimsiú i gcrích.

Thug baill foirne faoi raon cúrsaí oiliúna i gceannaireacht ionchuimsitheach, cóitseáil agus teacht aniar eagraíochtúil freisin.

## Tuarascáil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021

Faoi alt 4b d'Acht na dTeangacha Oifigiúla arna leasú, tá sé d'oibleagáid orainn tuairisciú ar chomhlíonadh ár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021.

Chun na hoibleagáidí nua a tháinig i bhfeidhm i rith na bliana a chomhlíonadh, cheapamar an bainisteoir atá freagrach as rialachas corparáideach, saoráidí agus TFC lenár gcomhlíontacht leis na hAchtanna a mhaoirsiú.

Cheapamar Oifigeach Gaeilge breise freisin chun cabhrú leis an nGaeilge a neadú inár gcuid oibre laethúla.

Tugann na hOifigigh Gaeilge comhairle agus tacaíocht phraiticiúil do na foirne ar fad faoin nGaeilge. Roinneadh liosta nathanna cainte bunúsacha leis an fhoireann ar fad lena n-úsáid i rith a gcuid oibre laethúla agus cuireadh cúnamh leanúnach ar fáil don fhoireann ar fad chun a chinntiú go mbíonn a dteachtaireachtaí faoi bheith lasmuigh den oifig agus a sínithe ríomhphoist dátheangach i gcónaí.

Roinneadh cur i láthair leis an bhfoireann ó sheimineáir eolais a reáchtáil an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Cuireadh cúrsaí Gaelchultúr chun cinn go hinmheánach i gcaitheamh na bliana, agus spreagadh an fhoireann le páirt a ghlacadh iontu.

D'fhás líon ball Choiste na Gaeilge, a bunaíodh in 2022, agus cuireadh tús le pleanáil le haghaidh gníomhaíochtaí Gaeilge eile.

# Aguisíní



# Aguisín 1: Próifílí Chomhaltaí an Choimisiúin

## An Príomh-Choimisinéir Sinéad Gibney

Stiúrann Sinéad Gibney Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ina mhisean sochaí chothrom agus chuimsitheach a thógáil a chosnaíonn cearta an duine agus an comhionannas agus a chuireann chun cinn iad. Ba í Sinéad an chéad Stiúrthóir ar an gCoimisiún ó 2014–2016, agus roimhe sin thóg sí agus stiúir sí feidhm freagrachta sóisialta corparáidí Google Ireland, Social Action. Bhíodh Sinéad ina cathaoirleach ar bhord One Family agus d'fhóin sí ar roinnt boird eile: Digital Charity Lab, Victims' Rights Alliance, agus grúpa comhairleach tionscail an Taighde Fhreagraigh agus na Nuálaíochta Freagraí.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 29 Feabhra**

D'éirigh Sinéad Gibney as mar an Príomh-Choimisinéir ar an 29 Feabhra 2024

## Jim Clarken

Is é Jim Clarken Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Oxfam Ireland agus tá sé ina Stiúrthóir Feidhmeannach ar Oxfam International. Tá taithí fhairsing ceannaireachta agus rialachais chorparáidigh aige, ag obair ar leibhéal na hardbhainistíochta agus an bhoird san earnáil chorparáideach agus in earnáil idirnáisiúnta na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha le nach mór tríocha bliain anuas. Bhí sé i bhfách go mór le cearta na mban riamh anall, agus spreag Jim fócas ar inscne ag Oxfam agus stiúir sé an Irish Consortium on Gender Based Violence. Bhí baint aige le bunú Irish Refugee and Migrant Coalition, Stop Climate Chaos, Irish Coalition for Business and Human Rights agus is iarchathaoirleach é ar Dóchas.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## An Dr Frank Conaty

Is Ánra de Chuntasóirí Cairte na hÉireann é an Dr Frank Conaty agus ball den fhoireann teagaisc i Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J. E. Cairnes in Ollscoil na Gaillimhe. Chuir taithí mhuintir Frank ar mhíchumas bonn eolais faoina chúlra in eagraíochtaí pobail agus neamhbhrabúis, agus áirítear leis sin sé bliana ar bhord agus mar chathaoirleach ar the National Parents & Siblings Alliance, eagraíocht náisiúnta a phléann le cearta agus abhcóideacht míchumais. Is ball cleamhnaithe den fhoireann teagaisc é freisin san Ionad um Dhlí agus Beartas

Míchumais in Ollscoil na Gaillimhe. Tá Frank ag fónamh ar a dhara téarma, i ndiaidh a cheapacháin den chéad uair le fónamh ó Shamhain 2014 – Deireadh Fómhair 2017.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023**

## An tOllamh Caroline Fennell

Is Ollamh Emerita le Dlí í an tOllamh Caroline Fennell i Scoil Dlí Choláiste na hOllscoile Corcaigh ('UCC'). Díríonn a cuid taighde ar cheartas coiriúil agus dlí na fianaise, le béim faoi leith ar inscne, comhionannas, agus cruthú ceart agus chothrom na Féinne i ngéarchéim. Bhí Caroline ina comhalta bunaithe ar Bhord Léann na mBan agus an M.A. i Léann na mBan in UCC, agus ina comhalta bunaithe agus ina comh-Stiúrthóir ar an Ionad um Cheartas Coiriúil agus Cearta an Duine. Bhí go leor ról ag Caroline i mbainistíocht na hOllscoile: Déan, Ceann Coláiste, Leas-Uachtarán Sinsearach Acadúil agus glacadh mar chomhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann í in 2009. Bhí sí ina Cathaoirleach ar an gCoiste Frithchiníochais Neamhspleách 2020–2022 a dhréachtaigh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais (a ghlac an Rialtas in 2023). Ceapadh mar chomhalta den Choimisiún Toghcháin í in 2022.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023**

## Michael Finucane

Is aturnae agus gníomhaí ar son chearta an duine é Michael Finucane atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Is é an Príomhdhlíodóir é ina ghnóthas dlí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, a dhíríonn ar chosaint coirpeach agus dlíthíocht chearta an duine. Is Comhalta Coiste Chearta an Duine é i nDlí-Chumann na hÉireann, a raibh sé ina chathaoirleach air ó 2012 go 2014 freisin, agus is sainchomhairleoir agus oiliúnaí é le tionscadal SUPRALAT in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath/ Dlí-Chumann na hÉireann.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## Heydi Foster Breslin

Is í Heydi Foster-Breslin an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar An Cosán, an eagraíocht oideachais pobail is mó in Éirinn. Roimhe sin, bhí Heydi ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Misean Cara, gníomhaireacht forbartha Éireannach a oibríonn le cuid den pobail is imeallaithe agus is leochailí i dtíortha i mbéal forbartha. Bhí Heydi ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Sheirbhís Náisiúnta Lucht Siúil Exchange House Ireland freisin. Is as Guatamala ó dhúchas

do Heydi, agus tá an-taithí aici i mórán tíortha ar oibriú ar son comhionannais, chearta an duine agus seirbhísí sóisialta a chur ar fáil do ghrúpaí mionlaigh, lena n-áirítear páistí, mná, dídeanaithe, agus daoine atá easáitithe ina dtír féin agus daoine de na pobail Lucht Siúil, Latino, Mheiriceánacha Afracacha, Sintíoch agus Romach. Tá Heydi ag fónamh ar a dara téarma, i ndiaidh a ceapacháin den chéad uair le fónamh ó Shamhain 2014 – Deireadh Fómhair 2017.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023**

## Tony Geoghegan

D'oibrigh Tony i réimse na handúile le tríocha bliain anuas in Éirinn agus sa Bhreatain. Bhí Tony ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Merchants Quay Ireland, Seirbhísí Drugaí agus do Dhaoine Gan Dídean, ar feadh 28 bliain. Is sainchomhairleoir andúile creidiúnaithe agus maoirseoir cliniciúil é agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Addiction Counsellors of Ireland. Is é ionadaí na hÉireann é faoi láthair ar an nGrúpa Saineolaithe ar Bheartais Drugaí agus Cearta an Duine: uirlis féinmheasúnaithe de chuid Ghrúpa Pompidou i gComhairle na hEorpa. Tá Dioplóma sa Staidéar Andúile aige ó Choláiste na Tríonóide agus MA i mBeartas Sóisialta.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023**

## Adam Harris

Is é Adam Harris Bunaitheoir agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin AsIAm, Carthanas Náisiúnta Uathachais na hÉireann. Bhunaigh Adam an eagraíocht bunaithe ar a thaithí féin ag fás aníos ar speictream an uathachais. Cuireann AsIAm tacaíocht ar fáil do dhaoine a bhfuil uathachas orthu agus dá muintir, bíonn sé ag obair ar son an phobail agus oibríonn sé chun tacú le heagraíochtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideacha agus le pobail éirí ionchuimsitheach agus inrochtana.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## An tOllamh Kathleen Lynch

Is socheolaí í an tOllamh Kathleen Lynch agus chaith sí a saol oibre ar fad ag cur comhionannas, cearta an duine agus ceartas sóisialta chun cinn trí oideachas agus taighde. D'fhoilsigh sí ocht leabhar agus 300 alt ar gach cineál ceiste comhionannais. Bhí ról lárnach aici i mbunú an Ionaid Léann Comhionannais sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) in 1990 agus i Scoil na Córa Sóisialta in 2004/5. Chomh maith leis sin, stiúir sí forbairt an M.Sc. agus an Dioplóma i

Léann an Chomhionannais in UCD in 1990, d'fhorbair sí roinnt cláir For-rochtana i Léann an Chomhionannais i gcomhar le Grúpaí Pobail in imeacht tríocha bliain, agus bhí sí i dtús cadhnaíochta maidir le BCL (Dlí agus Cóir Sóisialta) a fhorbairt le Foireann Teagaisc Dlí UCD in 2013/14.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## An Dr Salome Mbugua

Is taighdeoir, gníomhaí ar son comhionannas inscne agus tacadóir do chearta an duine í an Dr Salome Mbugua. Is í bunaitheoir agus iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin AkiDwA – Líonra na nImirceach Ban í agus tá taithí os cionn fiche bliain aici ar oibriú le grúpaí faoi ghannionadaíocht, go háirithe mná, páistí agus an t-aos óg, san Eoraip, san Afraic agus go hidirnáisiúnta. Ó 2015 i leith, tá sí ag tacú le forbairt Wezesha, eagraíocht forbartha faoi stiúir Dhiaspóra na hAfraice a thacaíonn le mná agus páistí a raibh tionchar, nó ar dócha go mbeidh tionchar, ag coimhlintí, foréigean, cogaíocht agus bochtanas orthu, le treoirthionscadail sa Chéinia agus i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Tá Salome ina cathaoirleach ar Líonra Eorpach na nImirceach Ban agus suíonn sí ar Ghrúpa Saineolaithe an Aontais Eorpaigh ar Imirce Eacnamaíoch.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023**

Athcheapadh an Dr Salome Mbugua le haghaidh an dara téarma ón 31 Iúil 2023 – 30 Iúil 2028

## An Dr Rosaleen McDonagh

Is bean den Lucht Siúil í an Dr Rosaleen McDonagh atá faoi mhíchumas. Is as Sligeach ó dhúchas di, agus is í an ceathrú páiste is sine i gclann fiche páiste í. D'oibrigh sí in Ionad Pavee Point don Lucht Siúil agus na Romaigh ar feadh deich mbliana, ag bainistiú an chláir 'Foréigean in aghaidh Ban', agus tá sí ina comhalta boird de fós. Scríobhann sí go rialta don Irish Times, agus scríobh sí bunaithe ar a léargas mar fheimineach ón Lucht Siúil. Áirítear le hobair Rosaleen mar dhrámadóir Mainstream, The Baby Doll Project, Stuck, She's Not Mine, agus Rings.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## Sunniva McDonagh

Is Abhcóide Sinsearach í Sunniva McDonagh a chleachtann go príomha i réimse na gceart bunúsach, riaracháin agus dlí bhunreachtúil. D'oibrigh sí ar go leor cásanna ceannródaíocha, lena n-áirítear i réimse na himirce agus na gceart chun triail chóir i gcásanna drochíde san am atá caite. Tá spéis faoi leith ag Sunniva i gcearta an duine agus an Smacht Reachta. Tá sí ina Leas-Chathaoirleach ar Bhord

Bainistíochta na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha, is iar-Cathaoirleach í ar an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe, agus is í an Cathaoirleach reatha í ar an gCoimisiún Meabhair-Shláinte. Is Comhalta í den Choiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine sa Gharda Síochána, agus Comhalta de Chomhairle Preasa na hÉireann. Tá Sunniva ag fónamh ar a dara téarma, i ndiaidh a ceapacháin den chéad uair le fónamh ó Shamhain 2014 go Deireadh Fómhair 2019.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## An Dr Lucy Michael

Is socheolaí cleachtach í an Dr Lucy Michael agus sainchomhairleoir ar cheisteanna comhionannais agus imeasctha. Tugtar aghaidh go háirithe ina cuid oibre ar fhoréigean agus idirdhealú ciníoch, taithí íospartach, agus róil na n-institiúidí reachtúla agus na sochaí sibhialta i gcur i gcoinne na coireachta fuatha agus eisiaimh. Thug Lucy faoi thaighde le réimse leathan comhlachtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach, lena n-áirítear an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, Oifig Gnóthaí Baile na Ríochta Aontaithe agus an Líonra Eorpach i gcoinne an Chiníochais. Is comhúdar í le INAR ar chóras tuairiscithe teagmhas ciníoch ar iReport.ie, córas a úsáidtear chun an ciníochas in Éirinn a mhapáil. Bhí poist léachtóireachta aici roimhe seo le hOllscoil Uladh agus Ollscoil Hull, agus is iar-Uachtarán í ar an Sociological Association of Ireland.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## An tOllamh Ray Murphy

Is ollamh é Ray Murphy in Ionad na hÉireann um Chearta an Duine in Ollscoil na Gaillimhe. Chomh maith lena phost in Ionad na hÉireann um Chearta an Duine in OÉ, Gaillimh, is comhalta é freisin d'fhoireann na hInstitiúide Idirnáisiúnta d'Imscrúduithe Coiriúla. Ba é Saineolaí Sinsearach na hÉireann é ar Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus comhalta de Choiste Feidhmiúcháin Chomhlachas na nInstitiúidí um Chearta an Duine. Ba chomhalta agus Leas-Chathaoirleach ar Choiste Feidhmiúcháin Amnesty International (Ireland) é Ray. Thug sé faoi oiliúint freisin thar ceann Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge, No Peace without Justice, Amnesty International, na Náisiún Aontaithe, agus International Institute for Humanitarian Law agus Pearson Peacekeeping Centre (Ceanada). Tá Ray ag fónamh ar a dhara téarma, i ndiaidh a cheapacháin den chéad uair le fónamh ó Shamhain 2014 go Deireadh Fómhair 2019.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2020 – 30 Iúil 2025**

## Colm O'Dwyer SC

Is abhcóide Éireannach (Abhcóide Sinsearach) é Colm O'Dwyer SC a speisialaíonn i gcearta an duine, cosaint idirnáisiúnta agus dlíthíocht an dlí phoiblí. Pléadálann sé os comhair na nUaschúirteanna in Éirinn go rialta agus phléadáil sé d'iarratasóirí/ghearánaithe nó amicus curiae i roinnt cásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh suntasacha a luaitear go minic a bhaineann le dlí chearta an duine in Éirinn, an Aontais Eorpaigh agus saoránachta. Is iarchomhalta de Chomhairle Bharra na hÉireann é Colm agus ba é an chéad chathaoirleach é ar Choiste Chearta an Duine i gComhairle Bharra na hÉireann. Bhíodh sé ina chathaoirleach ar Ruhama freisin, eagraíocht neamhrialtasach a chabhraíonn agus a thacaíonn le mná a mbíonn tionchar ag striapachas orthu agus le híospartaigh gáinneála.

**Téarma Oifige: 31 Bealtaine 2018 – 30 Bealtaine 2023**

## An Dr Andrew Forde

Is státseirbhíseach sinsearach é Andrew Forde a bhfuil taithí fhairsing náisiúnta agus idirnáisiúnta aige ar chearta an duine. Tá an Dr Forde i gceannas ar Athghiniúint Tuaithe sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoi láthair agus tá céimeanna LLM agus PhD aige sa dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, le saineolas ar leith dírithe ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Is comhalta cuartaíochta é an Dr Forde freisin ag Ionad na hÉireann um Chearta an Duine agus scríobhann sé go forleathan ar chúrsaí a bhaineann le cearta an duine san Eoraip.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2023 – 30 Iúil 2028**

## Caoilfhionn Gallagher KC

Is dlíodóir agus abhcóide idirnáisiúnta um chearta an duine í Caoilfhionn Gallagher KC, agus i mí Feabhra 2023 ceapadh í mar Rapóirtéir Speisialta na hÉireann maidir le Cosaint Leanaí. Ghníomhaigh sí in go leor cásanna cinniúnacha os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, binsí idirnáisiúnta eile agus sa Ríocht Aontaithe, ina measc ionadaíocht a dhéanamh ar mharthanóirí agus teaghlaigh a bhfuair daoine muinteartha leo bás i mBuamálacha 7/7 Londan agus i dtubaiste Hillsborough, agus gníomhú i gcásanna samplacha a d'athraigh an dlí ar cheisteanna éagsúla, ina measc cearta an linbh faoi choimeád na bpóilíní, oibleagáidí an Stáit i leith íospartaigh agus marthanóirí drochíde baile agus mí-úsáid ghnéis ar leanaí, agus ginmhilleadh i dTuaisceart Éireann.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2023 – 30 Iúil 2028**

## An tOllamh Colin Harvey

Tá Colin Harvey ina Ollamh le Dlí Chearta an Duine in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus ina Stiúrthóir ar an Ionad um Chearta an Duine. D'fhóin an tOllamh Harvey mar Choimisinéir ar Choimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine, tá sé tar éis dlí chearta an duine a mhúineadh le beagnach 30 bliain anuas agus tá sé tar éis scríobh faoin dlí um chearta an duine ar an leibhéal áitiúil agus ar fud an domhain agus é a phlé go forleathan.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2023 – 30 Iúil 2028**

## Eoin Ronayne

Tá cúlra fairsing ag Eoin Ronayne i gcaidreamh tionsclaíoch agus b'oifigeach sinsearach ceardchumainn é ar feadh 30 bliain. Go dtí go ndeachaigh sé ar scor le deireanaí, bhí sé ina Ard-Rúnaí Eagraíochta agus Forbartha le Fórsa agus ba chomhalta d'Fheidhmeannas ICTU é ar feadh i bhfad. Tá sé ag obair ar thionscadail forbartha faoi láthair le haghaidh ICTU, agus is é an Cathaoirleach é freisin ar an gcuideachta Waterford Area Partnership. B'iriseoir/léiritheoir é le RTÉ agus Rúnaí na hÉireann ar NUJ, agus tá spéis faoi leith aige sna meáin agus i gcúrsaí cumarsáide.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2023 – 30 Iúil 2028**

## Noeline Blackwell

Is dlíodóir, abhcóide liigator agus bainisteoir í Noeline Blackwell a bhfuil taithí leathan aici ar chaighdeáin, oibríochtaí, cleachtais agus dúshláin chearta an duine. Tá Noeline ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath ó 2016. Bhí sí ina hArdstiúrthóir (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) ar FLAC idir 2005 agus 2016. Bhí Noeline ina comhalta ar bhoird eile roimhe seo, ina measc Cónaidhm Idirnáisiúnta Chearta an Duine, Cosantóirí Túslíne, Comhairle Inimirceach na hÉireann, agus Amnesty International Éireann.

**Téarma Oifige: 31 Iúil 2023 – 30 Iúil 2028**

# Aguisín 2: Freastal ar Chruinnithe an Choimisiúin

Bhí ocht ngnáthchruinniú iomlánacha ag an gCoimisiún. Reáchtáladh naoi gcruinniú urghnácha de chuid an Choimisiúin freisin, chun cinntí am-íogaire a thaifeadadh idir na gnáthchruinnithe iomlánacha a beartaíodh. Faigheann comhaltaí an Choimisiún táille bhliantúil €7,695.

Ní bhfuair triúr comhaltaí, an Dr Frank Conaty, an Dr Andrew Forde agus an tOllamh Ray Murphy, táille ar bith faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.

## Gnáthchruinnithe:

| Comhalta Coimisiúin | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| Sinéad Gibney – An Príomh-Choimisinéir | 8 as 8 |
| Heydi Foster Breslin | 2 as 3 |
| Jim Clarken | 6 as 8 |
| An Dr Frank Conaty** | 3 as 3 |
| An tOllamh Caroline Fennell** | 2 as 3 |
| Michael Finucane | 7 as 8 |
| Tony Geoghegan** | 3 as 3 |
| Adam Harris | 6 as 8 |
| An tOllamh Kathleen Lynch | 8 as 8 |
| An Dr Salome Mbugua | 6 as 6 |
| An Dr Rosaleen McDonagh | 6 as 8 |
| Sunniva McDonagh SC | 6 as 8 |
| An Dr Lucy Michael | 5 as 8 |
| An tOllamh Ray Murphy | 5 as 8 |
| Colm O'Dwyer SC** | 2 as 3 |
| An Dr Andrew Forde* | 3 as 3 |
| Caoilfhionn Gallagher KC* | 1 as 3 |
| Colin Harvey* | 3 as 3 |
| Eoin Ronayne* | 3 as 3 |
| Noeline Blackwell* | 2 as 3 |

*Cuireadh tús le téarma oifige cúigear comhaltaí Coimisiúin nua ar an 31 Iúil 2023

**Tháinig deireadh le téarma oifige cúigear chomhaltaí Coimisiúin ar an 31 Bealtaine 2023

***Tháinig deireadh le téarma oifige an Dr Salome Mbugua ar an 31 Bealtaine 2023. Athcheapadh an Dr Mbugua an 31 Iúil 2023

## Cruinnithe urghnácha:

| Comhalta Coimisiúin | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| Sinéad Gibney | 8 as 9 |
| Noeline Blackwell* | 4 as 4 |
| Heydi Foster Breslin** | 0 as 4 |
| Jim Clarken | 3 as 9 |
| An Dr Frank Conaty** | 2 as 4 |
| An tOllamh Caroline Fennell** | 3 as 4 |
| Michael Finucane | 8 as 9 |
| An Dr Andrew Forde* | 3 as 4 |
| Caoilfhionn Gallagher KC* | 0 as 4 |
| Tony Geoghegan** | 1 as 4 |
| Adam Harris | 5 as 9 |
| An tOllamh Colin Harvey* | 4 as 4 |
| An tOllamh Kathleen Lynch | 6 as 9 |
| An Dr Salome Mbugua*** | 2 as 8 |
| An Dr Rosaleen McDonagh | 5 as 9 |
| Sunniva McDonagh SC | 3 as 9 |
| An Dr Lucy Michael | 4 as 9 |
| An tOllamh Ray Murphy | 6 as 9 |
| Colm O'Dwyer SC** | 4 as 4 |
| Eoin Ronayne* | 2 as 4 |

*Cuireadh tús le téarma oifige cúigear comhaltaí Coimisiúin nua ar an 31 Iúil 2023

**Tháinig deireadh le téarma oifige cúigear chomhaltaí Coimisiúin ar an 31 Bealtaine 2023

***Tháinig deireadh le téarma oifige an Dr Salome Mbugua ar an 31 Bealtaine 2023. Athcheapadh an Dr Mbugua le haghaidh an dara téarma ar an 31 Iúil 2023

Léiríonn an taifead ar fhreastal le haghaidh gach comhalta an líon cruinnithe a reáchtáladh agus iad in oifig.

# Aguisín 3: Freastal ar Choistí

## An Coiste Cásoibre Dlí

| Comhalta Coimisiúin | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| Michael Finucane (An Cathaoirleach) | 17 as 18 |
| Sinéad Gibney – An Príomh-Choimisinéir | 16 as 18 |
| Caroline Fennell** | 6 as 11 |
| An tOllamh Colin Harvey*** | 2 as 2 |
| An Dr Lucy Michael* | 2 as 14 |
| Sunniva McDonagh SC | 8 as 18 |
| An tOllamh Ray Murphy | 16 as 18 |
| Colm O'Dwyer SC** | 10 as 11 |

*D'éirigh an Dr Lucy Michael as an gCoiste Cásoibre Dlí ar an 27 Deireadh Fómhair 2023

**Tháinig deireadh le téarma oifige beirt chomhaltaí Coimisiúin ar an 31 Bealtaine 2023

***Ceapadh an tOllamh Colin Harvey ar an gCoiste Cásoibre Dlí ag an 69ú Gnáthchruinniú ar an 7 Nollaig 2023

## An Coiste Beartais agus Taighde

| Comhalta Coimisiúin | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| Dr Lucy Michael (An Cathaoirleach, Iúil – Nollaig) | 3 as 5 |
| Sinéad Gibney | 5 as 5 |
| Adam Harris*** | 0 as 2 |
| An Dr Salome Mbugua** | 1 as 2 |
| Colm O'Dwyer SC* | 2 as 2 |
| An Dr Frank Conaty* | 1 as 2 |
| An tOllamh Caroline Fennell* | 2 as 2 |
| An tOllamh Kathleen Lynch (Chair Jan – June)*** | 2 as 2 |
| An Dr Rosaleen McDonagh | 4 as 5 |

*Tháinig deireadh le téarma oifige triúr comhaltaí Coimisiúin ar an 31 Bealtaine 2023

**Tháinig deireadh le téarma oifige an Dr Salome Mbugua ar an 31 Bealtaine 2023. Athcheapadh an Dr Mbugua le haghaidh an dara téarma ar an 31 Iúil 2023

***D'éirigh as an gCoiste Beartais agus Taighde roimh chruinniú an 4 Iúil

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

| Comhalta Coimisiúin | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| Lawrence Dunne (An Cathaoirleach Seachtrach)* | 2 as 3 |
| Aisling McKeon (An Leas-Chathaoirleach Seachtrach)* | 2 as 3 |
| Jim Clarken (An Cathaoirleach Gníomhach) | 3 as 4 |
| An Dr Frank Conaty** | 1 as 1 |
| Heydi Foster Breslin** | 0 as 1 |
| Adam Harris | 2 as 4 |

*Ceapadh Lawrence Dunne agus Aisling McKeon mar chomhaltaí seachtracha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ag cruinniú an 26 Meitheamh. Ceapadh Lawrence Dunne mar an Cathaoirleach ag cruinniú an 22 Samhain

**Tháinig deireadh le téarma oifige beirt chomhaltaí Coimisiúin ar an 31 Bealtaine 2023

## An Coiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais

| Comhalta Coimisiúin | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| Gary Allen | 4 as 6 |
| Jacqui Browne | 6 as 6 |
| Adrian Carroll | 6 as 6 |
| An Dr John Bosco Conama | 5 as 6 |
| Michelle (Shelly) Gaynor | 6 as 6 |
| Eliona Gjecaj | 6 as 6 |
| Brian Hayes | 6 as 6 |
| An Dr Vivian Rath | 4 as 6 |
| Fiona Anderson | 6 as 6 |
| James Cawley | 4 as 6 |
| Peadar O'Dea | 5 as 6 |
| Aoife Price | 3 as 6 |
| Michael Seifu | 6 as 6 |
| An Dr Rosaleen McDonagh | 5 as 6 |
| Adam Harris | 5 as 6 |
| Sinéad Gibney | 3 as 6 |

## An Coiste Comhairleach d'Oibrithe agus d'Fhostóirí

| Comhalta Coimisiúin | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| Tony Geoghegan (An Cathaoirleach)* | 2 as 2 |
| An tOllamh Kathleen Lynch | 4 as 4 |
| Jim Clarken (An Cathaoirleach)** | 3 as 4 |
| Sinéad Gibney | 3 as 4 |
| David Joyce (ICTU)*** | 4 as 4 |
| Deirdre O'Connor (INTO) | 4 as 4 |
| An Dr Michelle Cullen (Accenture) | 1 as 4 |
| Ethel Buckley (SIPTU) | 2 as 4 |
| Seamus Dooley (NUJ) | 0 as 4 |
| An Dr Kara McGann (Ibec)**** | 4 as 4 |
| Elizabeth Bowen (Cumann na nGnólachtaí Beaga) | 3 as 4 |
| Harry Wall (Ibec)**** | 3 as 4 |
| Vivienne Kavanagh (Bus Átha Cliath) | 3 as 4 |
| Katie Morgan (Forsa) | 1 as 4 |

*Tháinig deireadh le téarma oifige Tony Geoghegan ar an 31 Bealtaine

**Comhaontaíodh ar Jim Clarken mar Chathaoirleach an Choiste ag an 65ú Gnáthchruinniú Coimisiúin ar an 1 Meitheamh

***D'fhreastail Ger Gibbons ó ICTU in áit David Joyce ar an 14 Samhain

****D'fhreastail Sam Owens ó Ibec in áit Harry Wall ar an 22 Bealtaine agus in áit an Dr Kara McGann ar an 19 Meán Fómhair

## Coiste Comhairleach ar Thodhchaí na Reachtaíochta Comhionannais

| Comhalta Coimisiúin | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| An tOllamh Caroline Fennell (An Cathaoirleach), Comhalta Coimisiúin | 4 as 5 |
| Sinéad Gibney – An Príomh-Choimisinéir | 4 as 5 |
| An tOllamh Kathleen Lynch, Comhalta Coimisiúin | 3 as 5 |
| An Dr Rosaleen McDonagh, Comhalta Coimisiúin | 5 as 5 |
| An tOllamh Mark Bell, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | 4 as 5 |
| Niall Crowley, Saineolaí neamhspleách um chomhionannas agus cearta an duine, Values Lab | 5 as 5 |
| David Fennelly, Ollamh Cúnta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | 2 as 5 |
| David Joyce, An tOifigeach Comhionannais, Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) | 5 as 5 |
| Maria Joyce, Comhordaitheoir, National Traveller Women's Forum | 4 as 5 |
| An tOllamh Colm O'Cinneide, Coláiste na hOllscoile, Londain | 4 as 5 |
| Orla O'Connor, Stiúrthóir, Comhairle Náisiúnta na mBan | 0 as 5 |
| Pauline O'Hare, Aturnae Dlí Fostaíochta Sinsearach, Ibec | 5 as 5 |
| Ade Oluborode, Abhcóide | 2 as 5 |
| Sara Phillips, An Cathaoirleach, Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne | 5 as 5 |
| An tOllamh Judy Walsh, Ollamh Cúnta, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | 5 as 5 |
| Eilis Barry, An Príomhfheidhmeannach, FLAC | 2 as 5 |
| Paul Ginnell, Stiúrthóir, An Líonra Eorpach um Fhrithbhochtaineacht in Éirinn | 4 as 5 |
| Darren McKinstry, An Stiúrthóir Beartais Phoiblí agus Rannpháirtíochta Straitéisí, Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann | 3 as 5 |

# Aguisín 4: Foireann an Choimisiúin

Bhí 89 comhalta foirne sa Choimisiún amhail an 31 Nollaig, leis an struchtúr grád seo a leanas:

| Grád | Líon na foirne de réir gráid |
|---|---|
| An Príomh-Choimisinéir | 1 |
| Stiúrthóir | 1 |
| Príomhoifigeach | 5 |
| Cuntasóir Gairmiúil, Grád 1 | 1 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 16 |
| Ardfheidhmeannach Dlíthiúil | 2 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 15 |
| Oifigeach Riaracháin | 16 |
| Feidhmeannach Dlíthiúil | 2 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 13 |
| Oifigeach Cléireachais | 16 |
| Oifigeach Seirbhíse | 1 |
| **Iomlán** | **89** |

# Aguisín 5: Nochtadh airgeadais breise

Maoinítear an Coimisiún trí Vóta Oireachtais. Is é an Stiúrthóir an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta an Choimisiúin.

Cuireadh Cuntas Leithreasa 2023 le haghaidh Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh ar an 11 Márta 2024.

Éilítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 go ndéanfadh comhlachtaí roinnt nochtaí breise maidir le catagóirí áirithe caiteachais agus luach saothair, agus leagtar amach iad sin thíos:

## Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Cuirtear sochair ghearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad i gcatagóirí de réir na mbandaí seo a leanas:

| Sochair fostaithe ghearrthéarmacha | Líon Fostaithe i mBanda | |
|---|---|---|
| **€** | **2022** | **2023** |
| 60,000-69,999 | 4 | 5 |
| 70,000-79,999 | 6 | 8 |
| 80,000-89,999 | 3 | 6 |
| 90,000-99,999 | 1 | 1 |
| 100,000-109,999 | 2 | 1 |
| 110,000-119,999 | | 1 |
| 120,000-129,999 | 2 | 1 |
| 130,000-139,999 | | |
| 140,000-149,999 | | |
| 150,000 – 159,999 | 1 | |
| 160,000 – 169.999 | | |
| 170,000 – 179,000 | | 1 |

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear leo ÁSPC an fhostóra.

| **Sochair fostaithe an phríomhphearsanra bainistíochta** | **2022**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
|---|---|---|
| Táillí Chomhaltaí an Choimisiúin | 92,340 | 62,325 |
| Tuarastal (an Príomh-Choimisinéir san áireamh) | 807,005 | 826,592 |
| Liúntais | 22,430 | 14,642 |
| Sochair foirceanta | - | - |
| Árachas Sláinte | - | - |
| | **921,775** | **903,559** |

Áirítear le príomhphearsanra bainistíochta an Choimisiúin comhaltaí an Choimisiúin, lena n-áirítear an Príomh-Choimisinéir lánaimseartha, an Stiúrthóir agus comhaltaí na Foirne Ardbhainistíochta. Léiríonn na figiúirí an fíorluach saothair don tréimhse.

| **Tuarastal an Phríomh-Choimisinéara** | **2022**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
|---|---|---|
| Buntuarastal | 158,541 | 171,148 |
| Árachas Sláinte | - | - |
| **Iomlán** | **158,541** | **171,148** |

| **Tuarastal Stiúrthóra** | **2022**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
|---|---|---|
| Buntuarastal | 142,184 | 120,005 |
| Árachas Sláinte | - | - |
| **Iomlán** | **142,184** | **120,005** |

Chuaigh Laurence Bond ar scor ar an 31 Nollaig 2022, agus eisíodh a thuarastal deiridh ar an 5 Eanáir 2023. Ceapadh Éimear Fisher mar Stiúrthóir ón 19 Meán Fómhair 2022 go dtí an 18 Bealtaine 2023. Ceapadh Deirdre Malone mar Stiúrthóir ar an 19 Bealtaine 2023.

| Costais sainchomhairleoireachta | 2022<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairleach | 97,410 | 108,878 |
| **Iomlán** | **97,410** | **108,878** |

| Taisteal agus cothabháil – Intíre agus idirnáisiúnta | 2022<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| **Taisteal intíre** | | |
| An Coimisiún | 5,042 | 4,321 |
| Fostaithe | 3,326 | 5,350 |
| **Taisteal Idirnáisiúnta** | | |
| An Coimisiún | 7,250 | 745 |
| Fostaithe | 11,950 | 4,322 |
| **Iomlán** | **28,517** | **14,738** |

| Costais fáilteachais | 2022 | 2023 |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | | 2,227 |
| Fáilteachas Tríú Páirtí | | |
| **Iomlán** | **Nialas** | **2,227** |

# Aguisín 6: Foilseacháin

| Ainm | Cineál | Dáta |
|---|---|---|
| Tuarascáil Bhliantúil 2022 | Tuarascálacha Bliantúla | Meitheamh |
| Trafficking in Human Beings in Ireland - Second Evaluation of the Implementation of the EU Anti-Trafficking Directive | Tuarascálacha Bliantúla | Meán Fómhair |
| Equality and Human Rights on the Island of Ireland after Brexit 2023 | Tuarascálacha Bliantúla | Nollaig |
| Letter to Minister O'Gorman on Mother and Baby Institutions Payment Scheme Bill 2022 Feb 2023 | Comhfhreagras | Feabhra |
| Letter to Chair of the Joint Committee on Children, Equality, Disability, Integration and Youth Observations on the Mother and Baby Institutions Payment Scheme Bill | Comhfhreagras | Bealtaine |
| Civil Society Guide to Reporting under the International Covenant on Economic, Social and Cultural Rights | Treoracha agus Faisnéis | Meitheamh |
| Ireland and the Council of Europe Convention on preventing and combating violence against women and domestic violence | Tuairisciú Idirnáisiúnta | Eanáir |
| Ireland and the Sustainable Development Goals | Tuairisciú Idirnáisiúnta | Meitheamh |
| Ireland and the Convention on the Elimination of All Forms of Discrimination against Women (CEDAW) | Tuairisciú Idirnáisiúnta | Meán Fómhair |
| Submission on the Review of the Equality Acts | Breithnithe Reachtaíochta | Iúil |
| Policy Statement on the Index-Linking of Welfare Payments (Welfare Indexation) | Ráitis Beartais agus Aighneachtaí | Feabhra |
| The Incorporation of Economic, Social and Cultural Rights into the Irish Constitution | Ráitis Beartais agus Aighneachtaí | Feabhra |
| Submission to the Department of the Taoiseach on the European Semester 2023 and the National Reform Programme | Ráitis Beartais agus Aighneachtaí | Feabhra |
| Submission on Compensating Victims of Crime to the Law Reform Commission on their Fifth Programme of Law Reform | Ráitis Beartais agus Aighneachtaí | Márta |
| Public consultation on the mid-term review of the Pathways to Work Strategy 2021 – 2025 | Ráitis Beartais agus Aighneachtaí | Márta |

| | | |
|---|---|---|
| Policy Statement on a Just Transition | Ráitis Beartais agus Aighneachtaí | Aibreán |
| Submission to the Independent Review of the Civil Legal Aid Scheme | Ráitis Beartais agus Aighneachtaí | Bealtaine |
| Policy Statement on the right to family reunification under the International Protection Act 2015 | Ráitis Beartais agus Aighneachtaí | Bealtaine |
| Policy Statement on Care | Ráitis Beartais agus Aighneachtaí | Iúil |
| Submission on the Planning and Development Bill 2022 | Ráitis Beartais agus Aighneachtaí | Deireadh Fómhair |
| Submission on the Criminal Law (Sexual Offences and Human Trafficking) Bill 2023 | Ráitis Beartais agus Aighneachtaí | Deireadh Fómhair |
| Collective Bargaining and The Irish Constitution—Barrier or Facilitator? | Tuarascálacha Taighde | Nollaig |

# Aguisín 7: Deontais

**Eagraíocht: Mercy Law Resource Centre**

**Teideal an Tionscadail:** Access to Justice and Rights for Long-term Homeless Children and their Families

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo tabhairt faoi thaighde cáilíochtúil, chun taithí saoil páistí agus teaghlach a ghabháil, ina measc teaghlaigh Lucht Siúil agus Romach atá i gcóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean agus éifeachtaí na heaspa dídine fadtéarmaí ar pháistí sna teaghlaigh sin agus moltaí praiticiúla bunaithe ar fhianaise a chur i dtoll a chéile faoin gcaoi le feabhas a chur ar rochtain ar cheartas agus cosaint na gceart i measc na bpáistí sin agus a dteaghlach.

**Eagraíocht: EPIC – Empowering People in Care**

**Teideal an Tionscadail:** Experiences of state care amongst children and young people who have sought international protection: A qualitative study

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo tabhairt faoi thaighde cáilíochtúil ar na dúshláin shonracha a bhíonn os comhair páistí agus daoine óga a bhfuil taithí acu ar an gcúram agus a lorg cosaint idirnáisiúnta in Éirinn. Beidh sé mar chuspóir aige anailís a dhéanamh ar cé acu a léiríonn a dtaithí a gcearta faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus an Coinbhinsiún maidir le Dídeanaithe, agus sraith moltaí beartais a chur i dtoll a chéile.

**Eagraíocht: An Líonra Eorpach um Fhrithbhochtaineacht (Comhghuaillíocht Phobail)**

**Teideal an Tionscadail:** Civil Society Submission to UN International Covenant on Economic Social and Cultural Rights fourth periodic report of Ireland

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo tuarascáil a ullmhú ón gComhghuaillíocht Phobail ar cheisteanna um chearta eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha in Éirinn ina mbeadh sraith moltaí agus í a chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, roimh scrúdú na hÉireann ar a mhéad a chomhlíonann sí a hoibleagáidí faoin gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha. Tá sé d'aidhm ag an tuarascáil seo feabhas a chur ar rochtain ar na cearta sin agus ag an am céanna feasacht

agus taithí a mhéadú ar chreataí chearta an duine agus próisis tuairiscithe dá leithéid a úsáid mar bhealach chun athrú dearfach a bhaint amach.

**Eagraíocht: Oxfam Ireland**

**Comhpháirtí:** Comhairle Dídeanaithe na hÉireann

**Teideal an Tionscadail:** Activists and Advocates: workshops for change

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo eolas, scileanna agus taithí a roinnt chun feabhas a chur ar chumas abhcóideachta grúpaí faoi stiúir dídeanaithe agus daoine a bhog go hÉirinn chun teacht ar cheartas trí thionchar a imirt ar bheartas cosanta idirnáisiúnta agus plé le comhlachtaí poiblí chun reachtaíocht, beartas, cleachtas agus seirbhísí a mhúnlú i réimse an bheartais imirce agus tearmainn. Tá sé d'aidhm freisin ag an tionscadal seo caidrimh níos fearr agus tuiscint níos doimhne ar obair a chéile a fhorbairt ionas go bhféadfaimis a bheith inár bhfórsa níos láidre ag obair le chéile ar mhaithe le cearta agus folláine imirceach, dídeanaithe agus daoine a lorgaíonn cosaint, agus in aghaidh leatroim agus neamhionannais.

**Eagraíocht: Family Carers Ireland**

**Teideal an Tionscadail:** Civil Society Submission to UN International Covenant on Economic Social and Cultural Rights fourth periodic report of Ireland

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo tacaíocht dlí a sholáthar do ghrúpa píolótach cúramóirí chun iad a chumasú mar dhaoine a bhfuil cearta acu agus lucht tacaíochta do dhaoine atá faoi mhíchumas, gabháil don phróiseas iarratais nua le haghaidh Ionadaí Cinnteoireachta go tráthúil agus le tacaíocht, agus feasacht a mhéadú ar an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) i measc cúramóirí agus an fhoghlaim ó na cásanna sin a ghabháil agus tacú le forbairt teimpléid is féidir le cúramóirí eile a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar stádas Ionadaí Cinnteoireachta.

**Eagraíocht: Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn**

**Teideal an Tionscadail:** Increase equality and reduce risk by promoting human rights compliant pathways for safe and regular migration

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo an bonn fianaise a mhéadú chun troid níos fearr le haghaidh athruithe i reachtaíocht agus beartas, rud a bhunóidh

nó a fheabhsóidh conairí comhlíontachta chearta an duine le haghaidh imirce shábháilte, rialta chun rioscaí a laghdú agus comhionannas agus ceartas a chinntiú.
Méadóidh an tionscadal seo feasacht ar chonairí imirce dearfacha agus nuálacha (m.sh. scéimeanna nuálacha a chuireann ar a gcumas do dhaoine nach bhfuil chomh cáilithe sin bogadh le haghaidh na hoibre, samplaí dearfacha de dhul chun cinn ó cheadanna gearrthéarmacha; teidlíocht níos soiléire don athaontú teaghlaigh). Trí eiseamláirí dea-chleachtais a léiriú, tá sé i gceist againn feasacht a mhéadú, bonn eolais a chur faoi phlé, tacú le hathchóiriú agus dea-chleachtas.

**Eagraíocht: RADE**

**Teideal an Tionscadail:** Create Your Rights

**Achoimre:** Trí shraith de cheardlanna cruthaitheacha, is é aidhm an tionscadail seo machnamh criticiúil a spreagadh faoi cheist na gceart agus daoine a bhfuil taithí ar andúil acu a chumasú le troid níos láidre ar a son féin amach anseo. Feasacht a chruthú freisin i measc an phobail trí chéile trí shaothar cruthaitheach roghnaithe a chuirtear i gcrích sna ceardlanna sin a fhoilsiú. Ina measc siúd beidh leabhar de scríbhneoireacht chruthaitheach agus léaráidí ar théamaí chearta an duine a chuirfidh na rannpháirtithe i láthair i dteannta plé painéil oscailte i bhfoirm imeacht poiblí.

**Eagraíocht: Longford Traveller Healthcare Project – Longford Community Resources**

**Comhpháirtí:** Irish Network Against Racism (‘INAR’), agus Community Action Network (‘CAN’)

**Teideal an Tionscadail:** Building advocacy capacity and advancing the rights of minority ethnic community leaders

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo cumas ceannaireachta agus oiliúna a fhorbairt i measc daoine a bhfuil cearta acu sna pobail Lucht Siúil, Romach, Imirceach agus Mionlach i gceantar an Longfoirt chun go dtuigfidh siad a reachtaíocht comhionannais daonna agus cosanta. Áireofar leis sin an chaoi lena gcosaint, á nascadh le haghaidh a thabhairt ar chiníochas agus idirdhealú aonair, institiúideach agus struchtúrtha. Tacóidh Ceannairí Eitneachta Mionlaigh INAR leis an oiliúint agus beidh na rannpháirtithe ina n-iolraitheoirí ina bpobail.

**Eagraíocht: An Cumann Peile Boihéamach**

**Comhpháirtí:** An tIonad um Cheartas Comhshaoil ag Community Law and Mediation

**Teideal an Tionscadail:** Football Empowering Local Environmental Justice Champions

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo plé le pobail chun forbairt agus scaipeadh ábhair oideachais a mhúnlú a mhéadóidh feasacht ar cheartas agus cearta comhshaoil, agus teacht ar na cearta sin le haghaidh bhaill agus lucht leanta an Chumainn Peile Bhoihéamaigh agus na bpobal máguaird. Cuirfidh an t-ábhar sin ar a gcumas do na pobail áitiúla sin tuiscint a fháil ar an gcaoi le páirt a ghlacadh i gcinntí comhshaoil a théann i bhfeidhm orthu agus cuntasacht a lorg nuair nach gcomhlíontar oibleagáidí comhshaoil. Nascfaidh na hacmhainní ceartas comhshaoil agus aeráide leis na saincheisteanna laethúla a théann i gcion ar dhaoine agus rachaidh siad i bhfeidhm ar dhaoine nach mbíonn rannpháirteach i gcúrsaí comhshaoil go fóill.

**Eagraíocht: Doras**

**Teideal an Tionscadail:** Access to Justice for International Protection Applicants (IPAs): Understanding their experiences with the criminal justice system in Ireland

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo, ina n-úsáidfear taighde rannpháirtíochta agus faoi stiúir piaraí, bonn fianaise a sholáthar a ghabhann tuiscint ar thaithí na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta arbh íospartaigh coire iad ar an gcóras dlí choiriúil agus sraith moltaí praiticiúla a fhorbairt ar mhaithe leis an athrú, agus torthaí na tuarascála a phlé le daoine ar a bhfuil dualgas sa chóras dlí choiriúil.

**Eagraíocht: UISCE**

**Teideal an Tionscadail:** Agency, Access, and Solutions: A living experience analysis of how to identify and address current gaps in equity of service provision in homeless accommodation

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo cumas ceannaireachta a fhorbairt i measc daoine a bhfuil neamhord mí-úsáide substaintí orthu agus a bhfuil constaicí móra os a gcomhair faoi láthair chun leas a bhaint as a gcearta laistigh de chóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean ionas gur féidir leo troid ar son a gceart a bheith páirteach i gcinntí a théann i bhfeidhm orthu. Mar gheall ar an

bpróiseas rannpháirtíochta faoi stiúir piaraí sin, beidh daoine in ann a gcearta a thuiscint agus a gcumas a neartú chun an t-eolas sin a roinnt, plé leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus a bheith ina ngníomhaithe don athrú trí throid ar son teacht ar cheartas agus cearta laistigh den earnáil. Trí phróiseas idirphlé idir daoine a bhfuil cearta acu agus daoine a bhfuil dualgas orthu, tá sé d'aidhm ag an tionscadal freagracht córais iomlán a fhorbairt le haghaidh fhíorú forásach na gceart sin.

**Eagraíocht: Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil**

**Teideal an Tionscadail:** Know Your Rights: Access to Justice and Rights for People in Prison

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo comhdháil a eagrú chun tuiscint a fhorbairt ar cheart príosúnach ina measc siúd a oibríonn chun tacú le príosúnaigh, príosúnaigh imircigh agus mionlaigh eitnigh go háirithe, agus cumas a fhorbairt chun troid níos fearr ar son chosaint na gceart sin chomh maith leis an leabhrán Know Your Rights do phríosúnaigh a scaipeadh níos forleithne chun feasacht agus tuiscint a mhéadú.

**Eagraíocht: Open Doors Initiative**

**Teideal an Tionscadail:** Fresh Start – An Employer Support Service Toolkit & Training

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo, agus bonn eolais faoi ó thaighde le fostóirí agus daoine a ciontaíodh atá ag iarraidh teacht ar obair, sraith acmhainní d'fhostóirí a fhorbairt agus oiliúint a chur ar fáil chun deireadh a chur le miotas agus feasacht a chruthú i measc fostóirí, agus taithí saoil na ndaoine a mbíonn tionchar ag constaicí córasacha orthu mar bhonn agus taca faoi, ar na tairbhí a bhaineann le daoine a ciontaíodh a earcú. Trí mhéadú feasachta agus obair oiliúna le fostóirí chun deireadh a chur leis na constaicí sin agus daoine a earcú agus a choinneáil go gníomhach, tús nua a chur ar fáil dóibh.

**Eagraíocht: Comhairle Náisiúnta Tathanta Sheirbhísí Bhráithre na Carthanachta**

**Teideal an Tionscadail:** Rights Awareness Training Programme – Fully Inclusive and Accessible

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo, faoi stiúir na dTathantóirí ar an gComhairle Náisiúnta Tathanta, clár oiliúna inrochtana a fhorbairt, físeáin ina measc, chun cumas agus muinín daoine faoi mhíchumas intleachtúil a fhorbairt i leith a gceart agus an chaoi chun troid ar a son agus leas a bhaint astu.

**Eagraíocht: Comhairle Náisiúnta na mBan**

**Teideal an Tionscadail:** Auto-enrolment from a care and gender-based lens

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo tabhairt faoi thaighde chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar inscneach a bhíonn ag clárú uathoibríoch a chur i bhfeidhm ar an scéim nua coigiltis scoir, go háirithe i leith neamhionannais a ghéarú idir cúramóirí gan phá agus oibrithe íoctha. Tá sé de rún ag an tionscadal freisin athchóirithe a mholadh a chinnteoidh leordhóthanacht ioncaim do gach oibrí ina seanaois, mná go háirithe, agus a aithníonn freisin an méid a chuireann obair chúraim gan phá leis an tsochaí. Dá bharr sin, déantar iarracht idirdhealú institiúideach in aghaidh oibrithe cúraim gan phá a shárú, ar mná iad a bhformhór.

**Eagraíocht: Waterford Integration Services**

**Teideal an Tionscadail:** Understanding and Responding to Hate and Extremism in our Communities

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo ceardlanna oiliúna réigiúnacha ina ndírítear ar réitigh (agus a dhíríonn ar iléagsúlacht agus trasnachas) a chur ar fáil i bPort Láirge agus san Oirdheisceart chun cumas na bpobal a fhorbairt, m.sh. grúpaí faoi stiúir eitneach, an earnáil LADTI+ agus pobail a mbíonn dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta acu, chomh maith le ceannairí pobail agus ionadaithe tofa chun cur in aghaidh na n-iarrachtaí easaontas agus fuath a chruthú i bpobail a bhfuil dúshláin acu cheana féin i dtéarmaí bochtaineachta, easpa deiseanna, costas maireachtála ag dul i méid agus na géarchéime cóiríochta. Forbróidh an tionscadal tacar acmhainní freisin a bheidh in oiriúint do Phort Láirge agus an tOirdheisceart, agus a fheidhmeoidh mar eiseamláir do phobail eile.

**Eagraíocht: Project Arts Centre**

**Comhpháirtí:** Dublin Theatre of the Deaf

**Teideal an Tionscadail:** Challenging Ableism towards the Deaf Community in the Arts

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo deireadh an chumasachais a chur chun cinn trí thuiscint an phobail, feasacht a mhéadú, agus idirphlé ríthábhachtach a spreagadh faoi na constaicí a bhíonn roimh an bpobal Bodhar chun teacht ar na healaíona agus páirt a ghlacadh iontu; cruthóidh sé athrú praiticiúil trí oiliúint, tacaíocht ealaíon, rannpháirtíocht leanúnach le Dublin Theatre of the Deaf agus léiriú saothar nua uaillmhianach, chomh maith leis an bpobal Bodhar a dhéanamh infheicthe trí shraith imeachtaí/cónaitheachtaí ag Project Arts Centre – ateangaireacht Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) le haghaidh imeachtaí agus léirithe ina measc; agus úsáid TCÉ a mhéadú i ngach réimse de chlár Project Arts Centre. Chuir próiseas cuimsitheach comhairliúcháin as ar eascair forbairt Straitéis Comhionannais, Ionchuimsithe agus Éagsúlachta Project Arts Centre bonn eolais faoi fhorbairt an tionscadail seo.

**Eagraíocht: Belong To LGBTQ+ Youth Ireland**

**Teideal an Tionscadail:** Tackling homophobia and transphobia through supporting LGBTQ+ inclusive primary schools.

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo creat caighdeán cáilíochta bunaithe ar fhianaise a fhorbairt chomh maith le hacmhainní lena mbaineann chun ionchuimsiú LADTA+ a chur chun cinn i measc bunscoileanna ar fud na hÉireann. Arna fhorbairt i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara earnála agus lena dtacaíocht, tacóidh torthaí an tionscadail le pobail scoile chun scoileanna ionchuimsitheacha LADTA+ a chruthú, agus cuirfear bonn eolais freisin faoi chinntí straitéise agus beartais ar an leibhéal náisiúnta. Cuirfidh an tionscadal le deireadh a chur le homafóibe agus trasfhóibe trí athruithe a chothú i meonta agus iompar sa bhunoideachas, chomh maith le fianaise mhéadaithe a sholáthar chun troid ar son beartais, straitéisí agus cleachtais atá bunaithe ar an gcomhionannas.

**Eagraíocht: Women’s Collective Ireland**

**Comhpháirtí:** Comhairle Náisiúnta na mBan

**Teideal an Tionscadail:** Women’s Collective Ireland (WCI) - Equality, Diversity, and Inclusion Awareness Seminar

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo cearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn agus dul chun cinn a dhéanamh ar chur chuige eagraíochtúil comhroinnte, agus tuiscint ar idirdhealú trasnach agus a thionchair. Bainfear é sin amach trí cheardlanna ardaithe feasachta le haghaidh ceannairí áitiúla sa Women's Collective Network ar idirdhealú trasnach agus na leibhéil éagsúla idirdhealaithe a fhulaingíonn mná agus an fhoghlaim a iolrú ina ngrúpaí áitiúla ban.

**Eagraíocht: Aoisghníomhaíocht Éireann**

**Teideal an Tionscadail:** Challenge Ageism - Reframing Older Person's Views of Themselves

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo ceardlann oiliúna agus sraith físeán a chruthú agus a chomhléiriú le daoine aosta a thacóidh le daoine aosta aoiseachas féindírithe a aithint agus a dhúshlán a thabhairt. Meastar go mbeidh rannpháirtithe na ceardlainne in ann a gcumas gníomhúcháin a úsáid chun dúshlán an aoiseachais mar bhacainn ar chomhionannas aoise a thabhairt.

**Eagraíocht: Irish Council for International Students ('ICOS')**

**Teideal an Tionscadail:** Speak Out Against Racism campaign

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo feasacht a chruthú i measc mic léinn idirnáisiúnta, iadsan i gcoláistí Béarla ina measc, agus tacú leo, chun go mbeidh a gcearta ar eolas acu agus go dtuairisceoidh siad eachtraí ciníocha trí eolas a thabhairt ar reachtaíocht comhionannais agus an chaoi lena gcearta a chosaint má rinneadh idirdhealú orthu i bhfeachtas leabhráin, físeáin agus ar líne a chomhléireofar le mic léinn. Beidh mic léinn níos feasaí ar a gcuid ceart agus ar an gcaoi le ciníochas a thuairisciú. Cuirfear an t-ábhar ar fáil i mBéarla, Spáinnis agus Portaingéilis.

**Eagraíocht: Hope and Courage Collective Project – Uplift**

**Comhpháirtí:** Community Work Ireland

**Teideal an Tionscadail:** Understanding and responding to hate and extremism in our communities

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo, trí chlár oiliúna i gceithre cheantar phíolótacha in Éirinn, tuiscint, cumas agus muinín a fhorbairt i measc oibrithe

forbartha pobail agus ceannairí pobail ina measc ceannairí mionlaigh eitnigh, imirce agus LADTI+ chun gníomhú mar iolraitheoirí le scaipeadh an antoisceachais agus an fhuatha ina bpobail a chosc, chomh maith le pobail dlúthpháirtíochta, ionchuimsithe, fáilte agus measa a fhorbairt. Beidh treoracha acmhainne agus líonrú na ndaoine a bheidh páirteach mar thacaíocht don oiliúint.

**Eagraíocht: Hawkswell Theatre**

**Comhpháirtí:** Sligo/Leitrim Community Inclusion Services, an Líonra Náisiúnta Foghlama agus This Ability

**Teideal an Tionscadail:** SHINE – Music participation programme for people with Intellectual Disabilities

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo, a bhfuil ionchur ó dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil mar bhonn eolais faoi, deireadh a chur le cumasachas agus aoiseachas trí inrochtaineacht mhíchumais a chomhtháthú i gcur chuige agus clár na hamharclainne trí cheoltóirí agus éascaitheoirí ceoil a chur faoi oiliúint chun go dtuigfidh siad agus go bpléifidh siad le luchtanna éisteachta ilchineálacha, as a n-eascróidh sraith ceardlann ceoil do dhaoine aosta faoi mhíchumas intleachtúil. Cuirfidh an tionscadal seo leis an gcur chuige eagraíochta iomláine chun éagsúlacht a mhéadú san amharclann, comhpháirtithe neartaithe leis an bpobal, agus ceoltóirí agus éascaitheoirí ceoil oilte chun oibriú sa réimse seo.

**Eagraíocht: Mental Health Reform**

**Teideal an Tionscadail:** Mental Health in the Workplace: A Guide to Your Rights

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo treoir a fhorbairt chun tacú le daoine faoi mhíchumas síceasóisialta chun a gcearta san ionad oibre a thuiscint agus a éileamh. Cuirfidh daoine a bhfuil taithí saoil acu ar mhíchumas síceasóisialta bonn eolais faoin treoir. Cuspóir lárnach den tionscadal is ea tuiscint an phobail a fheabhsú ar chomh forleathan agus a bhíonn cumasachas agus ar a thionchar i gcomhthéacs na meabhairshláinte in Éirinn. Trí fheasacht agus tuiscint a mhéadú ar reachtaíocht comhionannais agus cearta an duine, tá sé d’aidhm leis an tionscadal tacú le níos mó daoine faoi mhíchumas síceasóisialta leas a bhaint as tacaíochtaí agus freastal réasúnta, agus a gcearta a éileamh má dhéantar idirdhealú orthu san ionad oibre.

**Eagraíocht: Ronanstown Women's CDP**

**Teideal an Tionscadail:** Connecting through the Medium of Craft

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo tabhairt faoi shraith ceardlann chun a chur ar a gcumas do mhná agus iad a chumhachtú chun páirt a ghlacadh agus plé le chéile trí mheán na ceardaíochta, agus é mar sprioc deireadh a chur le leithlisiú, ciníochas agus éagóir shóisialta. Trí phluid an dóchais a fhorbairt, tabharfaidh an tionscadal mná ón bpobal ar fad le chéile, mná imirceacha agus iarratasóirí mná ar chosaint idirnáisiúnta ina measc. Deis a bheidh sa teacht le chéile chun teacht aniar a fhorbairt agus a chur ar a gcumas dóibh siúd a d'fhulaing idirdhealú eolas a fháil faoina gcearta daonna. Seolfar an Phluid ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, 2024.

**Eagraíocht: Rosemount Family Resource Centre**

**Teideal an Tionscadail:** Countering Ageism

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo dínit agus comhionannas ceart daoine aosta a chur chun cinn. Eagrófar grúpa fócais de dhaoine aosta chun a dtuairimí a fháil ar an mbealach is fearr le deireadh a chur le haoiseachas agus an pobal a dhéanamh níos báúla do dhaoine scothaosta agus níos feasaí orthu. Cuirfidh sé sin bonn eolais faoi chur chuige chun deireadh a chur le haoiseachas trí dhaoine aosta sa phobal a chur i mbun gníomhaíochtaí idirghlúine, comhdhálacha feasachta, deiseanna oibre deonaí agus cinnteoireachta.

**Eagraíocht: AsIAm**

**Teideal an Tionscadail:** Inclusive Education Practices Part 2: Exploring Codes of Behaviours in Primary, Secondary and Special School's in Ireland

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo tabhairt faoi thaighde chun scrúdú a dhéanamh ar úsáid na gcód iompair inár gcóras scolaíochta agus a fhiosrú an bhfuil na huirlisí sin ag teacht le brí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas ('UNCRPD'). Meastar go mbeidh mar thoradh ar an taighde sin léargas ar na cuir chuige cumasachais a úsáidtear i gcás na gcód iompair i gcóras oideachais na hÉireann. Ag croílár an tionscadail, beidh scrúdú ar a dteastaíonn le haghaidh taithí oideachais chóir chothrom do pháistí ar aois scoile/daoine óga a bhfuil uathachas orthu agus leasú na gcód iompair chun é sin a léiriú.

**Eagraíocht: Obair d'Ógra Éireann, Gaillimh**

**Teideal an Tionscadail:** Youth Access Project

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo aghaidh a thabhairt ar chumasachas i soláthar spásanna poiblí agus sóisialta do dhaoine óga. Tabharfar le chéile grúpa éagsúil daoine óga faoi mhíchumas chun scannán faisnéise a chruthú chun a nguth a ardú agus béim a leagan ar na fadhbanna a chuireann isteach orthu i dtaobh a n-eisiaimh ó spásanna poiblí agus sóisialta, as a dtagann a n-éagumas idirghníomhú lena bpiaraí. Cuirfear torthaí an tionscadail seo ar shúile lucht cinnteoireachta, soláthraithe seirbhíse agus eagraíochtaí a oibríonn le daoine óga chun spásanna níos inrochtana a chruthú le haghaidh an aosa óig ar fad ionas gur féidir leo a bheith ag plé le chéile ar comhchéim.

**Eagraíocht: Traveller Visibility Group, Corcaigh**

**Comhpháirtí:** Cork Traveller Women's Network

**Teideal an Tionscadail:** Cork City Traveller Archive Project

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo stair fhada shaibhir de ghrianghraif agus cáipéisí tábhachtacha a bhaineann le hoidhreacht, gníomhaíochas (gníomhaíochas ar son chearta an duine go háirithe) agus cultúr an Lucht Siúil i gCorcaigh a chur i dtoll a chéile agus cartlann dhigiteach a dhéanamh díobh, iad a chatagóiriú de réir an dea-chleachtais le rannpháirtíocht cartlannaí piara agus an t-ábhar a chur ar fáil do lucht féachana leathan. Is é an sprioc ná tuiscint agus feasacht níos fearr a chruthú i measc lucht féachana leathan ar an streachailt a bhí os comhair gníomhaithe Lucht Siúil i dtéarmaí troid ar son athrú, agus lena linn sin cumas níos mó a fhorbairt do dhaoine den Lucht Siúil a dteastaíonn uathu dul faoi oiliúint mar chartlannaithe, chomh maith leo siúd ar mhaith leo tuiscint níos fearr a fháil ar a stair agus a n-oidhreacht.

**Eagraíocht: Sports Against Racism Ireland**

**Teideal an Tionscadail:** Inclusive Education through Sport

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo acmhainn oideachais a chur i dtoll a chéile, i gcomhar le daoine óga mionlaigh eitnigh, a úsáidfidh múinteoirí agus daltaí (10-13 bliana d'aois) i mbunscoileanna a chuirfidh le sraith de cheardlanna in aghaidh an idirdhealaithe agus an chiníochais, agus a chuirfidh luach leo, agus a chuirfidh oideachasóirí óige in SARI ar fáil trí mheán an spóirt. Cé go gcuirfear an acmhainn ar fáil i ngach scoil de réir a chéile, is iad na príomh-spriocghrúpaí daoine óga agus páistí ón lucht oibre agus faoi mhíbhuntáiste a thagann ó chúlraí éagsúla mionlaigh eitnigh agus dúchasacha Éireannacha.

## Tionscadail Dheontais 2023–2023 a Dúnadh

**Eagraíocht: Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann**

**Teideal an Tionscadail:** Think Ahead, Think Housing 2023

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo feachtas feasachta a fhorbairt chun aird a tharraingt ar thaithí saoil daoine faoi mhíchumas ar an margadh tithíochta, agus go háirithe ar an liosta feithimh le haghaidh tithíocht shóisialta fhaofa ar fud na tíre. Tarraingeoidh an tionscadal seo aird ar réimsí neamh-chomhlíontachta le comhionannas agus cearta an duine san earnáil phoiblí ó thaobh taithí saoil daoine a bhfuil cearta acu.

**Eagraíocht: Longford Women's Resource Group**

**Comhpháirtí:** Comhairle Náisiúnta na mBan agus Ollscoil Mhá Nuad

**Teideal an Tionscadail:** Migrant women's experience of economic inequality

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tabhairt faoi thaighde chun taithí saoil ban imirceach i bpobail faoin tuath i Lár Tíre na hÉireann atá i mbaol neamhionannas geilleagrach a ghabháil. Aistreofar na torthaí go moltaí beartais agus bearta praiticiúla comhchruthaithe chun ionchuimsiú agus rannpháirtíocht ghníomhach ban imirceach sa lucht saothair agus níos forleithne a éascú. Áirítear leis na torthaí inbhraite lámhleabhar le haghaidh daoine a bhfuil cearta acu chun tacú lena n-ionchuimsiú agus rannpháirtíocht i bpobail tuaithe agus treoir dea-chleachtais le haghaidh eagraíochtaí sochaí sibhialta chun a chinntiú go mbíonn mná imireacha páirteach i struchtúir áitiúla cinnteoireachta.

**Eagraíocht: Family Carers Ireland**

**Teideal an Tionscadail:** Valuing Care work: Improving Family Carers' Access to Adequate Income Supports

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo dul chun cinn a dhéanamh ar chomhionannas geilleagrach níos fearr le haghaidh cúramóirí teaghlaigh trí thogra athchóirithe maidir le tacaíocht ioncaim a fhorbairt. Trí thaighde cáilíochtúil agus cainníochtúil a úsáid, scrúdófar na dúshláin a bhíonn roimh chúramóirí chun teacht ar Liúntas Cúramóra, agus tabharfaidh an tionscadal le chéile eolas cúramóirí, cleachtóirí agus acadóirí chun réitigh a chur i dtoll a chéile in éindí

agus togra athchóirithe nithiúil maidir le tacaíocht ioncaim ina bhfuil moltaí cur i bhfeidhm le haghaidh cúramóirí a chomhfhorbairt.

**Eagraíocht: Hygiene Bank Ireland**

**Teideal an Tionscadail:** Understanding Hygiene Poverty

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tabhairt faoi thaighde ar éifeachtaí na bochtaineachta sláinteachais in Éirinn. Trí thuiscint níos fearr a fháil ar an mbochtaineacht sláinteachais, tá sé d'aidhm ag Hygiene Bank Ireland tionchar a imirt ar an sainmhíniú ar bhochtaineacht chun an cineál sin bochtaineachta a áireamh agus a chinntiú go gcuirtear an t-éagumas íoc as earraí sláinteachais mar tháscaire díothachta na Príomh-Oifige Staidrimh.

Tá sé d'aidhm leis an taighde aird a tharraingt ar thaithí saoil daoine ar an mbochtaineacht sláinteachais. Roinnfear na torthaí agus na moltaí chun bonn eolais a chur faoin gcomhrá ar bhochtaineacht agus an pá maireachtála go ginearálta.

**Eagraíocht: Doras**

**Teideal an Tionscadail:** Transformative Human Rights Education for Migrant & Refugee Communities

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo oideachas/oiliúint inrochtana um chearta an duine a fhorbairt agus é a dhearadh i gcomhar le daoine a bhfuil cearta acu chun scileanna agus saineolas ceannaireachta a thógáil sna pobail imirceach agus teifeach chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas geilleagrach. Áireofar leis an tionscadal sraith de cheardlanna fisiciúla agus acmhainní oideachais idirghníomhacha ar líne a bheidh ar fáil i dteangacha éagsúla agus a roinnfear ar an ardán oideachais SaorEd. Díreofar leis ar thuiscint a fháil ar chearta fostaíochta agus oideachas claochlaitheach um chearta an duine chun gníomhú ar son leas sóisialach, tithíochta agus oideachais.

**Eagraíocht: Comhairle Dídeanaithe na hÉireann**

**Teideal an Tionscadail:** Improving the living conditions of newly arrived people seeking international protection

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo dul chun cinn a dhéanamh ar chearta daonna daoine nuathagtha atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta in Éirinn trí

thabhairt faoi shuirbhé chun tuiscint níos fearr a fháil ar a ndeacrachtaí airgeadais nuair a thagann siad agus iniúchadh ar an liúntas costas laethúil. Eascróidh foilsiú páipéir beartais as sin, ina mbeidh moltaí chun an córas a fheabhsú agus éileofar athruithe ar na beartais agus an reachtaíocht ábhartha.

**Eagraíocht: Action Aid**

**Comhpháirtí:** Comhairle Náisiúnta na mBan

**Teideal an Tionscadail:** Economic Equality for Carers: A Symposium on Care

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo abhcóideacht agus cumas cúramóirí mná a neartú, tabhairt faoi anailís ar bheartais, agus Siompóisiam faoi Chúram a eagrú ina dtabharfar daoine a bhfuil cearta acu agus saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta le chéile chun réitigh a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaimis cúram a atheagrú. Cuirfidh an obair sin bonn eolais faoi fhorbairt páipéir beartais ina dtabharfar sraith réitigh beartais agus méadófar feasacht ar chúram mar cheist thábhachtach chearta an duine agus comhionannais i measc polaiteoirí, an lucht déanta beartas, na meán agus eagraíochtaí neamhrialtasacha eile.

**Eagraíocht: Phoenix Women's Centre, Ciarraí**

**Teideal an Tionscadail:** Race and Gender: An Examination of Intersectional Barriers in Employment in Rural Ireland

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tabhairt faoi thaighde cáilíochtúil agus cainníochtúil chun guth a thabhairt do mhná de dhath i dtaobh a dtaithí ar fhostaíocht agus scrúdú a dhéanamh ar na bacainní a bhíonn os a gcomhair i mbaile tuaithe in Iardheisceart na hÉireann. Tabharfaidh taighdeoirí ó Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan agus Coláiste Náisiúnta na hÉireann, i dteannta Phoenix Women's Centre faoin taighde, agus fiosrófar na bealaí sonracha ina mbíonn inscne agus cine ag (a)táirgeadh neamhionannais inár margadh saothair. Tá sé d'aidhm leis sraith tacaíochtaí a mholadh d'fhostaithe agus fostóirí chun dul i ngleic le hatáirgeadh claonta thrasnaigh agus iad sin a chur chun cinn do pháirtithe leasmhara ábhartha.

**Eagraíocht: Ionchuimsiú Éireann**

**Teideal an Tionscadail:** Make it Work – Promote Employment for All!

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo cumas grúpa daoine faoi mhíchumas intleachtúil a thógáil chun plé a stiúradh agus a éascú le daoine eile faoi mhíchumas intleachtúil chun labhairt faoina gceart chun oibre. Beidh an grúpa páirteach i bhfeachtas Cháinaisnéis 2024 chun aird a tharraingt ar cheisteanna a bhaineann le fostaíocht. Cuirfidh an tionscadal cód dea-chleachtais i dtoll a chéile freisin d'fhostóirí le hionchur cuideachtaí. Tarraingeofar aird ar eiseamláirí den dea-chleachtas fostaíochta in Éirinn trí fhíseáin agus podchraoltaí.

**Eagraíocht: Irish Network Against Racism**

**Comhpháirtí:** Community Action Network (CAN)

**Teideal an Tionscadail:** Communities Speaking Out: Minority Ethnic Leaders STAND against racism

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo clár oiliúna a sholáthar ina dtugtar aghaidh ar an gciníochas, ciníochas institiúideach agus struchtúrtha ina measc. Áireofar leis ról Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin. Forbrófar scileanna grúpa ceannairí eitneachta mionlaigh a dteastaíonn uathu a bheith ina n-éascaitheoirí frithchiníochais agus cuirfear oiliúint bunaithe ar chearta an duine agus á stiúradh ag luachanna ar fáil.  Líonfaidh sé sin bearna le haghaidh oiliúint faoi stiúir mionlach eitneach san earnáil seo. Tá sé i gceist go leathnófar an clár go samhail fiontraíochta sóisialta, ina ndéantar oiliúnóirí íoctha as na Ceannairí Eitneachta Mionlaigh.

**Eagraíocht: Ruhama**

**Comhpháirtí:** Clár Taighde um Dhúshaothrú Gnéasach an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD)

**Teideal an Tionscadail:** The sexual violence and trauma of prostitution - supporting exit pathways and ending the sex trade

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal, trí chomhdháil, athrú dearfach a dhéanamh ar eolas agus tuiscint ar thionchar an striapachais, na gáinneála agus an dúshaothraithe ghnéasaigh. Tabharfar guth do dhaoine a mbíonn tionchar orthu trí ionchur uathu siúd a tháinig slán. Tá sé d'aidhm leis plé a dhéanamh ar thacaíochtaí a theastaíonn chun mná a chumhachtú leis an striapachas a fhágáil

agus dul chun cinn a dhéanamh ar chomhionannas geilleagrach le haghaidh ban trí thacú le cosáin chuig neamhspleáchas geilleagrach. Scaipfear tuarascáil na comhdhála.

**Eagraíocht: Gorm Media**

**Teideal an Tionscadail:** Intercultural Training Programme to promote compliance with the Public Sector Duty

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo taighde rannpháirtíochta a fhorbairt le daoine a bhfuil cearta acu ó chúlraí éagsúla cultúrtha, taighde a chuireann bonn eolais faoi fhorbairt cláir oiliúna idirchultúrtha chun tacú le comhlachtaí poiblí cloí lena ndualgas chun cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint. Tabharfar sásra chun tacú le comhlachtaí poiblí a rannpháirtíocht i bplé idirghrúpa a fheabhsú agus cur chuige bunaithe ar fhianaise a ghlacadh i leith a measúnuithe um chearta an duine agus comhionannas ionas gur féidir cosaint níos fearr a thabhairt do chearta grúpaí imeallaithe ó chúlraí éagsúla cultúrtha agus aghaidh a thabhairt ar na cearta sin.

**Eagraíocht: All Together in Dignity Ireland**

**Teideal an Tionscadail:** Voicing and Acting on Socio-Economic Discrimination: Taking a Human Rights Approach to Raising Awareness and Building a Deeper Understanding

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo sraith uirlisí a fhorbairt, ina measc páipéar acadúil, taispeántas, agus gearrscannán le daoine a bhfuil cearta acu a bhfuil taithí saoil acu, chun feasacht a ardú agus dúshláin meonta i leith idirdhealú socheacnamaíoch a thabhairt, agus a ábharthacht do dhualgas na hearnála poiblí. Tá sé d'aidhm leis bacainní a bhriseadh idir daoine a bhfuil cearta acu agus comhlachtaí poiblí (acadóirí agus cleachtóirí ina measc) agus dá réir spás a thabhairt do daoine a bhfuil cearta acu / piarthaighdeoirí chun a gceisteanna a chur i láthair na gcomhlachtaí poiblí ábhartha agus tacú le comhlachtaí poiblí agus iad ag glacadh cur chuige bunaithe ar fhianaise i leith a measúnaithe um chomhionannas agus cearta an duine.

**Eagraíocht: Community Law and Mediation**

**Teideal an Tionscadail:** Capacity Building Training Sessions of Public Bodies' on the Public Sector Duty

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo trí sheisiún oiliúna a sholáthar do chomhlachtaí poiblí chun tacú leo tuiscint níos fearr a fháil ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus é a chur i bhfeidhm mar chuid dá bpleanáil straitéiseach, agus a gcomhlíontacht a neartú dá réir. Tá sé d'aidhm leis an oiliúint cabhrú le hathrú cultúrtha agus go mbeadh cur chuige réamhghníomhach ag comhlachtaí poiblí chun cuid lárach dá n-obair a dhéanamh de chomhionannas agus cearta an duine.

**Eagraíocht: Cónaidhm na hÉireann um Míchumas**

**Teideal an Tionscadail:** Building capacity on the Public Sector Duty for DFI and its Member Organisations

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo forbairt acmhainne, oiliúint agus oideachas ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a sholáthar chun a chur ar chumas Chónaidhm na hÉireann um Míchumas tuiscint agus aitheantas a fháil ar a fhreagrachtaí féin agus ar fhreagrachtaí a 121 eagraíocht is comhalta chun tacú le comhlíonadh an dualgais san earnáil míchumais. Déanfar meastóireacht ar an dul chun cinn toisc go bhfuil sé d'aidhm leis an tionscadal athruithe ar mheonta agus iompar a chothú trí oideachas agus oiliúint a fhorbraítear de bharr an tionscnaimh seo.

**Eagraíocht: Cultúr Migrants Centre, an Mhí**

**Teideal an Tionscadail:** Peer To Peer: Community Human Rights Platform

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo Ardán Pobail um Chearta an Duine a chruthú ina mbeidh eagraíochtaí agus ceannairí imirceach sa Mhí chomh maith le clár gníomhaíochtaí a chruthóidh feasacht agus tuiscint i measc pobail imirceach agus pobail áitiúla ar a gcearta agus ar oibleagáidí iad siúd ar a bhfuil dualgais, ina measc feidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus an chaoi a bhféadfadh a chur i bhfeidhm rochtain agus taithí ar sheirbhísí poiblí a fheabhsú.

**Eagraíocht: Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill**

**Teideal an Tionscadail:** Your Rights Roadshow – Promoting the Public Sector Equality and Human Rights Duty

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo cruinnithe abhcóideachta hibride a óstáil i gcúig láthair le daoine atá dall nó a bhfuil lagú radhairc orthu chun feasacht níos fearr a bhaint amach ar fheidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Moltar a scileanna abhcóideachta a mhéadú chuige sin agus tacú leis na líonraí áitiúla sin chun plé leis an tseirbhís phoiblí/na seirbhísí poiblí atá ar fáil go háitiúil. Cabhróidh sé freisin le caidrimh agus cumas a thógáil chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sa todhchaí.

**Eagraíocht: ASIAM**

**Teideal an Tionscadail:** Inclusive Education in Ireland - Rights, Responsibilities and Duties

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tabhairt faoi chomhairliúchán agus anailís ar bheartais maidir le hoideachas ionchuimsitheach in Éirinn, le béim ar leith ar thráthchlár laghdaithe, fionraí, agus díbirt as scoil. Eascróidh tuarascáil ar an staid mar atá faoi láthair as sin. Cuirfear bonn eolais faoi fhorbairt Treorach Acmhainn don phobal uathach, an pobal míchumais níos leithne agus a dteaghlaigh chun iad a chumhachtú lena gcearta ar oideachas oiriúnach a éileamh. Úsáidfear an tuarascáil go háirithe chun eolas a thabhairt do chomhlachtaí poiblí agus a chur ina luí orthu a n-oibleagáidí comhionannais agus chearta an duine i leith an oideachais a chomhlíonadh.

**Eagraíocht: Aoisghníomhaíocht Éireann**

**Teideal an Tionscadail:** Digital First Should Not Mean Digital Only – The Public Sector Duty and Digital Exclusion

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo daoine scothaosta a dhéanamh páirteach i mbonn eolais a chur faoi anailís comhionannais agus chearta an duine ar na straitéisí agus beartais ábhartha chun dul chun cinn a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí poiblí go digiteach. Soláthróidh an tuarascáil bonn fianaise chun eisiamh digiteach a ainmniú mar fhadhb chomh maith le léiriú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine a eascraíonn as tiomantas luaite an Rialtais do chur chuige 'digital first' i leith soláthar seirbhísí poiblí.

**Eagraíocht: Mercy Law Resource Centre**

**Teideal an Tionscadail:** Social Housing, Domestic Violence and the Public Sector Duty

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal athrú a dhéanamh ar mheonta, cleachtais agus dlíthe a mbíonn drochthionchar acu ar dhaoine a d'fhulaing foréigean baile agus atá ag plé le tacaíochtaí tithíochta sóisialta, le béim ar na hoibleagáidí a leagtar amach faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.  Áirítear le comhpháirteanna an tionscadail comhdháil le páirtithe leasmhara, le tacaíocht ó thuarascáil ina mbeidh moltaí praiticiúla.

**Eagraíocht: Age and Opportunity**

**Teideal an Tionscadail:** Learning from Covid 19 – The Voice of Older People as Rights Holders

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal tabhairt faoi thaighde rannpháirtíochta faoi stiúir piaraí a ghabhann taithí daoine scothaosta ar fhreagairt na hearnála poiblí do Covid-19 agus an gcreideann siad gur léiríodh meas ar a gcearta daonna i gcaitheamh na paindéime. Fiosrófar feasacht daoine scothaosta ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus na féidearthachtaí a bhaineann leis. Úsáidfear na torthaí chun bonn eolais a chur faoi shraith moltaí le haghaidh comhlachtaí earnála poiblí chun a bhfeasacht ar an Dualgas, agus a gcloí leis an Dualgas, a fheabhsú i gcás géarchéimeanna sláinte poiblí.

**Eagraíocht: Ballymun Community Law Centre**

**Teideal an Tionscadail:** Community legal knowledge in Ballymun: education programme needs analysis

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal tuiscint chothrom le dáta a fháil ar riachtanais agus spéis oideachais dhlíthiúil an phobail i mBaile Munna trí chomhairliúchán chun an clár a choinneáil ábhartha agus níos mó de mhuintir áitiúil Bhaile Munna a dhéanamh rannpháirteach ann. Cumhachtaíonn an clár oideachais seo daoine a fhulaingíonn idirdhealú suntasach agus córasach sa mhargadh saothair chun a gcearta a éileamh.

**Eagraíocht: Hawkswell Theatre**

**Comhpháirtí:** Seirbhís Oiliúna FSS, an Líonra Náisiúnta Foghlama, This Ability, Down Syndrome Sligo

**Teideal an Tionscadail:** SHINE – Drama Participation Programme with People with Disabilities

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an gclár seo comhionannas inrochtaineachta níos fearr a bhaint amach trí thacú le daoine faoi mhíchumas intleachtúil tabhairt faoin amharclannaíocht mar rannpháirtithe. Cuirfear sraith ceardlanna drámaíochta tumthaí ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil, chomh maith le hoiliúint d'ealaíontóirí áitiúla chun oibriú sa réimse seo. Múnlóidh rannpháirtíocht le grúpaí pobail agus seirbhísí tacaíochta an clár. Beidh an clár oiliúna ealaíontóirí a cheapfar ar fáil d'ionaid Ealaíon eile a bhfuil spéis acu san inrochtaineacht a chomhtháthú ina gcleachtas amach anseo.

**Eagraíocht: Rialto Community Drugs Team**

**Teideal an Tionscadail:** Development of a Service User Human Rights Charter

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tuiscint a thógáil ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus a úsáid a mhéadú, agus taithí úsáideoirí seirbhíse a ghabháil ionas gur féidir cur chuige bunaithe ar fhianaise a fhorbairt i leith cairt ceart agus freagrachtaí a fhorbairt d'úsáideoirí seirbhíse agus úsáideoirí seirbhíse a chumhachtú chun a dtuairimí a chur in iúl.

**Eagraíocht: Fatima Groups United**

**Teideal an Tionscadail:** Fatima for ALL

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tuiscint a fháil ar riachtanais grúpaí imirceach áitiúla, caidrimh a thógáil agus plean gnímh um chearta an duine a fhorbairt ina leagtar amach an chaoi ar féidir leis an bpobal, agus comhlachtaí poiblí, aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin.

**Eagraíocht: Blanchardstown Traveller Development Group**

**Comhphháirtí:** Ollscoil Teicneolaíochta (OT) Bhaile Átha Cliath – Campas Bhaile Bhlainséirs

**Teideal an Tionscadail:** Traveller access to and participation in Higher Education – What Supports Work

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm leis an tionscadal seo tabhairt faoi thaighde gnímh le rannpháirtíocht piarthaighdeoirí ón Lucht Siúil chun an méid a oibríonn chun tacú le rochtain an Lucht Siúil ar an ardoideachas agus a rannpháirtíocht san ardoideachas a bhunú. Cuirfidh an fhoghlaim ón taighde bonn eolais faoi oibleagáidí OT – Campas Bhaile Bhlainséir – faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine i leith rochtain agus rannpháirtíocht daoine ó phobal an Lucht Siúil san ardoideachas.

## Tionscadail roimh 2022 a Dúnadh

**Eagraíocht: INTO – Cumann Múinteoirí Éireann**

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail seo oideoirí a chumhachtú agus a chumasú san earnáil bhunscolaíochta chun scoileanna atá níos ionchuimsithí, a fháiltíonn roimh chiníocha difriúla agus a chuireann i gcoinne an chiníochais a chruthú go réamhghníomhach; déanfar amhlaidh trí chumas múinteoirí, príomhoidí agus leas-phríomhoidí a thógáil le go dtuigfidh siad ciníochas agus bulaíocht, ciapadh agus idirdhealú ciníoch/eitneach/cultúrtha, chomh maith leis an gcaoi a bhféadfaidh siad scoil atá níos ionchuimsithí, a fháiltíonn roimh chiníocha difriúla agus a chuireann i gcoinne an chiníochais a chruthú; agus oibreofar le múinteoirí Imirceacha chun tacú leo poist mhúinteoireachta a chinntiú san earnáil oideachais.

**Eagraíocht: Women for Election**

**Comhphháirtí:** National Women Travellers Forum

**Teideal an Tionscadail:** Traveller Women for Election – Changing the Face of Irish Politics

**Achoimre:** Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo mná ón Lucht Siúil a spreagadh, a ullmhú agus a thacú le go rithfidh siad agus go n-éireoidh leo i bpolaitíocht na hÉireann, agus oibreofar freisin chun constaicí inscneacha agus ciníocha

a chomhrac a chuir bac go dtí seo ar rannpháirtíocht iomlán mhná an Lucht Siúil i bPolaitíocht na hÉireann. Soláthrófar é trí oiliúint agus meantóireacht shaincheaptha do rannpháirtithe mná ón Lucht Siúil, agus oiliúint frithchiníochais agus feasachta cultúrtha le haghaidh comhaltaí foirne agus oifigeach i bpáirtithe polaitiúla.

**Eagraíocht: Gheel Autism Services**

**Comhpháirtí:** WALK and ASIAM

**Teideal an Tionscadail:** IMPACT – Inspiring Meaningful & Progressive Autistic Career Progression

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail taighde rannpháirtíochta faoi stiúir piaraí seo ná scrúdú a dhéanamh ar na bacainní a bhíonn os comhair daoine a bhfuil Uathachas orthu chun dul chun cinn sa bhreisoideachas agus fostaíocht, agus chun samhlacha tacaíochta dea-chleachtais a fhorbairt ar féidir aithris a dhéanamh orthu ar fud na tíre.

**Eagraíocht: EPIC**

**Teideal an Tionscadail:** Progressing the Rights of children and youth with disabilities in the care system and aftercare

**Achoimre:** Is é aidhm an tionscadail taighde seo feabhas a chur ar fheasacht agus ar thuiscint páistí agus daoine óga i gcúram atá faoi mhíchumas chun a chinntiú go gcomhlíontar a gcearta i mbeartais agus i gcleachtas agus de réir fhorálacha UNCRPD.

# Aguisín 8: Sonraí 'Do Chearta'

| Foras Cosanta | Na hAchtanna um Stádas Comhionann | Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta | An tAcht Deochanna Meisciúla | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Aois | 35 | 29 | 6 | **70** |
| Stádas Sibhialta | 12 | 5 | 1 | **18** |
| Míchumas | 157 | 94 | 0 | **251** |
| Stádas Teaghlaigh | 12 | 15 | 1 | **28** |
| Inscne | 31 | 39 | 1 | **71** |
| Tithíocht | 26 | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | **26** |
| Cine | 70 | 30 | 5 | **105** |
| Reiligiún | 20 | 8 | 0 | **28** |
| Gnéaschlaonadh | 5 | 3 | 0 | **8** |
| Lucht Siúil | 24 | 0 | 7 | **31** |
| Níor sonraíodh an foras | 53 | 89 | 10 | **152** |
| **Iomlán** | **445** | **312** | **31** | **788** |

| Topaicí Chearta an Duine | Ceisteanna |
|---|---|
| Riaradh Ceartais | 1 |
| Cearta an Linbh | 4 |
| Obair Chuibhiúil/Ceart chun Oibre | 5 |
| Imirce/Athaontú Teaghlaigh/Ceart Fanachta | 38 |
| Príobháideachas, Saol Teaghlaigh, Baile agus Comhfhreagras | 23 |
| An Ceart chun Oideachais | 1 |
| Saoirse Tuairimíochta | 1 |
| Comhionannas/Neamh-idirdhealú | 7 |
| Ginearálta/Ilchineálach | 70 |
| Cosaint Maoine | 2 |
| Saoirse Gluaiseachta | 2 |

| Topaicí Chearta an Duine | Ceisteanna |
|---|---|
| Drochíde Institiúideach san Am atá Caite/Sásamh | 14 |
| Iarrthóirí Tearmainn/Soláthar Díreach | 82 |
| Pionós agus Iompar Mídhaonna agus Táireach | 13 |
| Coinneáil Neamhdhleathach/ Dálaí Coinneála | 13 |
| Gnásanna Córa/Triail Chóir | 24 |
| Easpa Dídine/Tithíocht Shóisialta, Dálaí Maireachtála | 87 |
| Cearta a bhaineann leis an tSláinte, Sláine Colainne | 28 |
| Riaradh Ceartais | 1 |
| Cearta an Linbh | 4 |
| **Iomlán** | **415** |

# Aguisín 9: Monatóireacht ar Chur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

## Forléargas

I mí na Nollag, sheolamar tairseach monatóireachta ar chomhlíontacht chun monatóireacht ar leibhéil comhlíontachta i measc comhlachtaí poiblí a éascú de réir alt 42(2) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

San iomlán, iarradh ar 313 comhlacht poiblí teacht ar an tairseach chun sonraí a bhailigh foireann Dhualgas na hEarnála Poiblí a athbhreithniú. Iarradh ar na comhlachtaí poiblí tuairisc a chur faoinár mbráid tríd an tairseach le haon soiléiriú nó sonraí forlíontacha a bhain lena gcomhlíontacht leis an Dualgas sa bhliain dar chríoch Nollaig 2023.

Bhí sé d'aidhm ag an bpróiseas monatóireachta a chinneadh ar fhoilsigh comhlachtaí poiblí, mar a éilítear le halt 42 den Acht fán gCoimisiún:

- Measúnacht ar chomhionannas agus cearta an duine
- Beartais, pleananna agus gníomhartha atá ar bun nó a bheartaítear a chur ar bun d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sa mheasúnacht sin; agus
- Tuairisc ar fhorbairtí agus ar a bhfuil bainte amach d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Caithfear an fhaisnéis a leagan amach ar mhodh is inrochtana ag an bpobal i bplean straitéiseach (cibé tuairisc atá air) agus tuarascálacha bliantúla na gcomhlachtaí poiblí.

Bhí a measúnacht ar chomhionannas agus cearta an duine curtha i gcrích agus foilsithe ag 56 (18%) de na comhlachtaí poiblí. Chuir 63 (20%) de na comhlachtaí poiblí in iúl gur thug siad faoi mheasúnacht, agus go raibh gníomh glactha acu chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas. Tá 12% ag comhlíonadh alt 42(2) ina iomláine.

Léiríonn an fhaisnéis a chuirtear i láthair sa tuarascáil sin dul chun cinn i measc na gcomhlachtaí poiblí ar a gcomhlíontacht le halt 42(2) den Acht fán gCoimisiún amháin – is é sin an ceanglas go bhfoilseofaí faisnéis ábhartha. Measadh go dtagann 313 comhlacht poiblí faoi raon feidhme alt 42 den Acht fán gCoimisiún, 2014 chun críche na bliana tuairiscithe seo; roinneadh iad ina 14 earnáil théamacha chun críche staitisticec.

## Rátaí iomlán foilsithe

Léirítear i bhFíor 1 go raibh 38 as an 313 comhlacht poiblí ag comhlíonadh a n-oibleagáide faoi alt 42(2) ina hiomláine in 2023, agus gur chomhlíon 26 comhlacht poiblí na hoibleagáidí sin go páirteach sa bhliain sin. Léiríonn sé sin figiúr ceannlíne 20% de chomhlachtaí poiblí a chomhlíon a n-oibleagáidí foilsithe go páirteach nó ina n-iomláine.

Leagadh amach in 88 (28%) aighneacht eile ar an tairseach ó chomhlachtaí poiblí go raibh siad i mbun measúnacht a chríochnú agus/nó ag glacadh beart chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi alt 42.

Bunaítear an stádas foilsitheoireachta i bhFíor 1 ar cibé ar fhoilsigh comhlacht poiblí measúnú, beartais, pleananna, gníomhartha agus tuarascáil um chomhionannas agus cearta an duine mar a éilítear faoi alt 42.

## — Fíor 1

| Earnáil | Líon comhlachtaí poiblí | Foilsithe | | Cuid Díobh Foilsithe | | Níl Siad Foilsithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Líon | % | Líon | % | Líon | % |
| **Foras Cultúrtha** | 16 | 0 | 0 | 1 | 6 | 15 | 94 |
| **Oideachas** | 58 | 4 | 7 | 4 | 7 | 50 | 86 |
| **An Comhshaol agus Fuinneamh** | 12 | 0 | 0 | 1 | 8 | 11 | 92 |
| **Comhlachtaí Airgeadais agus Geilleagracha** | 19 | 4 | 21 | 0 | 0 | 15 | 79 |
| **Roinn Rialtais** | 18 | 5 | 28 | 5 | 28 | 8 | 44 |
| **Sláinte agus Folláine** | 25 | 4 | 16 | 0 | 0 | 21 | 84 |
| **Tithíocht agus Maoin** | 14 | 2 | 14 | 0 | 0 | 12 | 86 |
| **Ceartas agus Cúrsaí Dlí** | 43 | 10 | 23 | 6 | 14 | 27 | 63 |
| **Údarás Áitiúil** | 31 | 3 | 10 | 4 | 13 | 24 | 77 |
| **Gníomhaireacht Stáit Eile** | 25 | 2 | 8 | 3 | 12 | 20 | 80 |
| **Taighde agus Comhairleach** | 9 | 1 | 11 | 1 | 11 | 7 | 78 |
| **Cuideachta Stáit** | 26 | 2 | 8 | 0 | 0 | 24 | 92 |
| **Comhlachtaí Tacaíochta agus Forbartha** | 10 | 1 | 10 | 1 | 10 | 8 | 80 |
| **Comhlachtaí Iompair** | 7 | 0 | 0 | 0 | 0 | 7 | 100 |
| **An Foriomlán:** | **313** | **38** | **12%** | **26** | **8%** | **249** | **80%** |

## Rátaí foilsithe measúnachta ar Chomhionannas agus Cearta an Duine

Léirítear i bhFíor 2 go raibh a measúnacht ar chomhionannas agus cearta an duine curtha i gcrích agus foilsithe ag 56 (18%) de na comhlachtaí poiblí.

**— Fíor 2**

| Earnáil | An líon comhlachtaí poiblí a n-éilítear orthu foilsiú de réir earnáil théamach | Foilsíodh an mheasúnacht riachtanach | |
|---|---|---|---|
| | | Líon | % |
| Foras Cultúrtha | 16 | 1 | 6 |
| Oideachas | 58 | 6 | 10 |
| An Comhshaol agus Fuinneamh | 12 | 1 | 8 |
| Comhlachtaí Airgeadais agus Geilleagracha | 19 | 4 | 21 |
| Roinn Rialtais | 18 | 8 | 44 |
| Sláinte agus Folláine | 25 | 4 | 16 |
| Tithíocht agus Maoin | 14 | 2 | 14 |
| Ceartas agus Cúrsaí Dlí | 43 | 14 | 33 |
| Údarás Áitiúil | 31 | 6 | 19 |
| Gníomhaireacht Stáit Eile | 25 | 5 | 20 |
| Taighde agus Comhairleach | 9 | 1 | 11 |
| Cuideachta Stáit | 26 | 2 | 8 |
| Comhlachtaí Tacaíochta agus Forbartha | 10 | 2 | 20 |
| Comhlachtaí Iompair | 7 | 0 | 0 |
| **An Foriomlán:** | **313** | **56** | **18%** |

## Rátaí foilsithe beartas/pleananna/gníomhartha ar Chomhionannas agus Cearta an Duine

Léirítear i bhFíor 3 gur leag 55 (18%) de na comhlachtaí poiblí amach na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá ar bun nó a bheartaítear a chur ar bun chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a aithnítear sa mheasúnacht in 2023.

**— Fíor 3**

| Earnáil | An líon comhlachtaí poiblí a n-éilítear orthu foilsiú de réir earnáil théamach | Pleananna foilsithe | |
|---|---|---|---|
| | | Líon | % |
| **Foras Cultúrtha** | 16 | 1 | 6 |
| **Oideachas** | 58 | 4 | 7 |
| **An Comhshaol agus Fuinneamh** | 12 | 1 | 8 |
| **Comhlachtaí Airgeadais agus Geilleagracha** | 19 | 4 | 21 |
| **Roinn Rialtais** | 18 | 10 | 56 |
| **Sláinte agus Folláine** | 25 | 4 | 16 |
| **Tithíocht agus Maoin** | 14 | 2 | 14 |
| **Ceartas agus Cúrsaí Dlí** | 43 | 16 | 56 |
| **Údarás Áitiúil** | 31 | 5 | 16 |
| **Gníomhaireacht Stáit Eile** | 25 | 5 | 20 |
| **Taighde agus Comhairleach** | 9 | 1 | 11 |
| **Cuideachta Stáit** | 26 | 2 | 8 |
| **Comhlachtaí Tacaíochta agus Forbartha** | 10 | 2 | 20 |
| **Comhlachtaí Iompair** | 7 | 0 | 0 |
| **An Foriomlán:** | **313** | **55** | **18%** |

## Rátaí foilsithe tuarascála ar Chomhionannas agus Cearta an Duine

Léirítear i bhFíor 4 an figiúr céanna leis an líon iomlán de chomhlachtaí poiblí a chomhlíon a gceanglais foilsithe ina n-iomláine trí thuairisciú ar dhul chun cinn na ngníomhartha foilsithe in 2023.

**— Fíor 4**

| Earnáil | An líon comhlachtaí poiblí a n-éilítear orthu foilsiú imdhealaithe de réir earnála | Tuarascáil foilsithe | |
|---|---|---|---|
| | | Líon | % |
| **Foras Cultúrtha** | 16 | 0 | 0 |
| **Oideachas** | 58 | 4 | 7 |
| **An Comhshaol agus Fuinneamh** | 12 | 0 | 0 |
| **Comhlachtaí Airgeadais agus Geilleagracha** | 19 | 4 | 21 |
| **Roinn Rialtais** | 18 | 5 | 28 |
| **Sláinte agus Folláine** | 25 | 4 | 16 |
| **Tithíocht agus Maoin** | 14 | 2 | 14 |
| **Ceartas agus Cúrsaí Dlí** | 43 | 10 | 23 |
| **Údarás Áitiúil** | 31 | 3 | 10 |
| **Gníomhaireacht Stáit Eile** | 25 | 2 | 8 |
| **Taighde agus Comhairleach** | 9 | 1 | 11 |
| **Cuideachta Stáit** | 26 | 2 | 8 |
| **Comhlachtaí Tacaíochta agus Forbartha** | 10 | 1 | 10 |
| **Comhlachtaí Iompair** | 7 | 0 | 0 |
| **An Foriomlán:** | **313** | **38** | **12%** |

## Miondealú fo-earnála

- Tá 20% de na comhlachtaí faoi choimirce Roinne Rialtais ag comhlíonadh a n-oibleagáidí foilsithe faoi alt 42(2).
- D’fhoilsigh 8% d’institiúidí oideachais tríú leibhéal ina n-iomláine nó go páirteach.
- Rinne 12 (46%) institiúid tríú leibhéal eile aighneachtaí chun tiomantas don Dualgas agus comhionannas agus cearta an duine a léiriú.
- D’fhoilsigh 31% de na Boird Oideachais agus Oiliúna ina n-iomláine nó go páirteach.
- D’fhoilsigh 27% de na comhlachtaí Rialála agus Maoirseachta ina n-iomláine nó go páirteach.

## Struchtúir i bhFeidhm

Chuir 132 comhlacht poiblí faisnéis bhreise ar fáil dúinn. Thug aighneachtaí le fios go raibh struchtúr amháin nó níos mó i bhfeidhm ag comhlachtaí chun tacú le cur i bhfeidhm an Dualgais. Tá sé sin an-soiléir nuair atá meitheal thiomanta don Dualgas ann, plean cur i bhfeidhm don Dualgas, agus foireann shinsearach ainmnithe freagrach as an Dualgas. Tá samplaí anseo thíos den bhonneagar a chuir comhlachtaí poiblí in iúl atá i bhfeidhm chun tacú leo an Dualgas a chur i bhfeidhm.

- Meitheal trasghráid thiomanta;
- Suirbhéanna inmheánacha ar an bhfoireann agus bailiú sonraí comhionannais;
- Iniúchadh ar bheartais agus an Dualgas a chuimsiú i gcreataí beartais nó rialachais;
- Oiliúint faoi ghnóthaí comhionannais agus chearta an duine don lucht bainistíochta;
- Modúl ríomhfhoghlama IHREC curtha i gcrích don fhoireann ar fad;
- Baill foirne shinsearacha ag tabhairt faoi Dhioplóma an Fhorais Riaracháin i gCearta an Duine agus Comhionannas;
- Freagracht sannta ar fhoireann shinsearach;
- Plean cur i bhfeidhm don Dualgas;

- ➔ Oifigigh inrochtaineachta agus comhionannais ceaptha; agus
- ➔ Infheictheacht mhéadaithe de luachanna comhionannais agus chearta an duine trí chainéil cumarsáide agus ábhair bholscaireachta

## Na Príomhthorthaí

Léirítear san fhianaise a bailíodh tríd an bpróiseas seo go bhfuil comhlíonadh Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine teoranta fós. Níor chomhlíon ach 20% (64) de na freagróirí ar fad cuid de na ceanglais, nó iad ar fad, faoi alt 42(2) den Acht fán gCoimisiún, is é sin tabhairt faoi mheasúnacht, gníomhartha atá le cur ar bun de bhua na measúnachta sin a shainaithint, agus tuairisciú ar dhul chun cinn na ngníomhartha sin. Léirítear an cur i bhfeidhm mall i ngach earnáil. Ach tá fianaise ann freisin ó aighneachtaí go bhfuil sé i gceist aghaidh a thabhairt ar chomhlíontacht amach anseo. Tá beagnach leath (48%) de na comhlachtaí poiblí tar éis cuid de na ceanglais foilsithe a chomhlíonadh, nó thug siad sonraí a bpleananna chun an Dualgas a chur i bhfeidhm.

Tá líon mór de chomhlachtaí poiblí ag cur beartais Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe i dtoll a chéile, rud a léiríonn tiomantas a bhfuil fáilte roimhe do phrionsabail an chomhionannais agus chearta an duine ar fud na hearnála poiblí. Ach tá sé tábhachtach go gcoinnítear soiléire faoi na hoibleagáidí reachtúla atá ar chomhlacht poiblí faoi alt 42 den Acht fán gCoimisiún, agus na gníomhartha ábhartha a ghlactar chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Is féidir leis an Dualgas a bheith ina chreat chun beartais Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe a chur i bhfeidhm, ach ní léiríonn na beartais sin go bhfuil comhlacht poiblí ag comhlíonadh cheanglas alt 42 den Acht fán gCoimisiún.

Chláraigh 170 comhlacht poiblí leis an tairseach agus d’úsáid siad í. Tá fianaise ar an tairseach go bhfuil comhlachtaí poiblí ag réiteach chun an Dualgas a chur i bhfeidhm, le 28% de na comhlachtaí poiblí ag léiriú go bhfuil sé i gceist acu dul chun cinn a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm sna míonna amach romhainn nó ina gcéad timthriallta straitéiseacha eile.

**16-22 Sráid na Faiche,**
**Baile Átha Cliath 7, D07 CR20**
16-22 Green Street,
Dublin 7, D07 CR20

**Íosghlao/**Lo-call 1890 245 245
**Guthán/**Phone + 353 (0) 1 858 3000
**Ríomhphost/**Email info@ihrec.ie
**Idirlíon/**Web www.ihrec.ie

@_IHREC /irishhumanrightsequality